

Baile Átha Cliath Theas Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2024-2030



Nollaig 2024



SDCC

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin
County Council

Clár an Ábhair

	Brollaigh	3
1	Réamhrá	4
2	Uaillmhian do Bhaile Átha Cliath Theas	12
3	Forléargas ar an gCreat Beartais	14
4	Próifíl Shocheacnamaíoch	24
5	LSDB	38
6	Torthaí Comhairliúcháin	42
7	Spriocanna, Cuspóirí, Gníomhartha & Torthaí Ardleibhéil	50
8	Plean Feidhmithe	88
9	Aguisíní	114

Trí bheith
ag obair le chéile,
is féidir linn a chinntiú
go ndéileálann an Plean go
héifeachtach le riachtanais
éagsúla ár bpobal agus gnóthaí,
go leagtar amach an treo
d'fhorbairt Bhaile Átha Cliath
Theas mar áit níos fearr
chun cónaí inti, chun
oibriú inti agus chun
infheistiú inti.

Brollach

Déantar cur síos i bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP) 2024-2030 ar fhís uailmhianach don Chontae mar Chontae atá forásach, ionchuimsitheach agus aeráidseasmhach. Sa dara leagan de PÁEP cuirtear le rath an phlean roimhe sin, agus déileáiltear le tosaíochtaí nua agus athraitheacha i ndomhan atá ag athrú de shíor.

Ionas gur féidir leis an PÁEP barr a chumais a bhaint amach, ní mór dúinn tairbhe a bhaint as comhiarrachtaí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, an pobal, an earnáil phríobháideach, eagraíochtaí pobail agus deonacha, soláthraithe oideachais agus oiliúna, agus príomhpháirtithe leasmhara eile a chuireann seirbhísí riachtanacha ar fáil ar fud an Chontae. Trí bheith ag obair le chéile, is féidir linn a chinntiú go ndéileálann an Plean go héifeachtach le riachtanais éagsúla ár bpobal agus gnóthaí, go leagtar amach an treo d'fhorbairt Bhaile Átha Cliath Theas mar áit níos fearr chun cónaí inti, chun oibriú inti agus chun infheistiú inti.

Tá an Plean ailínithe le raon leathan pleananna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, rud a chinntíonn go dtacaíonn sé le agus go gcuireann sé le straitéisí atá bunaithe cheana féin. Ag leibhéal náisiúnta, tá an Plean ailínithe le Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) 2018, an Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide. Go réigiúnach, tá fianaise le fáil sa Phlean ar spriocanna Straitéis Réigiúnach Spásúlachta & Gheilleagrach (SRSG) 2019-2031 Chomhthionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre.

Ag leibhéal áitiúil, tacaíonn PÁEP le Plean Forbartha Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2022-2028, Plean Forbartha OFÁ 2021-2024, Straitéis Aoisbhách 2020-2024, agus Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath Theas 2024-2029. Cinntíonn ailíniú an Phlean cur chuige comhtháite maidir le forbairt, dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide agus leabú Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe mar chreat bunúsach, leathan.

Déantar cur síos sa Phlean ar fhís don Chontae ina gcuimsítear spriocanna agus cuspóirí soiléire d'fhorbairt eacnamaíoch, cosúil le poist a chruthú, tacú le gnóthaí seanbhunaithe agus an geilleagar áitiúil a threisiú. I dteannta leis na spriocanna eacnamaíocha, leagtar béim sa Phlean ar fhorbairt pobail, dírtear ar ionchuimsiú sóisialta, tacú le rannpháirtíocht ghníomhach agus le rannpháirtíocht shibhialta, tacú le folláine fhisiciúil agus mheabhairshláinte, agus pobail chomhoibritheacha agus nasctha a chothabháil.

Tá an Plean uailmhianach ach indéanta. Ag tacú leis an bPlean tá Plean Feidhmithe ina dtarraingítear aird ar ghníomhartha sonracha atá le seachadadh laistigh den chéad dhá bhliain. Cinnteoidh na gníomhartha seo go ndéanfar dul chun cinn intomhaiste i réimsí eacnamaíocha agus pobail, agus go mbeidh béim shoiléir á leagan ar Chontae Bhaile Átha Theas atá bríomhar, ionchuimsitheach agus inrochtana a chruthú.

Bhí ról ríthábhachtach ag comhairliúchán poiblí fairsing i múnú an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP) seo. Sholáthair baill den phobal, grúpaí gnó agus príomhpháirtithe leasmhara eile léargas luachmhar, agus cinntíodh go léirítear sa Phlean, go cruinn, na riachtanais agus na hardaidhmeanna do Bhaile Átha Cliath Theas.

Tá buíochas ar leith tuillte ag na Baill Tofa, Grúpa Stiúrtha Comhairleach PÁEP, an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil agus Coiste um Beartas Straitéiseach na Forbartha Eacnamaíche agus Fiontar, a d'fhorbair an Plean seo. Beidh a dtreoir agus saineolas siúd riachtanach chun maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn PÁEP i rith a thréimhse sé bliana.

Tá Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ag súil le bheith ag obair i dteannta lena comhpháirtithe eacnamaíocha agus pobail, chun na spriocanna agus na cuspóirí atá sonraithe in PÁEP a chomhlíonadh. I dteannta a chéile, leanfaimid ar aghaidh le Baile Átha Cliath Theas a fhorbairt mar Chontae forásach, bríomhar agus nuálach atá mealltach, ionchuimsitheach agus inrochtana do chách. Tríd an méid sin a dhéanamh, tá sé mar aidhm againn a chinntiú gurb é Baile Átha Cliath Theas, an t-údarás áitiúil is nuálaí agus is solúbtha in Éirinn, agus tacú lenár ngealltanais maidir le pobal aeráidseasmhach, inbhuanaithe a chruthú a fheidhmíonn mar shamhail do phobail eile amach anseo.

1

Réamhrá



1.1 Dréachtphlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Bhaile Átha Cliath Theas 2024-2030

Is ionann an doiciméad seo agus Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) nua Bhaile Átha Cliath Theas don tréimhse 2024-2030. Comhlíonann an PÁEP nua seo na ceanglais atá leagtha amach in Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, agus forbraíodh é de réir na treorach atá leagtha amach i dTreoirilínte Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2021.

Is plean comhtháite é Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Bhaile Átha Cliath Theas 2024-2030 a threorídh forbairt eacnamaíochta agus pobail an Chontae as seo go ceann 6 bliana. Tríd an méid sin a dhéanamh, déanfar iarracht cabhrú le Contae atá rachmasach, inbhuanaithe agus ionchuimsitheach a chruthú, ina mbaineann daoine tairbhe as caighdeán saoil den chéad scoth.

D'ullmhaigh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas an PÁEP i gcomhar le Coiste um Beartas Straitéiseach (CBS) Bhaile Átha Cliath Theas don Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) um Fhorbairt Eacnamaíochta, Fiontar agus Turasóireacht. Bhí an PÁEP bunaithe ar chomhairliúchán fairsing le pobail ar fud Bhaile Átha Cliath Theas, an earnáil phríobháideach, soláthraithe oideachais agus oiliúna, gníomhaireachtaí rialtais, ranna rialtais agus príomhpháirtithe leasmhara eile. Chomh maith leis sin, cuireadh éachtaí agus ceachtanna a foghlaimíodh ó PÁEP 2016-2021 Bhaile Átha Cliath Theas san áireamh nuair a bhí an plean seo á fhorbairt.

San áireamh sa PÁEP tá spriocanna, cuspóirí agus torthaí ardleibhéil don tréimhse 6 bliana (Creat PÁEP a thugtar ar na gnéithe seo i dteannta a chéile). I gcodarsnacht leis na leaganacha roimhe seo de PÁEPanna, anois glactar leis na gníomhartha mar chuid de Phlean Feidhmithe dhá bhliain mionsonraithe ina sainaithnítear úinéirí gníomhartha agus Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) chun cabhrú le monatóireacht agus le meastóireacht. Forbrófar Plean Feidhmithe athbhreithnithe agus nuashonraithe do gach tréimhse dhá bhliain ina dhiaidh sin suas go dtí 2030, chun léargas a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh agus chun cuntas a dhéanamh de bheartais agus de chlár nua.



Tá an Plean ailínithe go hiomlán le agus tacaíonn sé le straitéisí seanbhunaithe ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Ag leibhéal áitiúil, cuimsítear ann Plean Forbartha OFÁ 2021 - 2024, Straitéis Aoisbhách 2020 – 2024 agus Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2024 – 2029. Chomh maith leis sin, tá an Plean ailínithe go hiomlán leis an bPlean Forbartha Contae, le Straitéis Réigiúnach Spásúlachta & Gheilleagrach (SRSG) 2019-2031 Chomhthionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (SRSG CROL) agus le pleananna náisiúnta cosúil le Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) 2018, agus Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 agus Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024. Lena chois sin, i bhfianaise na géarchéime aeráide reatha, príomhbheartas leathan den PÁEP a bheidh i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe NA a bheidh mar bhonn leis an bplean nua chun a chinntiú go bhfuil inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide ag croílár fhorbairt Bhaile Átha Cliath Theas amach anseo.


Profáladh na spriocanna, cuspóirí, torthaí agus gníomhartha ardleibhéil, i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara, chun a chinntiú gur léiríodh iontu agus gur dhéileáil siad le tosaíochtaí leathana na hinbhuanaitheachta, an chomhionannais, na bochtaineachta, na tuaithe, na haoise agus an mhíchumais, mar atá sonraithe i dtreoirilínte PÁEP.

Tá iarracht mhór déanta chun a chinntiú go bhfuil Dualgas na hEarnála Poiblí á chomhlíonadh ag an PÁEP agus ag an gcéad Phlean Feidhmithe agus ag na PTFanna gaolmhara. Ní mór go mbeadh Dualgas na hEarnála Poiblí á chomhlíonadh ag pleananna feidhmithe breise agus ag an tuairisciú maidir le cur chun feidhme PÁEP freisin. Tá measúnú déanta ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine laistigh de Bhaile Átha Cliath Theas agus tá úsáid bainte astu chun saincheisteanna ábhartha a bhunú.

1.2 Cuspóir an doiciméid seo

Tá na caibidlí seo a leanas le fáil sa doiciméad seo (PÁEP Bhaile Átha Cliath Theas):

- Uaillmhian do Bhaile Átha Cliath Theas forbartha bunaithe ar thuairimí agus ar aiseolas a cuireadh ar fáil i rith an phróisis chomhairliúcháin ina léirítear fíis don todhchaí a chuir pobal agus leasanna gnó Bhaile Átha Cliath Theas chun cinn, mar aon le heagraíochtaí earnála poiblí éagsúla atá ag feidhmiú laistigh den Chontae. (Caibidil 2)
- Achoimre ar na príomhstraitéisí agus pleananna a bhfuil an PÁEP ag tacú leis, bunaithe air agus ailínithe le ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. (Caibidil 3)
- Achoimre ar na príomhthorthaí ón anailís shocheacnamaíoch ar an gContae, i réimsí cosúil le déimeagrafaic, an geilleagar, tithíocht, pobal agus an timpeallacht. (Caibidil 4)
- Anailís ar phríomhláidreachtaí, srianta, deiseanna agus bagairtí (Anailís LSDB) an Chontae de réir mar a bheidh Baile Átha Cliath Theas ag díriú ar an mbliain 2030. (Caibidil 5)
- Forléargas ar an bpróiseas comhairliúcháin le faisnéis maidir leis an gcomhairliúchán a rinneadh agus príomhthorthaí sainaitheanta ón anailís bunaithe ar théama. (Caibidil 6)
- Spriocanna, cuspóirí agus torthaí ardleibhéil don tréimhse 6 bliana idir 2024-2030 a forbraíodh bunaithe ar thorthaí na hanailíse agus an chomhairliúcháin. (Caibidil 7)
- Plean feidhmithe tosaigh 2 bhliain ina ndéantar cur síos ar ghníomhartha sonracha (i dteannta le húinéirí gnímh agus PTFanna) chun cabhrú le spriocanna, cuspóirí agus torthaí ardleibhéil a chomhlíonadh, mar aon le forléargas ar an gcur chuige i ndáil le monatóireachta agus meastóireacht a dhéanamh ar an bplean nua. (Caibidil 8)




1.3 Formáid PÁEP

Forbraíodh PÁEP Bhaile Átha Cliath Theas de réir na teorach a leagadh amach i dTreoirínte Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2021 (fíor 1.1). Tá dhá ghné ar leith sa PÁEP.

Seo a leanas an dá ghné atá i gceist:

- **Creat PÁEP** don tréimhse 2024-2030, ina gcuimsítear na spriocanna, cuspóirí agus torthaí ardleibhéil. Bunaíonn na spriocanna ardleibhéil treo straitéiseach PÁEP Bhaile Átha Cliath Theas i ndáil le gnéithe eacnamaíocha agus pobail; sainaithníonn na cuspóirí réimsí níos sonraí nach mór déileáil leo; agus sainaithníonn na torthaí inmhianaithe na príomhspríocanna don tréimhse 6 bliana.
- Cuimsítear sa **Phlean Feidhmithe**, Plean do thréimhse 2 bhliain ar dtús, na gníomhartha agus na PTFanna a chabhróidh linn chun na spriocanna, cuspóirí agus torthaí do Bhaile Átha Cliath Theas a chomhlíonadh. Déanfar an Plean Feidhmithe a athbhreithniú agus a leasú uair amháin gach 2 bhliain.

Is forbairt dhearfach é an t-athrú ar fhormáid an phróisis PÁEP a sholáthraíonn breis solúbthachta ionas gur féidir leis an bPlean dul in oiriúint chun déileáil le saincheisteanna agus le riachtanais nua a thagann chun cinn sa tréimhse 6 bliana. Chomh maith leis sin, cuireann sé ar chumas Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas gníomhartha a shainaithint nach bhfuil á gcur chun cinn nó nach bhfuil an tionchar a rabhtas ag súil leis acu agus gníomhartha nua a bhunú ina n-áit atá níos oiriúnaí do riachtanais an Chontae i bpleananna feidhmithe ina dhiaidh sin. Beidh ról lárnach ag monatóireacht agus meastóireacht shoiléir, bheacht agus rialta ar ghníomhartha PÁEP chomh fada is a bhaineann le tairbhe a bhaint as an tsolúbthacht feabhsaithe seo agus rath foriomlán an Phlean.



Fíor 1.1: Creat agus Plean Feidhmithe PÁEP

1.4 Ullmhú an Phlean

Forbraíodh an Plean mar thoradh ar na céimeanna seo a leanas:

- 1. Ullmhú** – Ba í an chéad chéim d'fhorbairt PÁEP nua Bhaile Átha Cliath Theas tiomsú agus anailís ar shonraí socheacnamaíocha ó fhoinsí ábhartha (e.g., sonraí POS) agus athbhreithniú ar bheartais agus ar straitéisí atá bunaithe cheana féin a bhaineann le comhthéacs agus le hailíniú an Phlean. Ansin úsáideadh an fhaisnéis sin chun Ráiteas Socheacnamaíoch a fhorbairt a raibh cúig dhréachtspríoc ardleibhéil ann. Ansin cuireadh an Ráiteas Socheacnamaíoch ar fáil chun críche comhairliúcháin phoiblí chun plé agus smaointe a spreagadh don PÁEP nua.
- 2. Comhairliúchán** – I rith na céime seo réachtáladh raon imeachtaí comhairliúcháin leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara. San áireamh bhí suirbhéanna ar líne (an earnáil pobail agus gnó), ceardlanna agus roinnt agallamh le príomhpháirtithe leasmhara. Fuarthas tuairimí, smaointe agus moltaí ón bpobal, grúpaí ionadaíocha pobail, rialtas áitiúil, gníomhaireachtaí stáit, soláthraithe oideachais agus an earnáil phríobháideach. I ndiaidh críoch a chur leis an gcéad bhabhta dianchomhairliúcháin, rinneadh athbhreithniú ar na dréachtspríocanna ardleibhéil chun léargas a thabhairt ar thuairimí an phobail, na hearnála príobháidí agus príomhpháirtithe leasmhara eile.
- 3. Forbairt Cuspóirí, Torthaí agus Gníomhartha** – I rith na tríú céime, forbraíodh na cuspóirí agus na torthaí don tréimhse 6 bliana mar aon leis na gníomhartha don phlean feidhmithe tosaigh 2 bhliain. Forbraíodh na gnéithe sin bunaithe ar na torthaí ón anailís a rinneadh ar shonraí agus ar an bpróiseas comhairliúcháin a cuireadh i gcrích i rith chéim 2. Bhí siad bunaithe freisin ar an dara tréimhse chomhairliúcháin ghearr a réachtáladh le príomhpháirtithe leasmhara. Chuathas i gcomhairle arís le húnéirí gníomhartha molta/gníomhaireachtaí cumasúcháin maidir leis na cuspóirí, torthaí agus gníomhartha chun a chinntiú go raibh daoine ag aontú leo agus go raibh tuairimí agus uailmhian á n-ailíniú. Seiceáladh na spríocanna, cuspóirí, torthaí agus gníomhartha chun a chinntiú gur chlúdaigh siad na tosaíochtaí leathana seo a leanas - inbhuanaitheacht, comhionannas, bochtaineacht, tuaithe, aois agus míchumas - a raibh cur síos déanta orthu i dtreoirilínte PÁEP, agus chun críche ailínithe a chinntiú le beartas áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.
- 4. Críoch** a chur leis an bPlean – I ndiaidh na gCuspóirí, na dTorthaí agus na nGníomhartha a fhaomhadh, lorgaíodh ionchur ó Choiste an Chomhthionóil Réigiúnaigh agus ón gCoiste Ceantair agus cuireadh san áireamh iad i nDréacht-PÁEP. Cuireadh tuarascáil maidir le Scagadh Measúnachta Straitéisí Timpeallachta agus tuarascáil maidir le Scagadh Measúnachta Cuí i gcrích freisin nuair a bhí an obair ar an dréachtplean críochnaithe. Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean agus cuireadh an Plean i gcrích nuair a bhí aiseolas faighte. Ina dhiaidh sin, d'fhaomh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas PÁEP nua Bhaile Átha Cliath Theas ar an 09/12/2024.



I ndiaidh na gCuspóirí, na dTorthaí agus na nGníomhartha a fhaomhadh, lorgaíodh ionchur ó Choiste an Chomhthionóil Réigiúnaigh agus ón gCoiste Ceantair agus cuireadh san áireamh iad i nDréacht-PÁEP.

1.5 Freagrachtaí a bhaineann leis an PÁEP a fhorbairt

Ainneoin go ndearnadh comhairliúchán suntasach leis an earnáil pobail agus phríobháideach nuair a bhí an PÁEP nua á fhorbairt, de réir agus thar Threoirlínte PÁEP fiú, sannadh na freagrachtaí seo a leanas i ndáil le forbairt an Phlean:

- Grúpa Stiúrtha Comhairleach (GSC) PÁEP Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas: Sholáthair an GSC maoirseacht i ndáil le forbairt fhoriomlán PÁEP.
- Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ): Bhí an CFPÁ freagrach as gnéithe pobail PÁEP a ullmhú.
- Coiste um Beartas Straitéiseach (CBS) - Forbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireacht: Bhí an CBS freagrach as gnéithe eacnamaíocha PÁEP a ullmhú.
- An Comhthionól Réigiúnach: Chuathas i gcomhairle le Comhthionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre chun ionchur a fháil ar mhaithe le comhsheasmhacht agus ailíniú le Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach 2019-2031 (SRSG) a chinntiú.

1.6 Cur Chuige Comhtháite agus Comhoibríoch

Sa PÁEP clúdaítear forbairt pobail agus eacnamaíoch de réir mar a cheanglaíonn treoirlínte PÁEP. I gcodarsnacht leis an leagan roimhe seo, áfach, níl na gnéithe pobail agus eacnamaíocha roinnte i gcodanna difriúla. Seachas sin, forbraíodh na spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha trí úsáid a bhaint as cur chuige comhtháite a léiríonn nádúr leathan agus idirnasctha na forbairt eacnamaíche agus na folláine pobail.

D'fhorbair agus cheadaigh CFPÁ Bhaile Átha Theas **gnéithe pobail** an Phlean. San áireamh ann tá spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha a bhaineann le hionchuimsiú, iompar poiblí, folláine agus sláinte, oideachas agus oiliúint, míbhuntáiste sóisialta, coireacht, an earnáil chultúir agus chruthaitheach agus inbhuanaitheacht, a fheabhsú. D'fhorbair agus d'fhaomh CBS Bhaile Átha Cliath Theas - Forbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireacht, na **gnéithe eacnamaíocha**. Cuimsítear ann spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha a bhaineann leis an timpeallacht ghnó, athghiniúint uirbeach agus tuaithe, infheistiúocht a mhealladh, míbhuntáiste sóisialta, oiliúint agus scileanna, tacú le gnóthaí atá bunaithe cheana féin agus forbairt na turasóireachta inbhuanaithe.

Mar atá mínithe sna caibidlí ina dhiaidh seo, forbraíodh an PÁEP nua mar phlean comhroinnte a éileoidh comhoibriú idir príomhpháirtithe leasmhara as earnálacha difriúla ionas go mbeidh rath air. San áireamh beidh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, an pobal, an earnáil phríobháideach, grúpaí pobail agus deonacha, soláthraithe oideachais agus oiliúna, agus príomhpháirtithe leasmhara eile a chuireann seirbhísí riachtanacha ar fáil sa Chontae. Is trí chomhiarracht a éireoidh leis an bplean seo déileáil le riachtanais an phobail ar fad agus gnóthaí, agus an Contae a fheabhsú mar áit chun cónaí inti, chun oibriú inti agus chun infheistiú inti.



1.7 Stádas Sáraitheach an Phlean

Ionas gur féidir an plean seo a chur chun feidhme beidh ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas páirtithe leasmhara a éascú, a chur chun cinn, tacú leo agus iad a chomhordú fad is atá a gcuid gníomhaíochtaí á gcur i gcrích acu ar bhealach atá comhsheasmhach le pleananna reatha agus nua ina leagtar amach beartas poiblí d'fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear forbairt a bhaineann leis an ngeilleagar, pobail, bonneagar, turasóireacht talamhúsáide, agus cosaint an chomhshaoil agus bainistíocht comhshaoil.

Tá an Plean seo á chur i bhfeidhm taobh leis an ordlathas seo de dhoiciméid reachtúla a bhí faoi réir measúnacht/scagadh comhshaoil, de réir mar is cuí, agus glactar leis mar chreat cinnteoireachta agus ceadaithe toilithe. Ní sholáthraíonn an Plean toiliú ná ní bhunaíonn sé creat chun toiliú a cheadú agus ní bheidh sé ceangailteach i ndáil le haon chinneadh a bhaineann le toiliú a cheadú.

Mar a luadh roimhe seo, tá an Plean ailínithe go hiomlán leis an gCreat Náisiúnta Pleanála reatha, Éire 2040, an Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023, an Plean Náisiúnta Nua um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024, Tithíocht do Chách 2021, Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach 2020-2032 agus an Plean Forbartha Contae reatha, a raibh siad uile faoi réir ceanglas reachtúil a bhaineann le comhairliúchán poiblí agus measúnacht/scagadh timpeallachta do mheasúnacht timpeallachta. Dá réir sin, tá an Plean iomlán faoi réir cheanglais na bhforálacha a leagadh amach sna doiciméid seo, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le forbairt inbhuanaithe, cosaint an chomhshaoil agus bainistíocht comhshaoil atá comhtháite sna doiciméid seo, lena n-áirítear trí phróisis MST agus MC, agus ní bhunaítear aon athrú nó ar rud sa bhreis atá le cur leis na forálacha seo.

Ionas gur féidir a leithéid a dhéanamh, ní mór go mbeadh tionscadail atá san áireamh sa phlean seo (cosúil le tionscadail eile ó aon earnáil eile) ag comhlíonadh le, de réir mar is ábhartha, reachtaíocht, beartais, pleananna agus clár éagsúla (lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le Measúnacht Chuí, Measúnacht Tionchair Timpeallachta ag leibhéal níos ísle agus ceanglais cheadúnaithe eile de réir mar is cuí) arb ionann iad agus an creat cinnteoireachta agus ceadaithe toilithe. Foráil shonrach den Phlean is ea a chinntiú go bhfuil na forálacha ar fad ón bPlean Forbartha Contae atá sainaitheanta mar mhaolú sa Scagadh tionlacain do thuarascálacha MST agus MC á gcomhlíonadh i rith thréimhse feidhmithe an Phlean seo.

“Is trí chomhiarracht a éireoidh leis an bplean seo déileáil le riachtanais an phobail ar fad agus gnóthaí, agus an Contae a fheabhsú mar áit chun cónaí inti, chun oibriú inti agus chun infheistiú inti.”

2

Uaillmhian do Bhaile Átha Cliath Theas



2.1 Uaillmhian do Bhaile Átha Cliath Theas

Ciallaíonn feidhm fhairsing an PÁEP go bhfuil an fhéidearthacht aige tionchar dearfach a imirt ar gach duine atá ag obair, ag maireachtáil agus ag tabhairt cuairt ar an gContae. Dá réir sin, deis ba ea forbairt an PÁEP chun uaillmhian a shonrú don Chontae agus d'fhorbairt an Chontae as seo go ceann roinnt blianta. Tá an uaillmhian, atá mínithe thíos, bunaithe ar an tuiscint a fuarthas ón taighde a rinneadh nuair a bhí an PÁEP seo á fhorbairt agus níos tábhachtaí fós, ar na tuairimí a cuireadh ar fáil i rith an phróisis chomhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara, an pobal agus an earnáil phríobháideach. Tá sé bunaithe ar bhonnraith láidir agus tá léargas le fáil ann ar an méid atá ag tarlú i ndáiríre.

Agus torthaí ón anailís agus ón gcomhairliúchán á gcur san áireamh, forbraíodh an uaillmhian seo a leanas:

Chun **caighdeán saoil** agus **ionchais eacnamaíocha a chónaitheoirí** (go háirithe iad siúd i ngrúpaí sainaitheanta) a fheabhsú, agus a **dtionchar comhshaoil** a laghdú, beidh Baile Átha Cliath Theas ag feidhmiú mar an ceantar Údaráis Áitiúil is **nuálaí** agus is **solúbtha** in Éirinn.

Soláthraíonn an uaillmhian cosán aontaithe chun machnamh a dhéanamh ar an tslí a bhfuil go leor de na spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha idirnasctha, agus, i gcásanna áirithe, idirspleách, agus ag cur le folláine an gheilleagair agus an phobail.



3

Forléargas ar an gCreat Beartais



3.1 Forléargas ar an mBeartas – Comhthéacs agus Tuiscint

Sa rannóg seo soláthraítear forléargas gonta ar chuid de na príomhbheartais ag leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a bhfuil tionchar acu ar fhorbairt Bhaile Átha Cliath Theas agus a mbeidh an PÁEP nua ailínithe leo. Bunaithe ar an tábhacht a bhaineann le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe NA i ndáil leis an bplean, cuirtear níos mó sonraí maidir leis na PFIanna ar fáil thíos. Cabhróidh na beartais seo linn chun treo an PÁEP seo a bhunú agus a rianú mar aon leis na príomhghnéithe a bhaineann le spriocanna, cuspóirí, torthaí agus gníomhartha inmhianaithe (figiúr 3.1).

Bunaithe ar an athbhreithniú ar bheartais agus ar straitéisí ábhartha, i measc cuid de na príomhréimsí ar féidir le Baile Átha Cliath Theas tairbhe a bhaint astu agus ailíniú leo tá:

Pobal

- Caighdeán saoil a chur ar fáil trí fhás dlúth agus inbhuanaithe lonnaíochtaí, seirbhísí gaolmhara agus taitneamhachtaí. A chinntiú go bhfuil pobail á gcruthú seachas eastáit tithíochta mhóra.
- Pobail áitiúla a threisiú chun cabhrú le míbhuntáiste sóisialta a iompú droim ar ais agus déileáil leis.
- Timpeallacht a sholáthar a bhíonn mar bhonn le sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte feabhsaithe cónaitheoirí.

Eacnamaíoch

- Fás agus éagsúlú eacnamaíoch a ghiniúint, lena n-áirítear trí thacú le cruthú FBM agus micreaghnothaí.
- Dlús a chur le forbairt bonneagair chun tacú le hearnálacha fostaíochta atá ag forbairt.
- Fás daonra a spreagadh i lonnaíochtaí de gach méid, a bhfuil cruthú poist agus deiseanna fostaíochta feabhsaithe ag tacú leis.



Fíor 3.1: *Príomhghnéithe den PÁEP*

3.2 Beartas Idirnáisiúnta

Clár Oibre 2030 – 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe NA

Soláthraíonn Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, ar ghlac gach Ballstát de na Náisiúin Aontaithe leis in 2015, treoiphrlean comhroinnte do shíocháin agus do rathúnas daoine agus an phláinéid, anois agus amach anseo. Ag an gcroílár tá 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIInna), gairm phráinneach chun gnímh atá á déanamh ag gach tír - forbartha agus i mbéal forbartha - i gcomhpháirtíocht dhomhanda. Tuigeann siad nach mór deireadh a chur le bochtaineacht agus míbhuntáistí eile trí straitéisí a fheabhsaíonn sláinte agus oideachas, a laghdaíonn éagothroime agus a spreagann fás eacnamaíoch – agus ag an am céanna a théann i ngleic leis an athrú aeráide agus a oibríonn chun an timpeallacht nádúrtha agus an bhithéagsúlacht a chaomhnú.

Is iad seo a leanas na SFIInna: 1 Díothú na Bochtaineachta; 2 Díothú an Ocras; 3 Sláinte Mhaith agus Dea-bhail; 4 Oideachas ar Ardchaighdeán; 5 Comhionannas Inscne; 6 Uisce Glan agus Sláintíocht; 7 Fuinneamh Glan Inacmhainne; 8 Obair Chuibhiúil agus Fás Eacnamaíoch; 9 Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar; 10 Neamhionannais Laghdaithe; 11 Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe; 12 Patrún Freagrach Tomhaltais agus Táirgeachta; 13 Gníomhaíocht ar son na hAeráide; 14 Beatha Faoi Uisce; 15 Beathra ar Talamh; 16 Síocháin, Ceartas agus Institiúidí Láidre; agus 17 Comhpháirtíochtaí ar mhaithe leis na Spriocanna.

As an 17 SFI atá mínithe i gClár Oibre 2030, tá roinnt ailínithe go láidir le sprioc agus le cuspóirí Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Bhaile Átha Cliath Theas lena n-áirítear:



SFI 10: Neamhionannais Laghdaithe

Mar a léirítear in Innéacs Díothachta Pobal, tá ceantair mhóra rachmasacha agus ceantair mhóra de mhíbhuntáiste sóisialta i mBaile Átha Cliath Theas. Is míbhuntáiste idirghlúine é go leor den mhíbhuntáiste i mBaile Átha Cliath Theas. Tá príomhbhéim á leagan in PÁEP ar dheireadh a chur leis an timthriall sin de mhíbhuntáiste sóisialta idirghlúine agus bealach níos éasca a sholáthar chun dul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch a dhéanamh.



SFI 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe

Príomhchuspóirí de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe é cathracha, bailte, sráidbhailte agus pobail a chruthú atá sábháilte, ionchuimsitheach, athléimneach agus inbhuanaithe. Tá na cuspóirí sin ailínithe go dlúth leis na cuspóirí atá le fáil i mbeartas pleanála spásúlachta na hÉireann. Tá príomhról sa SFI seo ag rochtain ar sheirbhísí ar ardchaighdeán a chinntiú, naisc eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil dhearfacha a chruthú agus tá fianaise orthu le fáil in PÁEP nua Bhaile Átha Cliath Theas.



SFI 8: Obair Chuibhiúil agus Fás Eacnamaíoch

Ar aon dul le SFI 11, tá tacú le fás eacnamaíoch leanúnach, ionchuimsitheach agus fostaíocht fhiúntach do gach duine ailínithe go dlúth le cuspóirí an PÁEP seo. Tá ról lárnach ag eacnamaíocht éagsúil a chruthú, fostaíocht iomlán agus tháirgiúil agus obair chuibhiúil i mbeartas pleanála reatha Bhaile Átha Cliath Theas agus bhí an rud céanna fíor faoi bheartas pleanála roimhe seo freisin.



SFI 13: Gníomhaíocht ar son na hAeráide

Tá práinn agus scála na gníomhaíochta ar son na haeráide ag dul i méid an t-am ar fad. Chuir paindéim Covid-19 agus srianta sláinte poiblí ina dhiaidh sin beocht faoinár dtuiscint ar luach na timpeallachta nádúrtha agus sholáthair sé deis iontach dúinn chun gníomh práinneach a dhéanamh chun an t-athrú aeráide a chomhrac - trínár ngníomhartha, ár rialtais, ár n-institiúidí agus ár mbeartais.

3.3 Beartas Náisiúnta

Tionscadal Éireann 2040

Creat Náisiúnta Pleanála

Tá sé mar aidhm leis an gCreat Náisiúnta Pleanála (CNP) fás agus forbairt in Éirinn a mhúnlú thar thréimhse 17 mbliana go dtí an bhliain 2040. Tá an CNP bunaithe ar cheachtanna a foghlaimíodh i Straitéis Spásúlachta Náisiúnta 2002-2020 agus soláthraítear creat d'fhorbairt inbhuanaithe na lonnaithe atá le fáil in Éirinn cheana féin, mar rogha mhalartach seachas cur chuige “gnó mar is gnách” neamhchomhordaithe maidir le forbairt. Mar dhoiciméad creata, leagtar amach ann an próiseas nach mór do dhoiciméid phleanála níos mionsonraithe a leanúint, lena n-áirítear an SRSG agus na Pleananna Forbartha Contae ábhartha. Chomh maith leis sin, tá raon Cuspóirí Beartais Náisiúnta (CBNanna) le fáil sa Straitéis a sholáthraíonn comhthéacs níos ginearálta chun díriú ar fhás ar fud na tíre amach anseo.

Plean Forbartha Náisiúnta 2021 - 2030

Sonraítear i bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2021 - 2030 (PFN) na tosaíochtaí infheistíochta a bheidh mar bhonn le cur chun feidhme an Chreata Náisiúnta Pleanála mar chuid de Thionscadal Éireann 2040. Trí infheistíocht iomlán de €165 billiún, tá sé mar aidhm leis an leibhéal seo de chaiteachas caipitil forbairt réigiúnach thrasearnála agus infheistíocht phoiblí leanúnach a chinntiú. Tá céatadán mór den infheistíocht seo dírithe ar mhórhionscadail bhonneagair náisiúnta a bhaineann le soghluaisteacht inbhuanaithe, nascacht idirnáisiúnta agus réigiúnach, aistrithe go dtí geilleagar ísealcharbóin agus aeráidseasmhach, dlúthfhás, taitneamhacht agus oidhreacht feabhsaithe, agus rudaí eile nach iad.

3.4 Beartas Réigiúnach

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach do CROL

Soláthraíonn SRSG (2019-2031) do Chomhthionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre creat uileghabhálach chun forbairt a dhéanamh agus ag an am céanna réigiún inbhuanaithe agus iomaíoch a chruthú. Is í an phríomhaidhm atá le SRSG tacú le seachadadh an chláir athraithe atá leagtha amach i dTionscadal Éireann 2040 - an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 (PFN). Tríd an méid sin a dhéanamh, déantar iarracht a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine ar thithíocht ar ardchaighdeán, taisteal agus deiseanna fostaíochta. Mar shraith réigiúnach den phróiseas pleanála náisiúnta, cinnteoidh sé comhordú idir Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae (PFCC) agus Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) na naoi n-údarás áitiúil sa Réigiún chun cuspóirí Thionscadal Éireann 2040 a chomhlíonadh.



Cuirfear SRSG i gcrích trí mhaoiniú Eorpach agus Náisiúnta a chur ar fáil a chabhróidh chun na torthaí straitéiseacha atá sonraithe sa Straitéis a chomhlíonadh. Chun ordlathas beartais comhtháite a leabú agus chun a chinntiú go bhfuil infheistíocht a dhéanfar amach anseo dírithe ar chuspóirí beartais sainaitheanta, tá na 16 Toradh Straitéiseacha Réigiúnacha (TSRanna) ailínithe le (tábla 3.1);

- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe NA,
- Cuspóirí téamacha AE, agus
- Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (TSNanna) CPN

Chomh maith leis sin, tá na 16 TSRanna crostagartha agus ailínithe le 3 phríomhphrionsabal - comhfhorbairt áite shláintiúil, gníomhú ar son na haeráide agus deis eacnamaíoch.

Torthaí Straitéiseacha Réigiúnacha	Ailíniú príomhphrionsabail
1. Patrúin lonnaithe inbhuanaithe	Comhfhorbairt áite shláintiúil
2. Dlúthfhás agus athghiniúint uirbeach	Comhfhorbairt áite shláintiúil
3. Pobail tuaithe	Comhfhorbairt áite shláintiúil
4. Pobail shláintiúla	Comhfhorbairt áite shláintiúil
5. Áiteanna cruthaitheacha	Comhfhorbairt áite shláintiúil
6. Iompar agus talamhúsáid chomhtháite	Gníomhú ar son na haeráide
7. Bainistíocht inbhuanaithe uisce, dramhaíola agus acmhainní comhshaoil eile	Gníomhú ar son na haeráide
8. Aeráidseasmhacht a fhorbairt	Gníomhú ar son na haeráide
9. Tacú leis an aistriú go dtí fuinneamh ísealcharbóin agus glan	Gníomhú ar son na haeráide
10. Bonneagar glas feabhsaithe	Gníomhú ar son na haeráide
11. Bithéagsúlacht agus oidhreacht nádúrtha	Gníomhú ar son na haeráide
12. Geilleagar láidir a bhfuil fiontar agus nuálaíocht ag tacú leis	Deis eacnamaíoch
13. Scileanna oideachais agus ionchuimsiú sóisialta a fheabhsú	Deis eacnamaíoch
14. Réigiún cathrach domhanda	Deis eacnamaíoch
15. Nascacht straitéiseach feabhsaithe	Deis eacnamaíoch
16. Ardán comhoibrithe	Deis eacnamaíoch

Tábla 3.1 Torthaí Straitéiseacha Réigiúnacha SRSG CROL



Plean Straitéiseach Chathair Bhaile Átha Cliath

Is straitéis talamhúsáide agus iompair chomhtháite é an Plean Straitéiseach Cathrach (PSC) do Cheantar Cathrach Bhaile Átha Cliath. Leagtar amach ann fis d'fhás an cheantair cathrach amach anseo agus na príomhchumasóirí chun dlúthfhás a chinntiú feadh príomhchonairí agus príomhnóid iompair phoiblí. Téann ceann de na conairí seo trí Bhaile Átha Cliath Theas. San áireamh sa Chonair Thiar Theas tá líne traenach Chill Dara, forbairt an DART agus líne dhearg an Luas. Chomh maith leis sin, le fáil in PSC tá roinnt ceantar forbartha straitéiseach atá le cur ar fáil i dteannta leis na tionscadail bhonneagair. Ar deireadh, tá tacar de thosaíochtaí bonneagair le fáil in PSC.

Plean Fiontar Réigiúnach Bhaile Átha Cliath go dtí 2024

Tugtar tús áite i bPlean Fiontar Réigiúnach go dtí 2024 do Bhaile Átha Cliath d'athléimneacht, nuálaíocht agus fás inbhuanaithe. I measc na bpríomhréimsí a mbeifear ag díriú orthu tá FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta a fheabhsú, pleanáil eacnamaíoch oiriúnaitheach a chur chun cinn, tacú le hionchuimsiú agus le forbairt scileanna, ról ceannaireachta a ghlacadh i ndáil leis an aistriú ísealcharbóin, agus an t-éiceachóras réigiúnach a threisiú. Trí rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, tá sé mar aidhm leis an bPlean Réigiún Bhaile Átha Cliath a chosaint don todhchaí trí dhíriú ar réitigh nuálacha agus díriú ar an ngníomhú ar son na haeráide, deiseanna eacnamaíocha agus digitiú. Chun na cuspóirí straitéiseacha a bhfuil cur síos déanta orthu sa bheartas seo a chomhlíonadh, tá roinnt gníomhartha spriocdhírithe sonraithe sa Phlean. Ailíníonn na míreanna gníomhaíochta le bonn fiontar éagsúil agus le timpeallacht dhinimiciúil an réigiúin, agus cinntítear todhchaí eacnamaíoch a bheidh níos athléimní.



3.5 Beartas Áitiúil


Plean Forbartha Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2022 – 2028

Is doiciméad straitéiseach é Plean Forbartha Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2022 – 2028 ina ndéantar cur síos ar an bhfís agus ar an gcreat fadtéarmach d'fhorbairt inbhuanaithe sa réigiún, agus cuirtear tosca déimeagrafacha, eacnamaíocha agus comhshaoil san áireamh. Déantar cur síos sa Phlean ar chreat talamhúsáide a threoróidh forbairt amach anseo, agus leagtar béim ar mhaireachtáil, ar obair agus ar nascacht, fad is atá an timpeallacht á cosaint. Samhlaítear fás inbhuanaithe i bpobail, tithíocht, poist agus iompar, tacaítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus le talamhúsáid éifeachtúil. Tugtar tús áite sa straitéis don chumas freastal ar suas le 45,000 duine faoin mbliain 2028 agus ailínítear le spriocanna náisiúnta agus réigiúnacha do 80,000 duine agus 32,000 teach breise faoin mbliain 2040. Leagtar béim sa doiciméad ar dhlúthfhoirm lonnaithe, caomhnú na hoidhreacht, bonneagar glas, dearadh uirbeach ar ardchaighdeán, agus pobail ionchuimsitheacha. Leagtar amach ann caighdeán forbartha agus creat monatóireachta ina n-ailínítear beartais leis an bhfís straitéiseach. Rinneadh measúnú iomlán ar na cuspóirí agus ar na gníomhartha éagsúla sa PÁEP seo chun a chinntiú go raibh siad ag teacht leis an bPlean Forbartha Contae.



PÁEP Bhaile Átha Cliath Theas 2016 – 2021

Comhtháthaíonn Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) 2016-2021 forbairt eacnamaíoch agus pobail le 7 sprioc, agus leagtar béim ar chomhoibriú i ngach sprioc. Ag cur le tionscnaimh a forbraíodh roimhe seo, cuireann sé le pleananna atá bunaithe cheana féin agus bunaítear cláir nua, dírithe ar ghníomh, ar mhonatóireacht agus ar mheastóireacht. Ailínithe le Plean Forbartha Contae Bhaile Átha Cliath Theas, leagtar amach sa PÁEP spriocanna d'fhorbairt fiontar, chun ceantair thionsclaíocha a athrú, chun bailte a threisiú, agus chun tacú le fiontair nua agus sheanbhunaithe. Déileáiltear le sláinte agus folláine, laghdú na bochtaineachta, oideachas agus oiliúint, agus saoránacht, agus tacú le cumhachtú agus le rannpháirtíocht an phobail. Sa Phlean léirítear fíis straitéiseach d'fhorbairt eacnamaíoch agus pobail an Chontae, tacaítear le comhoibriú agus le hionchuimsitheacht.




Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta Chomhairle Contae Baile Átha Cliath Theas 2022 – 2026

Tá Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta Bhaile Átha Cliath Theas (2022-2026) ailínithe leis an tionscnamh náisiúnta, Tithíocht do Chách, agus sainordaítear ann go bhforbródh údaráis áitiúla straitéisí tithíochta sóisialta agus inacmhainne. Déantar cur síos sa phlean seo ar “conas, cén áit agus cathain” a tharlóidh tionscadail tithíochta chun sprioc na Comhairle a chomhlíonadh agus chun cur le spriocanna náisiúnta. Ag cur leis an rath a bhí ar thionscadail roimhe seo, cuireann sé dlús leis an uaillmhian as seo go ceann cúig bliana, lena n-áirítear comhoibriú le Comhlachtaí Tithíochta, leis an earnáil phríobháideach agus leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún b'fhéidir. Cuimsítear sa Phlean meascán de thionscadail níos mó agus níos lú, lena n-áirítear forbairtí inlíonta, aoisbhách, cóiríocht don Lucht Siúil, agus forbairtí saincheaptha eile. Beidh dúshlán éagsúla le sárú ag an seachadadh tithíochta beartaithe agus tá siad sin mínithe go maith sa Phlean. Tá an beartas seo deartha go straitéiseach chun 3,699 teach a chur ar fáil de réir an tseachadta tithíochta sóisialta beartaithe, sin níos mó ná an 77% den ghlanriachtanas tithíochta reatha measta a chabhróidh chun deireadh a chur le heaspa dídine.



Plean Forbartha Oifigí Fiontair Áitiúil 2021– 2024

Tá sé mar aidhm le Plean Forbartha Oifigí Fiontair Áitiúil (OFÁ) Bhaile Átha Cliath Theas 2021 – 2024 dlús a chur le fiontraíocht áitiúil, tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus gnóthaí seanbhunaithe go háirithe micreaghnóthaí agus gnóthaí beaga chun poist a chruthú. I measc na n-éachtaí suntasacha a cuireadh i gcrích in 2017-2021 bhí ceadanna maoinithe méadaithe, níos mó cúrsaí oiliúna agus tacaíocht COVID-19. I gcomhthéacs Thosaíochtaí Straitéiseacha an Chontae, tarraingíonn OFÁ aird ar a spriocanna don todhchaí sa Phlean. Ina measc sin tá tacú le gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta sa réigiún, clár inbhuanaitheachta cosúil leis an gClár Glas do Mhicreaghnóthaí a fhorbairt, agus líonraí gnó a fheabhsú. Chomh maith leis sin, leagtar béim sa Phlean ar chomhoibriú le heagraíochtaí, tionscnaimh oideachais teicneolaíochta, agus rannpháirtíocht i gclár nuálaíochta réigiúnacha.




“Samhlaítear fás inbhuanaithe i bpobail, tithíocht, poist agus iompar, tacaítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus le talamhúsáid éifeachtúil.

“
Is é cuspóir
foriomlán Straitéis
Turasóireachta Bhaile
Átha Cliath Theas
moltaí inghníomhaithe a
shainaithint chun forbairt
agus infheistíocht
turasóireachta a threorú
agus a spreagadh.


Plean Straitéis Turasóireachta Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2024 – 2029

Is é cuspóir foriomlán Straitéis Turasóireachta Bhaile Átha Cliath Theas moltaí inghníomhaithe a shainaithint chun forbairt agus infheistíocht turasóireachta a threorú agus a spreagadh. Ar an tslí sin, is féidir tréimhsí fanachta/cuairteanna náisiúnta agus idirnáisiúnta ar Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a uasmhéadú agus tacú leis an ngeilleagar áitiúil. Tá an straitéis seo treoraithe ag fíis amháin, ceithre sprioc agus sé thosaíocht. Tá tosaíochtaí straitéiseacha deartha chun an fhís a thabhairt chun beochta agus chun a chinntiú gur féidir le Contae Bhaile Átha Cliath Theas cur lena rath agus a fhéidearthacht mar cheann scríbe bríomhar do thurasóirí laistigh de Réigiún Bhaile Átha Cliath a chur i gcrích. Sainaithnítear sé thionscadal spreagthacha atá in ann cur le hathrú na turasóireachta i gContae Bhaile Átha Cliath Theas.




Dréachtphlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath Theas 2024 – 2029

Déantar cur síos i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath Theas 2024 – 2029 ar straitéis chuimsitheach chun déileáil le dúshlán a bhaineann leis an athrú aeráide as seo go ceann cúig bliana. Ailínithe le hiarrachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, tá spriocanna uailmhianacha don Chomhairle leagtha amach sa Phlean, lena n-áirítear feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoin mbliain 2030. Leagtar béim ar chur chuige comhoibrioch, fianaisebhunaithe, agus cuirtear san áireamh próifil astaíochtaí agus measúnú riosca athraithe aeráide na Comhairle. Sa Phlean sainithnítear príomhréimsí gníomhaíochta cosúil le Fuinneamh agus Foirgnimh, Iompar, Athléimneacht ó Thuilte, Réitigh Dhúlra bhunaithe, an Geilleagar Ciorclach agus Bainistíocht Acmhainní, agus Rannpháirtíocht sa Phobal. I measc na ngníomhartha suntasacha tá iarfheistiú soilse poiblí, dícharbónú foirgneamh agus flít, agus tionscnaimh cosúil le Clár Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Theas. Bunaítear an chéad Chrios Dícharbónaithe i mBaile Átha Cliath Theas, i gCluain Dolcáin, sa Phlean agus leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht sa phobal. Déanfaidh an Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide monatóireacht ar dhul chun cinn, comhoibreoidh sí le páirtithe leasmhara ábhartha chun tús áite a thabhairt do ghníomhú ar son na haeráide i mBaile Átha Cliath agus chun é a leabú.



Straitéis Aoisbhách Bhaile Átha Cliath Theas 2020 – 2024

Déantar iarracht i Straitéis Aoisbhách Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (2020-2024) déileáil leis na dúshlán a bhaineann le daonra atá ag dul in aois. Trí bhéim a leagan ar chaighdeán saoil cónaitheoirí scothaosta a fheabhsú, cuireann an straitéis le héachtaí a baineadh amach roimhe seo, cosúil le Comhghuaillíocht Aoisbhách a bhunú agus tacú le tionscnaimh éagsúla. I measc na bpríomhréimsí a bhfuil béim á leagan orthu tá sláinte agus folláine, rannpháirtíocht shóisialta, sábháilteacht agus ionchuimsitheacht. Is é an aidhm atá leis an straitéis déileáil le saincheisteanna ar tarraingíodh aird orthu i rith na paindéime, cosúil le haonrú sóisialta agus rochtain ar sheirbhísí ar líne. San áireamh sa chur chuige tá rannpháirtíocht ghníomhach le saoránaigh scothaosta, rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí éagsúla a spreagadh, agus tacú le foghlaim idirghlúine. Tá gníomhartha téamacha a bhaineann le hiompar, tithíocht, rannpháirtíocht shóisialta agus tuilleadh, mar bhonn le gealltanas chun pobal aoisbhách a chruthú i mBaile Átha Cliath Theas.






Próifíl Shocheacnamaíoch



4.0 Léargas ar an Anailís Shochearnamaíoch

Tá anailís shochearnamaíoch mhionsonraithe déanta chun bonn eolais a chur ar fáil do PÁEP. San áireamh bhí anailís ar phríomhthéamaí cosúil le daonra (déimeagrafaíocht), tithíocht, an geilleagar & fostaíocht, cúrsaí sóisialta & pobail, agus an timpeallacht (fíor 4.1). Cheadaigh an anailís seo dúinn, i dteannta leis an gcomhairliúchán, chun Láidreachtaí, Dúshláin, Deiseanna agus Bagairtí (LDDDB) a shainaithint a raibh tionchar acu ar fhorbairt spriocanna, cuspóirí, torthaí agus gníomhartha (Caibidil 5).

Tá eolas maidir le torthaí na hanailíse socheacnamaíche le fáil thíos. I rith na hanailíse baineadh úsáid as sonraí Dhaonáireamh 2022 agus 2016 go príomha. Cuireadh sonraí breise ó SEAI, Pobal agus Logeolaire san áireamh sa chás go raibh a leithéid ar fáil agus ábhartha.



Fíor 4.1: Príomhghnéithe den anailís shochearnamaíoch

Áirítear ar chuid de na riachtanais shonracha do Bhaile Átha Cliath Theas a sainaithníodh ón anailís a d'fhéadfaí déileáil leo trí PÁEP:

- Freastal ar an éileamh atá ar roghanna tithíochta inacmhainne agus éagsúla go háirithe i gcomhthéacs an fháis daonra. Leagann treochtaí nua sa Chontae béim ar an ngá atá le réitigh thithíochta nuálacha a fhreastalaíonn ar dhéimeagrafaic éagsúil.
- Tá sé rithabhachtach go ndíreofaí ar phlódú tráchtach agus go ndéanfaí scrúdú ar roghanna malartacha iompair inbhuanaithe, go háirithe sa chás go bhfuil daoine ag brath go mór ar charranna príobháideacha. Trí roghanna iompair phoiblí éifeachtúla a fhorbairt i gceantair riachtanacha is féidir plódú a laghdú agus inrochtaineacht a fheabhsú.
- Tá sé riachtanach béim a leagan ar éagsúlú eacnamaíoch agus deiseanna fostaíochta a chruthú in earnálacha seachas earnálacha móra cosúil le Tráchtáil agus Trádáil. Trí chothromaíocht a chinntiú idir tionscail éagsúla is féidir cur le geilleagar áitiúil atá níos athléimní agus níos éagsúla.
- Ní mór rochtain ar chlár oideachais agus forbartha scileanna a chinntiú. Ní mór béim a leagan ar thionscnaimh a fhreastalaíonn ar dhéagóirí atá ar tí tús a chur lena gcuid oideachais dara leibhéal agus déileáil le haon éagothroime a bhaineann le gnóthachtáil oideachais.
- Ní mór tacú le sláinte an phobail, sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte. Cuimsítear ansin tacú le gníomhaíochtaí deonacha, rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte a chinntiú agus déileáil le haon éagothroime a bhaineann le haicme shóisialta chun ionchuimsiú sóisialta agus folláine fhoriomlán a fheabhsú.

4.1 Déimeagrafaic

De réir Dhaonáireamh 2022, tá 301,075 cónaitheoir ina gcónaí i mBaile Átha Cliath Theas agus é sin an ceathrú figiúr is mó i dtéarmaí daonra i ndiaidh Cathair Bhaile Átha Cliath, Corcaigh agus Fine Gall.

Dlús Daonra

Is ceantar dlúthdhaonra é Baile Átha Cliath Theas ina bhfuil dlús daonra de 1,350 duine sa chiliméadar cearnach (Daonáireamh 2022).

Próifíl Aoise

Tá daonra réasúnta óg i mBaile Átha Cliath Theas (meánaois de 36.6 bliain in 2022) i gcomparáid le meánfhigiúr an stáit (38.8 bliain) agus baineann na haoisghrúpaí is mó leis an ngrúpa idir 35-44 bliain d'aois (fíor 4.2). In 2022, bhí breis is leath (53.9%) den daonra faoi 40 bliain d'aois, sin figiúr a bhí níos airde ná an meán náisiúnta. Tá céatadán níos lú daoine atá 80 bliain d'aois agus níos sine (2.7%) i mBaile Átha Cliath Theas i gcomparáid leis an meán náisiúnta (3.5%).


Daonra atá ag Dul in Aois

Ón mbliain 2016, mhéadaigh an mheánaois i mBaile Átha Cliath Theas 1.6 bliain, sin fianaise ar threocht níos ginearálta de rátaí breithe atá ag laghdú agus de mhéaduithe daonra nádúrtha atá ag laghdú. Idir 2016 agus 2022, tugadh laghdú faoi deara i measc grúpaí aoischohóirt idir 0-9 mbliana d'aois, 25-39 bliain d'aois. Tugadh an méadú ba mhó faoi deara i measc daoine a bhí níos sine ná 70 bliain d'aois.


Fás Daonra

Idir 2016 agus 2022, mhéadaigh daonra Bhaile Átha Cliath Theas 8% (22,308 duine). Is féidir é sin a chur i gcomparáid le méaduithe daonra de 6.9% i gCathair Bhaile Átha Cliath, 7.3% i gCathair na Gaillimhe, 11% i gCill Dara, agus 14% in An Longfort. As measc fhás daonra iomlán an Chontae, baineann 66% (14,714 duine aonair) le méadú nádúrtha, atá freagrach as an mbarrachas breitheanna beo i gcomparáid le básanna. Baineann an 34% fágtha (7,591 duine aonair) le glanmirce dhearfach.

Baile Átha Cliath Theas - Daonra bunaithe ar Inscne agus Aoisghrúpa (2022)



Méadú Daonra i mBaile Átha Cliath Theas 2016-2022



Fíor 4.2 & Fíor 4.3: Forléargas daonra

Eitneacht & Dáileadh Náisiúntachta

De réir Dhaonáireamh 2022, is Éireannaigh iad formhór de dhaonra Bhaile Átha Cliath Theas (84% de náisiúnaigh Éireannacha). Nuair a dhéantar catagóiriú bunaithe ar áit bhreithe, is éard atá i bhformhór (79.1%) de dhaonra Bhaile Átha Cliath Theas daoine a rugadh in Éirinn, mar aon le daoine a rugadh sa Ríocht Aontaithe, sa Pholainn agus san India (fíor 4.4).


Struchtúr Teaghlaigh

De réir Dhaonáireamh 2022, bhí 100,364 teaghlach príobháideach i mBaile Átha Cliath Theas, sin méadú de 7,841 teaghlach i gcomparáid le 2016, agus figiúr a sháraigh an ráta fáis náisiúnta de 8.1%. Ba an meánmhéid teaghlaigh cothrom le 2.97 duine, figiúr beagán níos airde ná an meán náisiúnta atá cothrom le 2.74 duine.

Ceantair inar tugadh fás daonra faoi deara


Tugadh fás daonra faoi deara i bhformhór de na ceantair i mBaile Átha Cliath Theas, go háirithe in Leamhcán-Teach San Eiléan, An Caisleán Nua, Ráth Cúil, Teach Sagard, Tamhlacht-Fothair Chardain, Bóthar na Bruíne agus Teach na Giúise-Baile Uí Choileáin (luaite i bhfíor 4.5).

Sciar den Daonra i mBaile Átha Cliath Theas, bunaithe ar áit bhreithe



Fíor 4.4: Daonra gnáthchónaithe bunaithe ar áit bhreithe





Fíor 4.5: *Athrú Daonra*

4.2 Tithíocht

Chruthaigh fás daonra i mBaile Átha Cliath Theas agus ar fud na tíre dúshlán shuntasacha chomh fada is a bhain le soláthar tithíochta.

Fás an Stoic Tithíochta

De réir thorthaí Dhaonáireamh 2022, idir 2016 agus 2022 chuir Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 7,687 aonad nua tithíochta ar fáil, rud a chiallaigh go raibh an stoc tithíochta iomlán cothrom le 106,074. Tá na ceantair inar tharla an fás seo le feiceáil i bhfíor 4.8.

Treochtaí Tógála

De réir thorthaí Dhaonáireamh 2022, tógadh 34.7% de stoc tithíochta Bhaile Átha Cliath Theas in 2022, idir an bhliain 1991 agus 2010. Tá an figiúr sin níos ísle ná an figiúr a tugadh faoi deara ag leibhéal an Stáit (39.1%). Idir an dá linn, in 2022, tógadh 9.1% de stoc tithíochta Bhaile Átha Cliath Theas idir 2011 agus 2022, sin céatadán atá níos airde ná meánfhiúir an Stáit (7.8%).


Ráta Fáis an Stoic Tithíochta

De réir Dhaonáireamh 2022, sháraigh ráta fáis stoic tithíochta Bhaile Átha Cliath Theas (7.81%) an ráta fáis stoic tithíochta náisiúnta de 5.41% idir 2016 agus 2022. Bhí Baile Átha Cliath Theas ainmnithe sa chúigiú háit i measc údarás áitiúil chomh fada is a bhain le tógáil tithíochta i rith na tréimhse sin (i ndiaidh na Mí, Cill Dara, Fine Gall agus Cill Mhantáin).


Cineálacha Aonaid Tithíochta

De réir Dhaonáireamh 2022, tá 46.7% de theaghlaigh i mBaile Átha Cliath Theas sainaitheanta mar leathscoite, i gcomparáid le 26.7% ag leibhéal an Stáit. Is i dtithe scoite atá 8.4% de dhaoine ina gcónaí i mBaile Átha Cliath Theas, sin an dara ráta is ísle sa tír (fíor 4.6).

Dáileadh an Chineáil Tithíochta i mBaile Átha Cliath Theas i gcomparáid leis an Stát



Meánchíos Seachtainiúil i mBaile Átha Cliath Theas i gcomparáid leis an Meán Náisiúnta



Fíor 4.6 & Fíor 4.7: An Cineál Tí agus an Meánchíos

Tionachtaí Tithíochta

De réir Dhaonáireamh 2022, is í tithíocht úinéir-áitithe le morgáiste atá i gceist le 39.5% de na tionachtaí tithíochta ar fad i mBaile Átha Cliath Theas, agus tithíocht úinéir-áitithe gan mhorgáiste atá i gceist le 32%. Tá tithíocht ar cíós ó thiarna talún príobháideach cothrom le 15.7%, figiúr atá faoi bhun an mheáin náisiúnta atá cothrom le 18%.


Cíos

De réir Dhaonáireamh 2022, tá an meánchíos seachtainiúil i mBaile Átha Cliath Theas cothrom le 230 Euro, figiúr atá sa chúigiú háit i ndiaidh Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Cathair Bhaile Átha Cliath, Fine Gall agus Cathair na Gaillimhe. Idir 2016 agus 2022, mhéadaigh an meánchíos seachtainiúil i mBaile Átha Theas 31.9% i gcomparáid leis an meánmhéadú náisiúnta de 29.4%.

Ráta Folúntais Tithíochta

De réir réamhthorthaí Dhaonáireamh 2022, tá an ráta folúntais stoic tithíochta i gContae Bhaile Átha Cliath Theas cothrom le 3.7%, sin an ráta is ísle in Éirinn. Bhí 3,899 aonad folamh i mBaile Átha Cliath Theas, sin 2.4% de na folúntais náisiúnta.

“
Chruthaigh fás
daonra i mBaile Átha
Cliath Theas agus ar
fud na tíre dúshlán
shuntasacha chomh
fada is a bhain le
soláthar tithíochta.




Fíor 4.8: Athrú ar stoc tithíochta

4.3 Eacnamaíocht agus Fostaíocht

Mórtimpeall ar Bhaile Átha Cliath Theas tá Fine Gall, Cathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Cill Mhantáin agus Cill Dara. Ciallaíonn a shuíomh straitéiseach go bhfuil sé nasctha go maith le moil eacnamaíocha náisiúnta/idirnáisiúnta trí aerfoirt, calafoirt agus bóithre, agus go bhfuil sé lonnaithe in áit mhaith chun infheistíocht náisiúnta agus eachtrach a mhealladh.

Fostaíocht


De réir an Daonáirimh, idir 2016 agus 2022, mhéadaigh an sciar daoine a bhí os cionn 15 bliana d'aois a bhí ag obair i mBaile Átha Cliath Theas ó 55.3% (119,210 duine) go dtí 57.8% (137,111 duine). Tá an figiúr seo beagán níos airde ná an meán náisiúnta atá cothrom le 56%. Thug beagnach 11% den daonra atá os cionn 15 bliana d'aois le fios gur mic léinn iad. Níor thug ach 1.4% d'fhir le fios gurb é an príomhról atá acu aire a thabhairt don bhaile/don teaghlach i gcomparáid le 11.4% de mhná. Tá 1 as gach 7 nduine i mBaile Átha Cliath Theas atá os cionn 15 bliana d'aois ar scor.



Fíor 4.9: Príomhstádas Eacnamaíoch (%)

Príomhearnálacha Tionscail


De réir Dhaonáireamh 2022, baineann formhór de na gairmeacha i mBaile Átha Cliath Theas le Tráchtáil agus Trádáil (28.4%, 38,964 duine) agus Seirbhísí Gairmiúla (24.7%, 33,900 duine). Tá an sciar de mhná atá ag obair i Seirbhísí Gairmiúla cothrom le 36.9% agus tá an sciar d'fhir cothrom le 13.6% (fíor 4.10).



Fíor 4.10: Lucht oibre bunaithe ar thionscail ghinearálta (%)

Gairmeacha


In 2022, bhí beagnach 20% (28,879 duine) de na cónaitheoirí i mBaile Átha Cliath Theas atá ag obair/fostaithe ag obair i ngairmeacha gairmiúla. Ina dhiaidh sin, bhí gairmeacha gairmiúla comhlacha (12.6%, 18,661 duine) agus gairmeacha riaracháin (11.2%, 16,585 duine). Mar a léirítear i bhfíor 4.11, i gcomparáid le fir, bhí níos mó seans ann go raibh mná sa Chontae ag obair i ngairmeacha gairmiúla/gairmiúla comhlacha, riaracháin, agus cúraim/caithimh aimsire/seirbhísí.



Fíor 4.11: Lucht oibre bunaithe ar ghairmeacha (%).

Rátaí Dífhostaíochta

De réir Dhaonáireamh 2022, bhí an ráta dífhostaíochta i mBaile Átha Cliath Theas cothrom le 8.7%. I gcomparáid le 2016, laghdaigh na rátaí dífhostaíochta in 2022 i ngach aoisghrúpa i mBaile Átha Cliath Theas. Tá an laghdú ar an ráta dífhostaíochta an-suntasach i measc na gcóhort is óige (15-24 bliain d'aois) agus is sine (65 bliain d'aois agus níos sine) (fíor 4.12).




Fíor 4.12: Rátaí dífhostaíochta bunaithe ar inscne agus ar aoisghrúpaí (Daonáireamh 2016, 2022)

4.4 Sóisialta agus Pobal

Coireacht


Tá líon na gcoireanna taifeadta i gCluain Dolcáin agus i dTamhlacht fanta ard le haghaidh roinnt blianta (fíor 4.13). Laghdaigh an figiúr 12-15% i rith na paindéime ach mhéadaigh sé go dtí leibhéal réamhphaindéime nach mór ag deireadh 2022 (POS, 2023).



Fíor 4.13: Coireanna Taifeadta

Leibhéil Oideachais

De réir Dhaonáireamh 2022, tá cáilíochtaí ardleibhéil ag 44.07% den daonra i mBaile Átha Cliath Theas atá 15+ bliain d'aois, figiúr atá cosúil le meánfhigiúr an stáit de 44.86%. I mBaile Átha Cliath Theas, tá 2.3% den daonra atá 15+ bliain d'aois aicmithe mar dhaoine nach bhfuil aon oideachas foirmiúil acu i gcomparáid leis an meán náisiúnta atá cothrom le 2.4% (fíor 4.14).




Fíor 4.14: Leibhéil cháilíochta oideachais

Comhdhéanamh Teaghlaigh

De réir Dhaonáireamh 2022, is lánúineacha pósta a bhfuil leanaí acu iad 45.7% de theaghlaigh i mBaile Átha Cliath Theas agus is teaghlaigh aontuismiteora iad 19.9% de theaghlaigh. Idir 2016 agus 2022, mhéadaigh na haonaid teaghlaigh i mBaile Átha Theas 3.5% i gcomparáid leis an meán náisiúnta de 5.1%. Bhí an meánmhéid teaghlaigh cothrom le 2.97 duine in 2022, figiúr beagán níos airde ná an meán náisiúnta atá cothrom le 2.74 duine.

Sláinte an Phobail

I ndaonáireamh 2022, thug 53.4% den daonra i mBaile Átha Cliath Theas le fios go raibh a Sláinte An-mhaith, agus bhí 29.6% den tuairim go raibh a Sláinte Go Maith. Bhí 1.45% den daonra den tuairim go raibh a Sláinte go Dona agus bhí 0.3% den tuairim go raibh a Sláinte An-dona.



Fíor 4.15: Athrú Daonra

Scór POBAL


Bunaithe ar Dhaonáireamh 2022, tá roinnt pócaí de cheantair atá faoi mhíbhuntáiste suntasach sa Chontae lena n-áirítear Tamhlacht-Ráth Miontáin (-37.25) agus Cluain Dolcáin-Gort na Móna (-37.50). Chomh maith leis sin, tá ceantair i mBaile Átha Cliath Theas, cosúil le Tamhlacht-Fothair Chardain, ina bhfuil comharsanachtaí atá an-rachmasach agus faoi mhíbhuntáiste suntasach taobh le taobh. Tá cónaí ar 7.3% den daonra i mBaile Átha Cliath Theas i gceantair Rachmasacha, i gcomparáid le 76.8% atá ina chónaí i gCeantair atá beagán faoi bhun an mheáin, 13.1% i gCeantair faoi mhíbhuntáiste, agus 2.74% i gceantair atá faoi Mhíbhuntáiste suntasach (mar atá léirithe i bhfíor 4.15).

Aicme Shóisialta


De réir Dhaonáireamh 2022, thuairiscigh 31% den daonra i mBaile Átha Cliath Theas gur bhain siad leis an aicme shóisialta bainistíochta theicniúil, agus bhain 8.6% den daonra leis an ngrúpa oibríthe gairmiúla. Bhain sciar níos airde de mhná leis an aicme shóisialta neamhláimhe, agus thuairiscigh níos mó fear gur bhain siad leis an aicme shóisialta láimhe oilte.

Gníomhaíochtaí Deonacha

De réir shonraí Dhaonáireamh 2022, bhí baint ag 11% den daonra (33,134 daoine) le gníomhaíochtaí deonacha. Tá formhór na n-oibríthe deonacha os cionn 45 bliain d'aois. Tá baint ag thart ar 1 as 3 oibrí deonach i mBaile Átha Cliath Theas le gníomhaíochtaí spóirt agus is daoine idir 25 agus 65 bliain d'aois den chuid is mó atá i gceist. Tá níos mó tóir ag oibríthe deonacha scothaosta (65+) ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le cúrsaí reiligiúin, sóisialta/carthanacha, agus pobail.



Fíor 4.16: Daonra bunaithe ar aicme shóisialta (Daonáireamh, 2022)



Fíor 4.17: Gníomhaíocht dheonach

4.5 An Comhshaol

Ainneoin go bhfuil sé réasúnta beag agus gur ceantar uirbeach láidir atá ann, tá gnáthóga agus talamhúsáidí éagsúla i mBaile Átha Cliath Theas. Fad is atá iarracht á déanamh ag an gContae a chuspóirí aeráide a chomhlíonadh, cruthaíonn sé sin raon dúshlán agus deiseanna don daonra áitiúil, go háirithe maidir le cúrsaí oibre, stíl mhaireachtála agus taisteal.

Ag Brath ar Iompar Príobháideach

Tá patrúin chomaitéireachta cónaitheoirí i mBaile Átha Cliath Theas cosúil leis an treocht náisiúnta - úsáideann formhór na ndaoine an carr, siúlann siad agus úsáideann siad iompar poiblí. Úsáideann thart ar 1 as 2 dhuine (48%) i mBaile Átha Cliath Theas chun taisteal chun na hoibre, na scoile, an choláiste nó saoráid cúraim leanaí.

Bonneagar Feithiclí Leictreacha

Amhail ó mhí Eanáir 2024, bhí níos mó ná 50 stáisiún luchtaithe i mBaile Átha Cliath Theas (ó Plugshare.com).

Fuinneamh In-athnuaite a Ghiniúint

Amhail ó mhí Feabhra 2024, níl aon fheirm ghaoithe tráchtála i mBaile Átha Cliath Theas. Ar an gcuma chéanna, níl aon fheirm ghréine thráchtála sa cheantar. Tá scrúdú á dhéanamh ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ar an bhféidearthacht a bhaineann le feirm ghréine a fhorbairt ar sheanláithreán líonta talún i mBaile Artúir, Co. Chill Dara.

Téamh Ceantair

In 2023, seoladh Scéim Téimh Ceantair Thamhlachta go hoifigiúil. Baintear dramhtheas ó ionad sonraí Amazon agus úsáidtear é chun foirgnimh phoiblí sa cheantar a théamh.

Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe

Amhail ó mhí Feabhra 2024, tá 13 phobal fuinnimh inbhuanaithe i mBaile Átha Cliath Theas de réir SEAI.ie.

Limistéir Chaomhnaithe Chomhshaoil

Tá dhá Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta i mBaile Átha Cliath Theas (LCC Ghleann an Smóil, LCC Shléibhte Chill Mhantáin) mar aon le Limistéar faoi Chosaint Speisialta amháin (LCS Shléibhte Chill Mhantáin).

Bonneagar Glasbhealaigh

Tá Baile Átha Cliath Theas tiomanta d'inbhuanaitheacht agus tá trí ghlasphealach ards céimhe ann—Glasbhealach na Dothra, Glasbhealach na Canálach Móire agus Glasbhealach na Canálacha Ríoga. Ní hamháin go dtacaíonn na glasphealaí seo le hiompar éiceabhách, tairgeann siad eispéiris thumthacha do shaoránaigh agus do chuairteoirí i lár an dúlra.

Cáilíocht an Uisce

Tá dhá abhainn mhóra sa Chontae – An Life agus An Dothra, agus roinnt aibhneacha níos lú lena n-áirítear Abhainn an Ghrifín, An Chamóg agus An Dothra Bheag. Dar leis an GCC, tá stádas cáilíochta uisce measartha nó lag ag formhór na n-aibhneacha sa Chontae.

Rioscaí i gcás Tuilte

Cruthaíonn tuilte fadhb do bhonneagar agus do mhaoín phoiblí/phríobháideach an Chontae, ag eascairt as foinsí fionnuisce (tuilte báistí agus abhann). Sainaithnítear sa Mheasúnú Straitéiseach Rioscaí i gcás Tuilte sa PFC roinnt ceantar sa Chontae a bhfuil rioscaí i gcás tuilte luaite leo (e.g., Ráth Cúil – Teach Sagard, Grianóg – Baile Dhónaill, Ráth Miontáin – Cill an Ardáin etc). Tá an Chomhairle ag glacadh páirt cheana féin i bhforbairt agus i gcur chun feidhme roinnt scéimeanna maolaithe tuilte.

5

Anailís LSDB



5.1 Anailís LSDB

Rinneadh staidéar ardleibhéil ar Láidreachtaí, Srianata, Deiseanna agus Bagairtí (LSDB) Bhaile Átha Cliath Theas agus sainithníodh roinnt mórfhointí i ngach catagóir. Tagraítear sa rannóg thíos do na láidreachtaí agus do na deiseanna a mheastar atá le fáil sa Chontae.

Láidreachtaí	Is féidir glacadh leis seo mar na buntáistí a bhaineann le Baile Átha Cliath Theas sa lá atá inniu ann . Is féidir glacadh leo mar ‘léargas’ ar an lá atá inniu ann
Srianata	Is féidir glacadh leo mar na dúshláin atá le sárú ag an gceantar údaráis áitiúil i láthair na huaire, agus mar ‘léargas’ ar Bhaile Átha Cliath Theas
Deiseanna	Is féidir glacadh leo láidreachtaí áite amach anseo . Is ionann iad agus na buntáistí a d’fhéadfadh a bheith ar fáil do Bhaile Átha Cliath Theas agus dá phobail
Bagairtí	Is féidir glacadh leo mar srianata áite amach anseo . Is ionann iad agus na dúshláin a d’fhéadfadh a bheith le sárú ag Baile Átha Cliath Theas agus ag a phobail.

Láidreachtaí

- Cóngaracht d’aerfort mór idirnáisiúnta agus do chalafort.
- Bonneagair iompair: naisc le líonra mótarbhealaigh agus iarnród éadrom.
- Bonn eacnamaíoch láidir agus ceanncheathrú roinnt cuideachtaí suntasacha náisiúnta agus ilnáisiúnta (e.g., CRH, PM Group, Roadstone)
- Caidreamh maith idir earnálacha príobháideacha agus poiblí.
- Nuálaíocht láidir san earnáil phríobháideach.
- Cultúr láidir de nuálaíocht cláir shóisialta.
- Ollscoil Teicneolaíochta BÁC agus BOOBÁCDL lán fuinnimh agus dírithe ar chúrsaí sóisialta.
- Fiú amháin in áiteanna a bhí faoi mhíbhuntáiste suntasach, bhí spiorad pobail láidir le tabhairt faoi deara.
- Taitneamhachtaí cosúil le Sléibhte Bhaile Átha Cliath, An Chanáil Mhór, agus An Dothra agus An Life.





Srianta

- Ceantair ina bhfuil leibhéil arda de mhíbhuntáiste agus leibhéil shuntasacha míbhuntáiste mar aon le míbhuntáiste idirghlúine. (i.e., cultúr de mhíbhuntáiste).
- Tithíocht réasúnta ísealdlúis sa cheantar uirbeach rud a laghdaíonn costéifeachtúlacht seirbhísí agus an bhonneagair iompair phoiblí. Tá nós ag a leithéid cur leis an gcostas a bhaineann le tithíocht nua ar na tailte seo freisin.
- Réimsí móra tithíochta gan aon chroílár sainaitheanta chun daoine a thabhairt le chéile agus forbairt gnóthaí miondíola agus gnóthaí eile a spreagadh.
- Foréigean, coireacht agus iompar frithshóisialta.

Deiseanna

- Spás glas a úsáid chun daoine a nascadh leis an dúlra, truailliú a laghdú, carbón a cheapadh agus meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil an daonra a fheabhsú.
- Cur leis an rath i ndáil le rochtain a fháil ar mhaoiniú rialtais agus AE do chlár eacnamaíochta agus shóisialta.
- Dlús a chur le clár shóisialta nuálacha.
- Cur leis an gcaidreamh idir na hearnálacha poiblí agus príobháideacha chun a chinntiú go mbeidh gnóthaí áitiúla níos brabúsaí agus níos athléimní chomh fada is a bhaineann le hathrú.
- Deiseanna eacnamaíochta sa Gheilleagar Glas.
- Úsáid a bhaint as an líonra reatha de shráidbhailte uirbeacha chun comhtháthú pobail a threisiú agus chun mórtas áite a mhéadú.
- Cur go mór leis an soláthar iompair phoiblí.
- Scéimeanna micrighiniúna, iarfheistithe agus téimh pobail a rolladh amach chun costais téimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ó thithe agus ó ghnóthaí a laghdú go suntasach.
- Timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh trí thacú le clubanna obair bhaile, clubanna óige, clubanna spóirt, béilí cothaitheacha, agus scoileanna a nascadh le gnóthaí áitiúla agus le soláthraithe breisoideachais/oideachais tríú leibhéal.
- Daoine áitiúla a chumhachtú chun athghiniúint a bpobal a threorú.

Bagairtí

- Méadú ar chiníochas agus ar bhiogóideacht.
- Níos mó éagothroime i ndáil le rachmas.
- Laghdú ar thacaíochtaí rialtais agus AE do chuspóirí sóisialta agus eacnamaíocha.
- Cor chun donais geilleagrach agus corraíl gheopholaitiúil.
- Leanann an costas maireachtála ar aghaidh ag méadú níos airde ná meánioncam agus íocaíochtaí leasa shóisialaigh/pinsin.
- Méadaíonn an úsáid atá á baint as ópóidigh shintéiseacha.
- Forbairt seirbhísí – go háirithe i ndáil le sláinte, oideachas agus dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu – nach bhfuil ag teacht le fás daonra.
- Talamh slán a dhéanamh de go bhfuil an earnáil gnóthaí áitiúla sláintiúil.

“
Rinneadh staidéar
ardleibhéil ar
Láidreachtaí, Srianta,
Deiseanna agus Bagairtí
(LSDB) Bhaile Átha
Cliath Theas agus
sainaithníodh roinnt
mórphointí i ngach
catagóir.

6

Torthaí Comhairliúcháin



6.1 An Próiseas Comhairliúcháin & Torthaí

Déantar achoimre sa chaibidil seo ar na comhairliúcháin éagsúla a rinneadh mar chuid den anailís chun bonn eolais a chur ar fáil do PÁEP 2024-2030 Bhaile Átha Cliath Theas. Forbraíodh an PÁEP ar bhealach comhoibritheach trí rannpháirtíocht le raon leathan príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear an pobal i gcoitinne, grúpaí ionadaíocha pobail, an Chomhairle Contae, gníomhaireachtaí stáit, Comhairleoirí Contae, soláthraithe oideachais agus an earnáil phríobháideach. Cuireadh an méid seo a leanas i gcrích:

- Dhá sheisiún comhairliúcháin phoiblí aghaidh ar aghaidh
- Seisiún sonrach comhairliúcháin do ghrúpa pobail agus gnó
- Cruinnithe aonair le príomhpháirtithe leasmhara ó na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus pobail
- Cuairteanna ar dhá bhunscoil DEIS
- Cruinnithe le dhá ghrúpa de mhic léinn dara leibhéal Idirbhliana maidir le míbhuntáiste i measc na n-óg
- Cur i láthair do Choistí Ceantair uile an Údaráis Áitiúil
- Dhá sheisiún comhairliúcháin le Comhairleoirí Contae.
- Suirbhé gnó ar líne
- Suirbhé pobail ar líne
- Fáilte curtha roimh aighneachtaí scríofa
- Trí cheardlann grúpa ar líne le príomhpháirtithe leasmhara chun cabhrú leis an bpróiseas tosaíochta don phlean feidhmithe

Ba é an aidhm a bhí leis an rannpháirtíocht sin, i gcomhar leis an anailís shocheacnamaíoch, príomhthosaíochtaí agus príomhriachtanais a shainaithint a bhféadfaí déileáil leo trí spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha ardleibhéil an Phlean agus a léiríodh sna torthaí inmhiannaithe. San áireamh ansin bhí gnéithe pobail a bhain le réimsí cosúil le soláthar seirbhíse agus ionchuimsiú sóisialta, agus gnéithe eacnamaíocha a bhain le réimsí cosúil leis an ngeilleagar glas a fhorbairt agus infheistíocht nua a mhealladh. Reáchtáladh trí sheisiún ceardlainne ar líne ina dhiaidh sin le príomhpháirtithe leasmhara chun cabhrú le tús áite a thabhairt do ghníomhartha éagsúla don chéad phlean feidhmithe. Ag cur leis sin bhí tuilleadh cruinnithe le ceannairí gníomhaíochta ainmnithe.

Dá réir sin, bhí an cleachtadh comhairliúcháin fairsing deartha chun deiseanna agus riachtanais a shainaithint mar aon lena chinntiú go raibh spéis ag príomhpháirtithe leasmhara san obair, na daoine a bheith ag cur dlús le agus ag tacú le gníomhartha sonracha an Phlean Feidhmithe. Tríd an méid sin a dhéanamh, ghin an próiseas rannpháirtíochta poiblí tuiscint ar chomhúinéireacht i ndáil leis na spriocanna ardleibhéil, agus cinntíodh go raibh spéis ag príomhpháirtithe leasmhara, an pobal san áireamh, sa mhéid a bhí á dhéanamh.

Thug an próiseas rannpháirtíochta spriocdhírithe príomhpháirtithe leasmhara le chéile ó raon leathan réimsí lena n-áirítear gníomhaireachtaí rialtais, an earnáil phríobháideach, grúpaí pobail agus deonacha, an comhshaol, sláinte, oideachas, mar aon le grúpaí níos óige agus níos sine. I measc na samplaí de ghrúpaí ionadaíocha a bhí páirteach bhí FSS, Ollscoil Teicneolaíochta BÁC, Ionad Oibrithe Deonacha Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, BOOBÁCDL, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath Theas, LRP, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Chluain Dolcáin, Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Thamhlachta agus An Garda Síochána.


6.2 Príomhthéamaí ón gComhairliúchán

6.2.1 Saincheisteanna Sóisialta, Leochaileacht agus Rannpháirtíocht sa Phobal

Éilíonn déileáil le saincheisteanna míbhuntáiste agus éagothroime rachmais i gceantair shonracha de Bhaile Átha Cliath Theas idirghabhálacha saincheaptha agus áitiúla.

- I rith fhormhór na gcomhairliúchán sainaitníodh an gá a bhí ann tacú le hinfheistíochtaí straitéiseacha cuimsitheacha chun déileáil le dúshlán shocheacnamaíocha i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Ar mhaithe le hathléimneacht agus forbairt pobail a chothú, ba cheart machnamh a dhéanamh ar ionchuimsitheacht i ngach aoisghrúpa freisin.
- Saincheist rithábhachtach ar tagraíodh di go minic ba ea sábháilteacht. Ionas gur féidir tús áite a thabhairt do shábháilteacht daoine óga teastaíonn cur chuige iomlánaíoch, ina gcuimsítear beartas sábháilteachta pobail agus feabhsuithe straitéiseacha (e.g., soilsiú poiblí agus bonneagar CCTV).
- Saincheist ghaolmhar ba ea aitheantas a thabhairt do leochaileacht daoine idir 8-11 bhliain d'aois, go háirithe i gcomhthéacs na meán sóisialta. Tá straitéis iomlánaíoch rithábhachtach, straitéis a dhíríonn ar fholláine fhoriomlán agus ar riachtanais forbartha na ndaoine óga seo.
- Tá práinn ag baint le déileáil leis na saincheisteanna dáiríre a bhaineann le mí-úsáid substaintí i mBaile Átha Cliath Theas. Tá tábhacht ar leith ag baint le cláir spriocdhírthe a chur chun feidhme i ndáil le cosc, cóireáil agus tacaíocht pobail chun tacú le hathshlánú agus chun an tionchar atá ag andúil ar dhaoine aonair agus ar an bpobal trí chéile a laghdú.
- Lena chois sin, tharraing rannpháirtithe aird ar an tábhacht a bhain le díriú ar leanaí laistigh den theaghlach a raibh tionchar ag mí-úsáid substaintí orthu. Ní mór déileáil leis na dúshlán uathúla atá le sárú acu trí thimpeallachtaí tacúla a sholáthar agus trí acmhainní a sholáthar d'oidéachas agus d'fhorbairt phearsanta.
- Tá saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht, leochaileacht agus mí-úsáid substaintí ar tagraíodh dóibh i rith comhairliúchán éagsúil ailínithe le torthaí an tsuirbhé pobail. Mar a léirítear i bhfíor 6.1, tá formhór na ndaoine ag iarraidh go mbeidh méadú ag teacht ar ghníomhaíochtaí póilíneachta ina gcomharsanachtaí. Tagraíodh do shaincheisteanna sábháilteachta go minic sa suirbhé gnó freisin.
- Tarraingíodh aird sna comhairliúcháin ar ábharthacht na gclár for-rochtana ilteangach chun cumarsáid a fheabhsú. Tacaíonn a leithéid sin de straitéisí le rannpháirtíocht fhiúntach le pobail éagsúla, cruthaítear muintearas agus cuirtear rannpháirtíocht ghníomhach i dtionscnaimh chomhpháirteacha chun cinn.

Cén seirbhís nua amháin ba mhaith leat a fheiceáil i do cheantar féin?




Fíor 6.1: Seirbhís nua amháin ag teastáil sa cheantar - Suirbhé Pobail.

6.2.2 Fostaíocht, Tithíocht agus Iompar


Cuireann saincheistean sóisialta cosúil le dúshlán a bhaineann le soghluaisteacht shóisialta, dífhostaíocht idirghlúine agus míbhuntáiste le timpeallacht fostaíochta chasta. Tá gá le hidirghabhálacha spriocdhírithe chun deireadh a chur le timthriallta mar seo agus chun deiseanna níos ionchuimsithí a chruthú.

- Tarraingíodh aird ar an neamhréir idir scileanna cónaitheoirí Bhaile Átha Cliath Theas agus poist atá ar fáil sa Chontae i rith na gcomhairliúcháin. Tá sé sin soiléir freisin i bhfíor 6.2 agus i bhfíor 6.3 ina léirítear go bhfuil formhór na gcónaitheoirí sa Chontae fostaíthe agus ag obair i mBaile Átha Cliath Theas.

Fostaíocht




Fostaíocht i mBaile Átha Cliath Theas




Fíor 6.2 & Fíor 6.3: Fostaíocht - Suirbhé Pobail.

- Sainathnódh infhaighteacht tithíochta inacmhainne mar bhacainn a bhfuil tionchar aici ní hamháin ar an margadh tithíochta áitiúil ach freisin ar mheallacht agus ar choinneáil deiseanna fostaíochta sa Chontae. Ní mór go mbeadh réitigh dírithe ar roghanna cónaithe inacmhainne a chruthú. Seachas bunriachtanais tithíochta, thagair pobail éagsúla go minic don tábhacht a bhain le pobail a chruthú seachas díreach eastáit tithíochta a chruthú.
- Saincheist ghaolmhar ach dhifriúil a sainathnódh ba ea dúshlán tithíochta do bhainistíocht shinsearach. Tá sé riachtanach an ghné seo de thithíocht a réiteach de bhrí go bhféadfadh sí fás geilleagrach a spreagadh mar aon le roghanna maireachtála éagsúla don phobal.



- Cruthaíonn dúshlán iompair bacainní suntasacha do dhaoine aonair a bhfuil fostaíocht á lorg acu laistigh den Chontae. Tá sé riachtanach déileáil leis na saincheistanna sin chun margadh fostaíochta níos inrochtana a chruthú. Tá léargas ar an méid sin le fáil i bhfíor 6.4 freisin.
- Tagraíodh arís agus arís eile don ghá a bhí le heastáit a ghlanadh agus déileáil le fadhbanna bruscair i rith na gcomhairliúcháin, go háirithe i gceantair a bhí faoi mhíbhuntáiste. Tagraíodh go rialta do naisc níos fearr leis an dúlra. Bhí an dá thacar de leanaí bunscoile ar tugadh cuairt orthu don phlean seo dírithe go háirithe ar an bpointe seo agus ar dheiseanna níos fearr a bheith acu chun a bheith ag spraoi i gceantair shábháilte, ghlana agus oiriúnach don dúlra.
- Ag cur riachtanas uathúil Phobal an Lucht Siúil san áireamh, tá gá ar leith ann tithíocht agus tacaíochtaí oiriúnacha a chur ar fáil.

Céard iad na riachtanais shóisialta is tábhachtaí do Bhaile Átha Cliath Theas?




Fíor 6.4: Riachtanais Shóisialta - Suirbhé Pobail.

6.2.3 Tacaíochtaí Oideachais, Nuálaíochta agus Gnó

- Leagadh béim ar an tábhacht a bhain le cúrsaí gairme atá ailínithe le réimsí spéise leanaí (go háirithe i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste) a d'fhéadfadh cabhrú chun an bhearna scileanna a líonadh. Rachaidh scileanna praiticiúla a fheabhsóidh a n-infhostaitheacht chun tairbhe na foirne oibre áitiúla.
- Tagraíodh don éileamh ar thionscnaimh uasoiliúna roinnt uaireanta i rith na gcomhairliúcháin. Ní mór béim a leagan ar scileanna inbhuanaitheachta, teicneolaíochta, tógála agus gairme chun freastal ar éilimh athraitheacha an mhargaidh fostaíochta agus chun uirlisí a chur ar fáil do dhaoine aonair chun a rath fadtéarmach a chinntiú. Tá léargas le fáil ar an méid sin sa suirbhé pobail freisin (féach fíor 6.5).

Na riachtanais oideachais, oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil is tábhachtaí do Bhaile Átha Cliath Theas



Fíor 6.5: Riachtanais Oideachais - Suirbhé Pobail.

- Sainaithníodh riachtanas cur leis na scoileanna atá ag freastal ar leanaí uathacha agus iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise eile acu. Tá sé sin mar bhonn leis an tábhacht a bhaineann le hoideachas inrochtana. Tá ionchuimsitheacht i suíomhanna oideachais a chinntiú rithábhachtach chun timpeallachtaí foghlama éagsúla agus tacúla a chur chun cinn a oireann do riachtanais gach duine sa phobal.
- Measadh go bhféadfaí an chumarsáid maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil do ghnóthaí a fheabhsú. Ní raibh formhór na ndaoine a d'fhreagair an suirbhé gnó ar an eolas faoi na tacaíochtaí agus seirbhísí gnó Glasa atá ar fáil ón OFÁ. Go ginearálta, laistigh den phobal ansin bhí leibhéal feasacht íseal ar na tacaíochtaí gnó a bhí ar fáil (féach fíor 6.6).

An raibh tú ar an eolas faoi na tacaíochtaí agus faoi na seirbhísí atá ar fáil ó d'Oifig Fiontair Áitiúil?



Fíor 6.6: Feasacht ar Thacaíochtaí Gnó - Suirbhé Pobail.

6.2.3 Tacaíochtaí Oideachais, Nuálaíochta agus Gnó (ar lean)

- Glacadh leis go raibh an gá a bhí le spásanna éagsúla ina bhféadfadh gnó scálú nuair ba ghá agus áit ina bhféadfaí buntáistí braislithe a chruthú rithábhachtach chun dlús a chur le fás eacnamaíoch agus le cruthú fostaíochta.
- Tarraingíodh aird ar an nganntanas sonraí maidir le gníomhaíochtaí gnó i mBaile Átha Cliath Theas tríd na comhairliúcháin. Tá infhaighteacht na sonraí seo tábhachtach fad is atá cinntí eolasacha á ndéanamh agus tacaíocht spriocdhírthe á soláthar. Cinntíonn sé go mbíonn acmhainní in úsáid go héifeachtúil chun tacú le fás.
- Saincheist eile a bhí ag cur isteach ar an bpobal gnó go háirithe ba ea a easpa toilteanais oibriú le gníomhaireachtaí rialtais. Ní mór déileáil leis seo ó tharla go bhfuil a leithéid de rannpháirtíocht riachtanach chun comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha éifeachtacha a bhunú agus chun a chinntiú go bhfaigheann gnóthaí an tacaíocht a theastaíonn uathu chun dul chun cinn a dhéanamh.



- Sainaithníodh gur comhpháirteanna tábhachtacha iad an gá atá le níos mó criosanna talún eacnamaíocha agus cur chun cinn samhlacha Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha chun timpeallacht a chruthú atá oiriúnach d'fhorbairt gnó.
- Sainaithníodh go raibh déileáil le bacainní ar rochtain a fháil ar an gcúlsláthar talún agus ar fhoirgnimh fholmha do ghnóthaí príobháideacha riachtanach d'fhás eacnamaíoch. Cinnteoidh a leithéid go mbeidh an spás fisiciúil ag ghnóthaí a theastaíonn uathu dá gcuid oibríochtaí.
- Sa suirbhé gnó tugadh le fios gur bacainní móra iad ganntanas tacaíochtaí gnó oiriúnacha, an costas a bhaineann le gnó a dhéanamh agus costais tithíochta/mhaireachtála (fíor 6.7). Is fiú a lua go mb'fhéidir go mbaineann an tuiscint ar easpa tacaíochtaí gnó le heaspa feasachta, seachas nach bhfuil tacaíochtaí oiriúnacha á gcur ar fáil.

Príomhshrianta Bhaile Átha Cliath Theas mar áit le gnó a dhéanamh


Costas a bhaineann le Gnó a Dhéanamh	Costas Tithíochta	Costas Maireachtála
Tacaíochtaí Gnó	Infhaighteacht Spáis Oifige	Infhaighteacht Foirne Oibre
Féidearthacht Fáis agus rochtain ar mhargai agus ar chustaiméirí	Infhaighteacht Seirbhísí	Inrochtaineacht (bóthar, iarnród, etc.)

Fíor 6.7: Srianta a bhaineann le Gnó a dhéanamh - Suirbhé Gnó.

6.2.4 Pobal agus Caighdeán Saoil

- Tá riachtanas dáiríre ann limistéir spraoi shábháilte, phoiblí a bhunú do leanaí agus do dhéagóirí, go háirithe limistéir ar féidir leo iad a úsáid i ndiaidh 5 pm. Tá a leithéid sin de spásanna riachtanach chun timpeallachtaí slána a chur ar fáil do leanaí do ghníomhaíochtaí caitheamh aimsire, chun tacú le forbairt fhisiciúil agus shóisialta.
- Tarraingíodh aird ar an ngá a bhí le níos mó spásanna glasa agus páirceanna i rith na gcomhairliúcháin go minic. Bailíodh an fhaisnéis sin nuair a bhíodhas ag labhairt le leanaí scoile agus leis an bpobal i gcoitinne tríd an suirbhé pobail (féach fíor 6.4). Chomh maith leis sin, labhair na leanaí go minic faoi rochtain a fháil ar an dúlra.
- Ba léir i rith an chomhairliúcháin nach raibh dóthain ionad pobail ar fáil. Tá gá le níos mó spásanna chun freastal ar riachtanais éagsúla an phobail.
- Leagadh béim ar spásanna a bhí oiriúnach do leanaí a chruthú laistigh d'ionaid phobail, go háirithe do leanaí uathacha, agus é mar aidhm ionchuimsitheacht a chothabháil agus tacú lena riachtanais uathúla i ndáil le heispéiris dhearfacha.
- Gné eile a tugadh faoi deara i rith comhairliúcháin ba ea sainaithint saincheisteanna a bhaineann le saoráidí agus clubanna spóirt. Thagair formhór na ndaoine a ghlac páirt sa suirbhé pobail don ghá a bhí le saoráidí spóirt agus caitheamh aimsire i mBaile Átha Cliath Theas a fheabhsú ar mhaithe lena sláinte agus folláine a fheabhsú (féach fíor 6.8).


Moladh chun sláinte agus folláine i do cheantar a fheabhsú




Fíor 6.8: Moltaí chun sláinte agus folláine i do cheantar a fheabhsú - Suirbhé Pobail.

- Tacaíocht do shásraí tacaíochta láidre do chláir agus do thionscnaimh for-rochtana chun déileáil le ciníochas i gceantair dhíothacha agus faoi mhíbhuntáiste, chun tacú le comhtháthú agus le comhionannas pobail.
- Tá go leor féidearthachtaí ann chun caighdeán na seirbhísí agus na saoraidí i mBaile Átha Cliath Theas a fheabhsú. Tagraíodh don ghanntanas seirbhísí a bhain le sábháilteacht & pobal, agus áiseanna i bpáirceanna/páirceanna spraoi/páirceanna spóirt go minic i measc gach páirtí leasmhar i rith na gcomhairliúcháin (fíor 6.9).

Seirbhísí Rátála



Áiseanna Rátála



An-mhaith Go maith Lag An-lag

Fíor 6.9: Seirbhísí agus Áiseanna Rátála - Suirbhé Pobail.

7

Spriocanna, Cuspóirí, Gníomhartha & Torthaí Ardleibhéil



7.1 Spriocanna Ardleibhéil

D'fhorbair Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas i dteannta le CFPÁ, CBS - Forbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireacht, agus páirtithe leasmhara eile, sé sprioc ardleibhéil le cuspóirí gaolmhara, gníomhartha agus torthaí inmhianaithe chun cabhrú le treo an Chontae a threorú sa tréimhse idir 2024-2030. Bhí an fhorbairt sin bunaithe ar thorthaí ón anailís shocheacnamaíoch, comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal, agus an t-athbhreithniú ar bheartais reatha ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Sprioc 1	Gur áit níos fearr chun cónaí inti agus chun oibriú inti é Contae Bhaile Átha Cliath Theas.
Sprioc 2	Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte daoine atá ina gcónaí agus ag obair i mBaile Átha Cliath Theas a fheabhsú.
Sprioc 3	Níos mó rochtana ar oideachas, uasoiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil chun freastal ar bhealach níos fearr ar riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha cónaitheoirí agus fostóirí anois, agus amach anseo.
Sprioc 4	Cothroime, comhoibriú agus nuálaíocht a bheith ag croílár aistrithe Bhaile Átha Cliath Theas go dtí Contae ísealcharbóin.
Sprioc 5	Pobail a chumhachtú trí thionscnaimh CLISTE agus forbairt scileanna chun cabhrú lena chinntiú gur áiteanna níos fearr chun cónaí iontu, chun obair iontu agus chun cuairt a thabhairt orthu iad a gceantair féin.
Sprioc 6	Go mbeadh an tsochaí laistigh de Chontae Bhaile Átha Cliath Theas níos ionchuimsithí, níos cothroime agus níos fáiltí chomh fada is a bhaineann le héagsúlacht.

Tá na sé Sprioc Ardleibhéil ailínithe leis na Téamaí molta i dTreoirínte PÁEP:

- Sláinte agus Folláine (Spriocanna Ardleibhéil 2, 5 & 6)
- Forbairt Eacnamaíochta (Spriocanna Ardleibhéil 1, 3, 4 & 5)
- Forbairt Pobail agus Áitiúil (Spriocanna Ardleibhéil 1, 2, 3, 4, 5 & 6)
- An Gníomhú ar son na hAeraide (Sprioc Ardleibhéil 4)

Mar atá mínithe sna caibidlí ina dhiaidh seo, clúdaíonn na spriocanna, na cuspóirí, na gníomhartha agus na torthaí gnéithe eacnamaíocha agus pobail mar a cheanglaíonn treoirínte PÁEP. Tá siad deartha chun cur ar bhealach dearfach le forbairt eacnamaíochta agus pobail Bhaile Átha Cliath Theas agus tá siad ailínithe leis an uailmhian fhoriomlán do Chontae nuálach, solúbtha, ionchuimsitheach, rachmasach agus inbhuanaithe.

Tacaíonn na spriocanna, na cuspóirí, na gníomhartha agus na torthaí leis na tosaíochtaí leathana a ndearnadh cur síos orthu i dtreoirilínte PÁEP. Chomh maith leis sin, tacaíonn siad le dualgas na hearnála poiblí comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta an duine a chosaint. Tosaíochtaí leathana ar déileáladh seo sa PÁEP seo: inbhuanaitheacht, comhionannas, bochtaineacht, ceantar tuaithe, aois agus míchumas.

Tá cur síos ar gach sprioc ardleibhéil sna rannóga ina dhiaidh seo, mar aon le cur síos níos mine ar chuspóirí gaolmhara, gníomhartha agus torthaí inmhianaithe (a bhaineann leis na spriocanna agus cuspóirí). Tá gach gníomh nasctha leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) comhfhreagracha.

Ar an iomlán, tá 24 Cuspóir agus 120 Gníomh.

- Sprioc Ardleibhéil 1 - 5 Chuspóir agus 28 Gníomh.
- Sprioc Ardleibhéil 2 - 4 Chuspóir agus 13 Gníomh.
- Sprioc Ardleibhéil 3 - 5 Chuspóir agus 22 Gníomh.
- Sprioc Ardleibhéil 4 - 4 Chuspóir agus 18 Gníomh.
- Sprioc Ardleibhéil 5 - 4 Chuspóir agus 21 Gníomh.
- Sprioc Ardleibhéil 6 - 2 Chuspóir agus 18 Gníomh.

Tá na gníomhartha éagsúla ar fad sa PÁEP seo seiceáilte i gcomparáid leis an bPlean Forbartha Náisiúnta, an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach, agus an Plean Forbartha Contae chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht leis na doiciméid sin. Léirítear sa Phlean Feidhmithe tosaigh, i Rannóg 8, an t-ailíniú le Cuspóirí ábhartha an Phlean Forbartha Náisiúnta agus SRSG.

Tá an PÁEP deiridh seiceáilte chun ailíniú Spriocanna agus Cuspóirí Ardleibhéil le Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 agus le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath Theas 2024–2029 a chinntiú. Díríonn na cuspóirí agus na gníomhartha faoi sprioc a ceathair ar an athrú aeráide go sonrach.

Bhain na gníomhartha ar tugadh tosaíocht dóibh ar dtús leis na spriocanna atá le fáil sa Phlean Feidhmithe 2 bhliain i gCaibidil 8. Tá na bearta sin ar fad ag teacht le forálacha an Phlean Forbartha Contae reatha agus leis an gcreat pleanála ginearálta (féach ar an téacs dar teideal “Stádas Sáraitheach an Phlean” i rannóg 1.7).



Tá siad deartha chun cur ar bhealach dearfach le forbairt eacnamaíochta agus pobail Bhaile Átha Cliath Theas agus tá siad ailínithe leis an uailmhian fhoriomlán do Chontae nuálach, solúbtha, ionchuimsitheach, rachmasach agus inbhuanaithe.

7.2 Spriocanna, Cuspóirí, Gníomhartha agus Torthaí Ardleibhéil

Sprioc 1

Gur áit níos fearr chun cónaí inti agus chun oibriú inti é Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

Cuspóir 1.1: Oibriú i gcomhar le grúpaí ábhartha (e.g., Grúpa Stiúrtha Forbartha Tithíochta, Coiste Comhairleach Áitiúil Cóiríochta don Lucht Siúil, Coiste Stiúrtha Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas) chun tacú le soláthar tithíochta a fhreastalaíonn ar riachtanais daonra atá ag forbairt a bhfuil riachtanais éagsúla aige.

An gá atá le cuspóir: Tá éileamh suntasach ar thithíocht i mBaile Átha Cliath Theas. In 2016, bhí daonra Bhaile Átha Cliath Theas cothrom le 288k. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, in 2018, measadh sa Phlean Forbartha Náisiúnta go méadódh an daonra 50k breise faoin mbliain 2031. Is dócha, áfach, go bhfuil an meastachán sin sáraithe roinnt blianta roimhe sin. Bunaithe ar Dhaonáireamh 2022, bhí daonra Bhaile Átha Cliath Theas méadaithe 8% go dtí 301k. Ó 2022, tá an ráta náisiúnta de mhéadú daonra méadaithe go mór. Anois, is é Baile Átha Cliath Theas an ceathrú údarás áitiúil is mó bunaithe ar mhéid daonra, i ndiaidh Cathair Bhaile Átha Cliath, Contae Chorcaí agus Fine Gall. Seachas an brú tithíochta a d'eascair as méadú ar an líon foriomlán daoine, tá próifíl an daonra ag athrú. Mar shampla, ainneoin go bhfuil daonra Bhaile Átha Cliath, ar an meán, dhá bhliain níos óige ná an figiúr náisiúnta, tá líon foriomlán na gcónaitheoirí níos sine atá ina gcónaí sa cheantar Údaráis Áitiúil ag méadú. Ar an gcuma chéanna, tá líon na ndaoine ó Phobal an Lucht Siúil méadaithe. Seachas líon leordhóthanach tithe a chur ar fáil, is ábhar imní ar leith é inacmhainneacht. I rith comhairliúcháin le páirtithe leasmhara sainaithníodh infhaighteacht tithíochta inacmhainne mar bhacainn a bhfuil tionchar aici ní hamháin ar an margadh tithíochta áitiúil ach freisin ar mheallacht agus ar choinneáil deiseanna fostaíochta sa Chontae.

Gníomh 1.1.1

Ar aon dul leis an bPlean Forbartha Contae, leanúint ar aghaidh le Tithíocht do Chách, an Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta, an Plean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean, an Plean Cóiríochta don Lucht Siúil agus aon phlean a chuirtear i dtoll a chéile ina dhiaidh sin a sheachadadh. Le haghaidh gach plean nua, ní mór an méid seo a leanas a chur i gcrích: measúnú oiriúnach ar riachtanas nuair a bhíonn na pleananna seo á n-ullmhú; dualgas comhionannais agus chearta an duine na hearnála poiblí a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn na pleananna seo á n-ullmhú; agus struchtúir éifeachtacha agus fhiúntacha a bhunú chun dlús a chur leis na pleananna seo.



Gníomh 1.1.2

Oibriú i gcomhar le forbróirí tithíochta chun a chinntiú go bhfuil forbairtí tithíochta nua móra á ndearadh chun tacú le cuspóirí maidir le dearadh ar ardchaighdeán agus comhfhorbairt áite shláintiúil sa Phlean Forbartha Contae nó sna pleananna ceantair áitiúla ábhartha.



Gníomh 1.1.3

Oibriú le comhpháirtithe ábhartha (e.g., Grúpa Stiúrtha Forbartha Tithíochta, Coiste Comhairleach Áitiúil Cóiríochta don Lucht Siúil, Coiste Stiúrtha Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas) chun cruthú leanúnach roghanna tithíochta do dhaoine scothaosta a éascú (e.g., coigeartú méide), daoine faoi mhíchumas, Pobal an Lucht Siúil agus iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu, chun tacú le maireachtáil neamhspleách agus/nó maireachtáil chuidithe a sholáthar.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Níos mó tithíochta. A chinntiú go bhfuil pobail á gcruthú seachas eastáit tithíochta. Níos mo idirghníomhaíochta dearfaí idir daoine agus a gcomharsana. Caighdeán saoil feabhsaithe. Meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil feabhsaithe.

Cuspóir 1.2: Is áit níos sábháilte do chách a bheidh i mBaile Átha Cliath Theas.

An gá atá le cuspóir: Is fadhb shuntasach í coireacht i mBaile Átha Cliath Theas. Bhí éifeacht thromchúiseach ag iompar frithshóisialta, gadaíocht, foréigean agus coireacht a bhaineann le drugaí go ginearálta ar chaighdeán saoil cónaitheoirí in eastáit tithíochta áirithe i mBaile Átha Cliath Theas. Tá comhghaol ginearálta idir coireacht agus ceantair de mhíbhuntáiste sóisialta. In dhá cheann de na ceantair sin, tá tascfhórsaí drugaí agus alcóil bunaithe chun iarracht a dhéanamh dul i ngleic leis na fadhbanna. Seachas an bonn a bhaint de chaighdeán saoil cónaitheoirí, tá tionchar ag iompar frithshóisialta ar chinntí a bhaineann le hinfheistíocht tráchtála. I rith an chomhairliúcháin don phlean seo, tagraíodh do shábháilteacht mar fhadhb shóisialta agus eacnamaíoch go minic. Sa suirbhé pobail nuair a fiafraíodh de dhaoine, ‘cén seirbhís nua ba mhaith leat a fheiceáil i do cheantar? Ba é seo a leanas an freagra ba choitianta ‘Stáisiún de chuid an Gharda Síochána agus níos mó patrólaithe’. Tagraíodh do shábháilteacht i rith dhá sheisiún comhairliúcháin le leanaí bunscoile.

Gníomh 1.2.1

Tacú le Cuan, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe a Chosc (FBGI) agus tacú le seirbhísí um fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chur ar fáil i mBaile Átha Cliath Theas trí fheachtas cumarsáide a bhunú chun feachtas a mhéadú, foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe sa Chontae a chosc agus a mhaolú.

**Gníomh 1.2.2**

Oibriú le gníomhaireachtaí ábhartha chun déileáil le fadhbanna a bhaineann le mí-úsáid daoine scothaosta agus acmhainn freagartha a fhorbairt.

**Gníomh 1.2.3**

Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an Scéim CCTV Phobalbhunaithe.

**Gníomh 1.2.4**

Tuilleadh forbairt a dhéanamh agus tuilleadh tacaíocht a thabhairt do líonra Clinicí an Gharda Síochána ar fud Bhaile Átha Cliath Theas chun idirghníomhaíocht éasca idir cónaitheoirí, gnóthaí agus An Garda Síochána a éascú.

**Gníomh 1.2.5**

Eolaire de Ghardaí Pobail sa Chontae a chruthú, mar aon lena sonraí teagmhála agus seirbhísí. Tacú le breis Gardaí Pobail a earcú.



Gníomh 1.2.6

Mar iarracht a chinntiú nach mbeidh coireacht luaite le scéimeanna tithíochta agus ríochta poiblí nua, táthar le dul i gcomhairle le An Garda Síochána maidir le dearadh gach scéim nua beartaithe ríochta poiblí agus tithíochta CCBÁCT.



Gníomh 1.2.7

Scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun cur leis an idirghníomhaíocht idir Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus An Garda Síochána, lena n-áirítear faisnéis a chomhroinnt agus comhairliúchán a reáchtáil maidir le hiompar frithshóisialta a laghdú go suntasach.



Gníomh 1.2.8

Comhpháirtíocht Sábháilteachta an Phobail Áitiúil a bhunú agus tacú lena leithéid do Chontae Bhaile Átha Cliath Theas.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Contae níos sábháilte le níos lú coireachta. Áit níos fearr le cónaí inti, le cuairt a thabhairt uirthi agus le gnó a dhéanamh inti.

“
Is fadhb
shuntasach í coireacht
i mBaile Átha Cliath Theas.
Bhí éifeacht thromchúiseach
ag iompar frithshóisialta,
gadaíocht, foréigean agus
coireacht a bhaineann le drugaí
go ginearálta ar chaighdeán
saoil cónaitheoirí in eastáit
tithíochta áirithe i mBaile
Átha Cliath Theas.”

Cuspóir 1.3: Cuma aeistéitiúil ár gContae a fheabhsú ar mhaithe lena Forbairt Eacnamaíochta agus Shóisialta.

An gá atá le cuspóir: Tá níos mó fianaise ar fáil a chruthaíonn nasc idir mealltacht fhisiciúil áite agus a rathúnas eacnamaíoch. A bhuíochas le ‘préimh áilleachta’ go hiondúil tugtar fás daonra agus eacnamaíoch níos láidre faoi deara in áiteanna níos mealltaí i gcomparáid le háiteanna a mheastar nach bhfuil chomh mealltach céanna. Tá go leor fianaise ar fáil freisin a thugann le fios go méadaíonn níos mó deiseanna nascadh leis an dúlra – go háirithe in áiteanna le bithéagsúlacht ard – leibhéal folláine daoine agus go mbíonn tionchar díreach ag a leithéid ar a meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil. Sa suirbhé pobail a rinneadh don phlean seo, ba é ‘Spásanna glasa agus nádúrtha’ an freagra ba choitianta a tugadh i ndáil leis an riachtanas sóisialta ba thábhachtaí.

Gníomh 1.3.1

Leanúint ar aghaidh ag déileáil le ceantair atá dearóilithe agus le folúntas. Comhairle a thabhairt maidir le scéimeanna/cúnamh deontais atá ar fáil d’úinéirí réadmhaoine.



Gníomh 1.3.2

Tacú le saothar ealaíne poiblí suntasach, éachtach a shuiteáil ar fud Bhaile Átha Cliath Theas.



Gníomh 1.3.3

Gníomhartha Phlean Bainistíochta Bruscair 2023 -2025 a sheachadadh. Leanúint ar aghaidh ag tacú le grúpaí Bailte Slachtmhara, grúpaí pobail eile, agus daoine aonair lena gcuid iarrachtaí a gceantar a choinneáil glan.



Gníomh 1.3.4

Má tá sé praiticiúil, ba cheart do gach scéim ríochta poiblí atá á maoiniú go poiblí ábhair nádúrtha ar ardchaighdeán a úsáid go príomha.



Gníomh 1.3.5

Tacú le cuma aeistéitiúil sráidbhailte agus ionaid siopadóireachta ceantair, aonaid thionsclaíocha agus mhiondíola.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Níos lú folúntais agus dearóilithe. Timpeallacht níos glaine, níos deise don tsúil. Meabhairshláinte níos fearr. Níos mó mórtais ceantair.

Cuspóir 1.4: Eispéireas cultúrtha an tsaoránaigh agus an chuaipteora ar Bhaile Átha Cliath Theas a fheabhsú trí ealaín, cultúr, oidhreacht agus turasóireacht.

An gá atá le cuspóir: Ainneoin go bhfuil daonra sa bhreis ar 300k i mBaile Átha Cliath Theas anois, tá líon réasúnta íseal taitneamhachtaí cultúrtha ann. Is amhlaidh atá is dócha mar gheall ar nuacht choibhneasta fhormhór na gceantar cónaithe i mBaile Átha Cliath Theas, an chóngaracht do thaitneamhachtaí cultúrtha agus turasóireachta móra Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, agus an tearc-infheistíocht stairiúil atá déanta ag an Stát i gcultúr i gcomparáid le tíortha eile in Iarthar na hEorpa. Tá roinnt buntáistí ag baint le taitneamhachtaí breise agus feabhsaithe: 1. Méadófar caighdeán saoil na gcónaitheoirí. 2. Cruthófar fostaíocht dhíreach agus spreagfar níos mó infheistíochta ón earnáil phríobháideach. 3. Is léir go bhfeabhsaíonn rochtain níos fearr ar thaitneamhachtaí cultúrtha folláine daoine. 4. Is dócha go mbeidh níos mó taitneamhachtaí cultúrtha agus turasóireachta níos fearr mar bhonn le feabhsuithe ar chomhtháthú pobail agus ar bhraistint chómhuintearais cónaitheoirí. 5. Is dócha go mbeidh níos mó cruthaitheachta ealaíne pobail mar bhonn le níos mó cruthaitheachta/nuálaíochta agus cruthaitheacht/nuálaíocht thráchtála.

Gníomh 1.4.1

Tacú le forbairt leantach timpeallacht ealaíne agus cultúrtha bríomhar agus nuálach ar fud Bhaile Átha Cliath Theas trí Straitéis Forbartha Ealaíne ReFRAME a chur chun feidhme agus aon phlean ina dhiaidh sin.



Gníomh 1.4.2

Tacú le cur chun feidhme Phlean Oidhreachta Bhaile Átha Cliath Theas agus aon phlean ina dhiaidh sin.



Gníomh 1.4.3

Tacú le cur chun feidhme Straitéis Turasóireachta Bhaile Átha Cliath Theas.



Gníomh 1.4.4

Tacú le forbairt príomhthionscadal caipitil turasóireachta lena n-áirítear: Teach Leamhcáin, Clós agus Stáblaí Chaisleán Ráth Fearnáin, Páirc Chorcaí, Staid Thamhlachta, Ionad Cuairteoirí Shléibhte Bhaile Átha Cliath, agus Tionscadal Turasóireachta agus Oidhreachta Thamhlachta. Táthar le cloí le prionsabail an dearaidh uilíoch nuair a bheidh na tionscadail chaipitil éagsúla á ndearadh.



Gníomh 1.4.5

Ár Leabharlann, Ár dToghcháin: Plean Forbartha Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas 2023–2027 a chur chun feidhme, ina gcuimsítear an Clár Caipitil Leabharlann chun leabharlanna nua a bhunú.



Gníomh 1.4.6

Tacú le gnóthaí pobalbhunaithe agus le gnóthaí áitiúla eile atá ag feidhmiú san earnáil chultúrtha, cheardaíochta agus turasóireachta.



**Príomhthorthaí inmhianaithe**

Níos mó mórtais ceantair. Áit níos bríomhaire le cónaí inti. Níos lú uaignis agus aonraithe shóisialta. Níos mó cuairteoirí ar Bhaile Átha Cliath Theas. Níos mó taitneamhachtaí do chuairteoirí agus do dhaoine áitiúla chun taitneamh a bhaint astu. Níos mó fostaíochta.

Cuspóir 1.5: Fostaíocht a mhéadú ar fud an Chontae do gach duine agus tacú le gnóthaí seanbhunaithe agus nua.

An gá atá le cuspóir: De réir mar a fhasann an daonra, fásann an gá atá ann chun níos mó fostaíochta a chruthú. Ainneoin ar fud Bhaile Átha Cliath Theas go bhfuil an leibhéal daoine atá os cionn 15 bliana d'aois atá i mbun fostaíochta beagán níos airde ná an meán náisiúnta (Daonáireamh 2022), tá athruithe áitiúla suntasacha le tabhairt faoi deara. De ghnáth, bíonn rátaí fostaíochta níos ísle i gceantair ina bhfuil an leibhéal de mhíbhuntáiste sóisialta níos airde. Dá bharr sin, ní hamháin go bhfuil riachtanas ann níos mó post a chruthú do dhaoine atá ag fás, ach tá sé riachtanach freisin deis a thabhairt do níos mó daoine páirt a ghlacadh san fhoireann oibre ó na ceantair ina bhfuil na leibhéil dífhostaíochta níos airde trí chúrsaí oiliúna, tacaíochtaí riachtanacha a chur ar fáil agus poist a chruthú a mheaitseálann a gcuid scileanna agus cumais.

Tá sé riachtanach tacú le hordlathas miondíola Bhaile Átha Cliath Theas mar atá mínithe sa Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach ina sainaithnítear Tamhlacht agus Gleann na Life mar Leibhéal 2 [Lár Mórghailte agus Lár Bailte Contae (Príomhbhailte)], agus Baile Adaim, Cromghlinn (Duiliúr na Fuinseoige), Cluain Buiríosa, Cluain Dolcáin, Iarthar na Cathrach, Cill na Manach, Leamhcán agus Ráth Fearnáin mar Leibhéal 3 [Lár Bailte agus/nó Ceantair agus Lár Bailte Fochontae (Príomhionaid Seirbhíse)] laistigh den ordlathas miondíola. Má thacaítear leis an ordlathas tacófar le poist agus le cumas na n-ionad éagsúil feidhmiú mar áiteanna sóisialaithe do na pobail mórthimpeall.

Gníomh 1.5.1

Ag cur leis an rath atá ar Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí, leanfaidh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ar aghaidh le hiarracht a dhéanamh infheistíocht eachtrach agus náisiúnta a mhealladh de réir chur chun feidhme Mháistirphlean Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí, a thacóidh le suas le 12,000 post nua a chruthú.

**Gníomh 1.5.2**

Gnóthaí a chothabháil agus a fhorbairt tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Maoiniú a chur ar fáil do FBManna d'fhorbairt ghnó luathchéime, d'fhás agus d'fhorbairt gnó.
- Cúrsaí oiliúna agus tacaíocht mheantóireachta a chur ar fáil chun uasoiliúint gach gnó laistigh den Chontae a fhorbairt.
- Cur leis an líonra reatha NEWS/SCENE agus líonra Ceannairí Gnó a fhorbairt.
- Tacú le agus forbairt leantach an Chiste Tacaíochta Gnó ar fud an Chontae.
- Tacú le gnóthaí chun fostaithe a mhealladh ó ghrúpa a bhfuil gannionadaíocht á déanamh orthu san fhoireann oibre.

**Gníomh 1.5.3**

Ar aon dul le CCIF, forbairt braislí laistigh den réigiún a spreagadh agus tacú lena leithéid. Mar chuid den obair seo, foráil a dhéanamh do spás gortainne laistigh den Chontae chun freastal ar riachtanais earnálacha gnó difriúla.



Gníomh 1.5.4

Tacú le ról na bhfiontar sóisialta laistigh den Chontae trí phoist a chruthú agus trí sheirbhísí a chur ar fáil do shaoránaigh Bhaile Átha Cliath Theas trí chomhoibriú maidir le tionscnaimh chomhpháirteacha idir páirtithe leasmhara ábhartha. Aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le Fiontair Shóisialta agus ar an obair a dhéanann siad laistigh den phobal. Tacú le Fiontair Shóisialta chun scálú agus éagsúlú a dhéanamh, agus ar an tslí sin, deiseanna fostaíochta a chruthú laistigh de phobail áitiúla, agus aird ar leith a thabhairt orthu siúd a bhaineann le pobail sainaitheanta.



Gníomh 1.5.5

Tacú le gnóthaí seanbhunaithe agus nua tríd an timpeallacht ghnó a fheabhsú ar fud an Chontae trí dheiseanna pleanála réamhghníomhacha, straitéiseacha, atá ailínithe le Pleananna Ceantair Áitiúla.



Gníomh 1.5.6

Mar chuid de na hiarrachtaí athghiniúna, dóthain tacaíochtaí a chur ar fáil d'fhorbairt fiontar agus chun fostaíocht a chruthú. Tá aird ar leith le tabhairt ar thacú le Tionscadal Imeall na Cathrach agus Lár Bhaile Thamhlachta.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Timpeallacht eacnamaíoch níos fearr. Níos mó fostaíochta agus níos mó éagsúlachta i ndáil le deiseanna fostaíochta.



De réir mar a
fhásann an daonra,
fásann an gá atá ann chun
níos mó fostaíochta a chruthú.
Ainneoin ar fud Bhaile Átha
Cliath Theas go bhfuil an leibhéal
daoine atá os cionn 15 bliana d'aois
atá i mbun fostaíochta beagán
níos airde ná an meán náisiúnta
(Daonáireamh 2022), tá
athruithe áitiúla suntasacha
le tabhairt faoi
deara.

Sprioc 2

Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte daoine atá ina gcónaí agus ag obair i mBaile Átha Cliath Theas a fheabhsú.

Cuspóir 2.1: Oibriú le gníomhaireachtaí náisiúnta agus áitiúla chun tacú le cónaitheoirí Bhaile Átha Cliath Theas chun a sláinte, folláine agus stíl mhaireachtála a fheabhsú.

An gá atá le cuspóir: I ndaonáireamh 2022, thug 53.4% den daonra i mBaile Átha Cliath Theas le fios go raibh a Sláinte An-mhaith, agus bhí 29.6% den tuairim go raibh a Sláinte Go Maith. Bhí sé sin ag teacht, a bheag nó a mhór, leis na figiúirí náisiúnta. Ceileann an meán sa cheantar Údaráis Áitiúil léargas níos firinní, áfach, atá ailínithe go ginearálta le míbhuntáiste sóisialta. I gceantair atá níos rachmasaí, bhí na leibhéil de chur síos dearfach ar shláinte phearsanta níos fearr i gcomparáid le ceantair nach bhfuil chomh rachmasach céanna. Mar shampla, i gceantar beag réasúnta rachmasach in lathar na Cathrach, thug 95% de na cónaitheoirí le fios i nDaonáireamh 2022 go raibh a sláinte an-mhaith nó go maith. Níor thug ach 7% le fios go raibh níos acu a bheith ag caitheamh. I gcodarsnacht leis sin, i gceantar beag amháin a bhí faoi níos mó míbhuntáiste sóisialta níos lú ná 1km uaidh sin i Ráth Miontáin, níor thug ach 75% le fios go raibh a sláinte an-mhaith nó go maith. Lena chois sin, thug 22% de na daoine le fios go raibh níos acu a bheith ag caitheamh.

Gníomh 2.1.1

Tairbhe a bhaint as creat Éire na Sláinte agus as clár Phobail Shláintiúla Sláintecare chun tionscnaimh fhianaisebhunaithe a úsáid d'fheasacht, rannpháirtíocht, gníomhaíocht fhisiciúil, rannpháirtíocht, meabhairshláinte, rochtain ar bhonneagar glas agus gorm a mhéadú, agus mí-úsáid alcóil / substaintí. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar dhéileáil le riachtanais shonracha na ndaoine ó na grúpaí sainaitheanta (go háirithe Daoine Gorma agus mionlaigh eitneacha, Pobal an Lucht Siúil agus an Pobal Romach), lena n-áirítear céimeanna a chur i gcrích chun rochtain ar agus torthaí ó sheirbhísí sláinte a fheabhsú.



Gníomh 2.1.2

Tacú le gníomhartha sa Phlean Náisiúnta um Chur Chun Cinn na Meabhairshláinte agus Nasc don Saol agus iad a chur chun feidhme más cuí chun torthaí meabhairshláinte agus folláine sa Chontae a fheabhsú (lena n-áirítear béim ar Phobal an Lucht Siúil).



Gníomh 2.1.3

Tacú le rannpháirtíocht ghníomhach sa phobal mar bhealach chun sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte a fheabhsú (go háirithe iad siúd ó ghrúpaí sainaitheanta).



Príomhthorthaí inmhianaithe

Comhordú agus aontacht iarrachta níos láidre idir páirtithe leasmhara ábhartha. Meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil feabhsaithe an phobail.

Cuspóir 2.2: Deiseanna a fhorbairt chun tacú le Contae sláintiúil agus gníomhach.

An gá atá le cuspóir: Léiríodh go soiléir sa suirbhé pobail a rinneadh don tuarascáil seo an tóir a bhí ar níos mó deiseanna spraoi agus aclaíochta. Bíonn níos mó gníomhaíochta mar bhonn le sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte níos fearr. Bíonn a leithéid mar bhonn le níos mó rannpháirtíochta sa gheilleagar freisin. Gach seans go mbeidh méadú ar leibhéil sláinte agus ghníomhaíochta sa Chontae mar bhonn le níos mó buntáistí sóisialta trí idirghníomhaíocht idir comharsana a mhéadú agus ar an tslí sin, cabhrú le comhtháthú pobail. Méadóidh sé freisin leibhéil faireachais éighníomhacha i spásanna poiblí agus i saoráidí pobail. De ghnáth, laghdaíonn a leithéid iompar frithshóisialta.

Gníomh 2.2.1

Lántairbhí a bhaint as an úsáid agus tairbhí a bhaintear as saoráidí pobail, spóirt, áineasa agus caitheamh aimsire sa Chontae do ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta, sláinte agus folláine, agus pobail. Ba cheart go gcuimseofaí in úsáid dá leithéid gach riachtanas agus cumas.



Gníomh 2.2.2

Plean Bhaile Átha Theas Gníomhach a chur chun feidhme agus béim a leagan ar spórt, caitheamh aimsire agus gníomhaíocht do chách agus tacú le comhpháirtíochtaí agus le cláir spóirt sheanbhunaithe agus nua chun leibhéil rannpháirtíochta agus litearthacht fhisiciúil a fheabhsú, go háirithe i measc teaghlach, ban, leanaí scoile, daoine óga, daoine leochaileacha (e.g. iad siúd atá ina gcónaí i dteaghlaigh ina bhfuil mí-úsáid substaintí ag tarlú), agus daoine faoi mhíchumas.



Gníomh 2.2.3

Oibreacha caipitil a chur i gcrích, lena n-áirítear páirceanna breise a fhorbairt mar aon le saoráidí caitheamh aimsire, spásanna do dhéagóirí, spásanna spraoi agus saoráidí spóirt de réir beartas agus straitéisí idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla ábhartha. A chinntiú go bhfuil saoráidí éagsúla á gcothabháil ag ardchaighdeán agus go bhfuil spríochphobail in ann rochtain a fháil orthu go héasca. Táthar le cloí le príonsabail an dearaigh uilíoch nuair a bheidh na tionscadail chaipitil éagsúla á ndearadh.



Gníomh 2.2.4

Leanúint ar aghaidh le bealaí sábháilte siúil agus rothaíochta a fhorbairt laistigh den Chontae a spreagfaidh leibhéil níos airde Taistil Ghníomhaigh i measc gach duine.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil feabhsaithe an phobail. Breis comhtháthaithe shóisialta de bhrí go mbeidh daoine ag spraoi agus i mbun aclaíochta le chéile. Níos lú uaignis agus aonraithe shóisialta. Caighdeán saoil feabhsaithe.

Cuspóir 2.3: Tacú le Bia Sláintiúil a Ithe sa Chontae.

An gá atá le cuspóir: Tá go leor taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fáil ina léirítear comhghaol idir míbhuntáiste sóisialta, aiste bhia lag agus drochshláinte. Ainneoin nach bhfuil faisnéis maidir le aiste bhia taifeadta go sonrach sa Daonáireamh, tá tuiscint daoine ar chúrsaí sláinte á taifeadadh. Léirítear i dtorthaí Dhaonáireamh 2022 forluí suntasach i mBaile Átha Cliath idir míbhuntáiste sóisialta agus sláinte níos measa. I gcás leanaí, d'fhéadfadh tionchar dáiríre a bheith ag iarmhairtí aiste bhia lag orthu nuair a bhíonn siad lánfhásta. I measc na siomptóm a luaitear le haiste bhia lag tá a bheith ró-éadrom, róthrom nó murtallach, fás fisiciúil lag, lobhadh fiacra agus marbhántacht. I gcás leanaí áirithe, d'fhéadfadh a leithéid a bheith mar bhonn le fadhbanna iompair agus fadhbanna díriú ar an obair ar scoil. Más mian le daoine dul i ngleic le timthriall idirghlúine an mhíbhuntáiste shóisialta, beidh tábhacht ag baint le cabhrú le cónaitheoirí áirithe – go háirithe leanaí – chun a n-aiste bhia a fheabhsú.

Gníomh 2.3.1

Tacú leis na príomhghníomhartha faoi Chlár um Bia Sláintiúil a Ithe agus Saol Gníomhach a Chaitheamh FSS ina ndéileáiltear leis na príomhfhachtóirí a bhfuil tionchar acu ar na cinntithigh éagsúla agus chasta a bhaineann le sláinte, lena n-áirítear aiste bhia lag, neamhghníomhaíocht fhisiciúil agus murtallacht, mar aon le clár fhianaisebhunaithe a chur ar fáil cosúil le Bia Sláintiúil Gan Stró agus Bia agus Cothú Pobail atá á gcur ar fáil i gceantair Phobail Shláintiúla Sláintecare.



Gníomh 2.3.2

Tacú le clár oideachais “bí ag fás” i scoileanna, pobail agus gnóthaí.



Gníomh 2.3.3

Garraithe scóir agus gairdíní pobail a chothabháil agus a fhorbairt do tháirgeadh bia áitiúil de réir Bheartas Garraithe Scóir CCBÁCT.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Aistí bia níos sláintiúla, níos cothaithí. Leibhéal íseal murtallachta. Níos lú teagmhas de ghalair a bhaineann le cothú lag (e.g., Diaibéiteas Chineál 2, Galar Croí agus Stróc, Ailse). Níos mó rannpháirtíochta sóisialta agus comhtháthaithe shóisialta.



Cuspóir 2.4: Obair a dhéanamh chun mí-úsáid substaintí ar fud na Chontae a laghdú trí oideachas agus tacaíochtaí.

An gá atá le cuspóir: Is fadhb shuntasach í mí-úsáid substaintí i mBaile Átha Cliath Theas. Bhí sé sin soiléir sa phlé a eagraíodh le páirtithe leasmhara éagsúla i rith comhairliúchán don tuarascáil seo. Seachas an tionchar pearsanta a bhíonn ag mí-úsáid substaintí, tá tionchar ag a leithéid ar an neasteaghlach agus ar chairde freisin. In eastáit áirithe, tá mí-úsáid substaintí chomh coitianta sin go bhfuil an bonn á bhaint aici de chaighdeán saoil an phobail trí chéile. Tá riosca ann freisin go mbeidh baint ag leanaí le coiriúlacht a bhaineann le trádáil drugaí mídhleathacha. Mhéadaigh forbairt drugaí sintéiseacha an riosca a bhaineann le spleáchas agus le ródháileog.

Gníomh 2.4.1

Leanúint ar aghaidh ag obair le Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Chluain Dolcáin, Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Thamhlachta agus An Garda Síochána chun déileáil le himeaglú a bhaineann le drugaí.



Gníomh 2.4.2

Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an obair atá á déanamh ag Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Chluain Dolcáin (TFDACD) agus Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Thamhlachta (TFDAT). Scrúdú a dhéanamh ar thionscadail nua agus iad a reáchtáil ar bhonn píolótach agus é mar aidhm déileáil le mí-úsáid substaintí inár bpobail.



Gníomh 2.4.3

Oibriú le Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Chluain Dolcáin, Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Thamhlachta agus Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Réigiúnach Iartharach an Deiscirt chun straitéis mí-úsáide drugaí agus alcóil a dhearadh agus a chur chun feidhme i mBaile Átha Cliath Theas a sholáthróidh cur chuige uile-shochaíoch fiúntach chun déileáil leis na hiarmhairtí pearsanta agus pobail a bhaineann le mí-úsáid substaintí.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Níos lú mí-úsáide substaintí. Níos lú imeaglaithe a bhaineann le drugaí. Cónaitheoirí níos sláintiúla a bhfuil caighdeán saoil níos airde acu.



Sprioc 3

Níos mó rochtana ar oideachas, uasoiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil chun freastal ar bhealach níos fearr ar riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha cónaitheoirí agus fostóirí anois, agus amach anseo.

Cuspóir 3.1: Tacú le forbairt leantach timpeallachta réamhscoile/creise, bunscoile agus meánscoile atá deartha chun timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh.

An gá atá le cuspóir: Bíonn míbhuntáiste idirghlúine le tabhairt faoi deara i gceantair áirithe i mBaile Átha Cliath Theas (e.g., Ráth Miontáin, Cluain Dolcáin). Is léir ó thaighde atá déanta ag an POS go leanann míbhuntáiste airgeadais i rith na hóige ar aghaidh in aosacht go minic. Tá níos mo seans ann freisin go mbainfidh leanaí a bhí faoi mhíbhuntáiste airgeadais le linn a n-óige tairbhe as oideachas tríú leibhéal. Tá comhghaol láidir idir tuismitheoirí a bhfuil cáilíocht tríú leibhéal acu agus leanaí a n-éiríonn leo an cháilíocht chéanna a bhaint amach. Tá nasc idir oideachas agus tuilleamh agus cumas tuillimh, agus idir riosca na bochtaineachta dá réir sin. Dá réir sin, trí thacú le hoideachas leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste méadaítear an seans atá ann go ndéanfaidh siad dul chun cinn eacnamaíoch i rith a saoil.

Gníomh 3.1.1

Tacú le forbairt soláthraithe seirbhíse réamhscoile – nua agus seanbhunaithe – chun leibhéal seirbhíse a chur ar fáil do leanaí a bhfuil cúlra faoi mhíbhuntáiste acu (go háirithe grúpaí sainaitheanta) a chabhróidh leo dul chun cinn a dhéanamh (e.g., seomraí babaithe a chur ar fáil, seisiúin teiripe súgartha, teiripe urlabhra, cúnamh do thuismitheoirí i ndáil le cothú).



Gníomh 3.1.2

Tacú le soláthair/forbairt clubanna obair bhaile iarscoile i mbunscoileanna agus i meánscoileanna, go háirithe scoileanna DEIS.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Leibhéil litearthachta agus uimhearthachta feabhsaithe i measc leanaí a bhfuil cúlraí faoi mhíbhuntáiste acu. Ráta níos airde dul chun cinn chuig breisoideachas agus oideachas tríú leibhéal i ndeireadh na dála.



Cuspóir 3.2: Níos mó deiseanna oideachais agus oiliúna a fhorbairt chun a chinntiú go sealbhaíonn gach duine atá ina c(h)ónaí i mBaile Átha Cliath Theas na scileanna a theastaíonn chun dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a dhéanamh, agus go bhfuil riachtanais scileanna fostóirí áitiúla á gcomhlíonadh.

An gá atá le cuspóir: Tá ráta gnóthachtála oideachais tríú leibhéal na hÉireann go maith os cionn mheán AE 27. Go deimhin, de réir an POS, in 2022, bhí cáilíocht tríú leibhéal ag 62% de na daoine a bhí idir 30-34 bliain d'aois. Tugadh le fios i nDaonáireamh 2022 freisin go raibh cáilíocht ardleibhéil ag 44.07% den daonra i mBaile Átha Cliath Theas atá 15+ bliana d'aois. Tá an figiúr seo cosúil le meánfhigiúr an stáit atá cothrom le 44.86%. Arís eile, áfach, tá éagsúlacht shuntasach áitiúil le tabhairt faoi deara laistigh de Bhaile Átha Cliath Theas. Mar shampla, i gceantar beag amháin i Sráidbhaile Ráth Fearnáin, bhí an leibhéal gnóthachtála ardleibhéil ag duine a bhí 15+ cothrom le 82% (Daonáireamh 2022). I gcodarsnacht leis sin, i gceantar beag i dTamhlacht-Ráth Miontáin, ina raibh daonra den chineál céanna, bhí an figiúr cothrom le díreach 9%. Ní hionann an leibhéal ardoideachais in áiteanna ina bhfuil an ghnóthachtáil íseal a mhéadú ach cuid den fhreagra. Ní mór béim ghinearálta a leagan ar scileanna gairme, printíseachtaí agus scileanna eile atá inmhiannaithe d'fhostóirí a chinnteoidh go mbeidh caighdeán saoil maith ag cónaitheoirí. I rith an chomhairliúcháin, tháinig sé chun solais go raibh gnóthaí i roinnt earnálacha den gheilleagar áitiúil ag streachailt chun poist fholmha a líonadh. Tá sé sin ag cur bac ar a bhforbairt. Sa suirbhé pobail a rinneadh don phlean seo, ba é 'oiliúint scileanna' an freagra ba choitianta a tugadh ar an gceist seo a leanas: 'céard é an riachtanas oideachais, oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil is tábhachtaí i mBaile Átha Cliath Theas?'.

Gníomh 3.2.1

Oibriú leis an Roinn Oideachais chun dlús a chur le seachadadh scoileanna nua chun freastal ar riachtanais daonraí atá ag fás i gceantair sainaitheanta.



Gníomh 3.2.2

Tacú le soláthar seirbhísí leabharlainne nua agus feabhsaithe, lena n-áirítear seirbhísí digiteacha. Tá an obair sin le déanamh trí leabharlanna nua a oscailt áit is gá, síneadh fisiciúil a chur le foirgnimh sheanbhunaithe más gá, seirbhísí leabharlainne dea-mhéine a thairiscint, Wi-Fi saor in aisce, agus rochtain idirlín i ngach brainse, uaireanta oscailte níos faide trí Mo Leabharlann Oscailte agus sraith clár agus imeachtaí oideachais a fhorbairt.



Gníomh 3.2.3

Cláir for-rochtana a threisiú agus a fheabhsú ó sholáthraithe breisoideachais agus oiliúna chun rochtain agus rannpháirtíocht i gcúrsaí breisoideachais agus ardoideachais a mhéadú, go háirithe ag leibhéal céime agus máistreachta (go háirithe, iad siúd ó ghrúpaí sainaitheanta).



Gníomh 3.2.4

Tacú le hoideachas agus le hoiliúint athdheise trí dheiseanna oideachais aosaigh agus gairme a sholáthar atá deartha dóibh siúd a d'fhág an scoil go luath, agus grúpaí eile, cosúil le hiarrphríosúnaigh agus iad siúd atá ag teacht chucu féin i ndiaidh fadhbanna mí-úsáide substaintí.



Gníomh 3.2.5

Conairí fostaíochta a sholáthar do mhic léinn a bhfuil cúlraí faoi mhíbhuntáiste acu (go háirithe iad siúd ó ghrúpaí sainaitheanta), trí shocrúcháin oibre, intéirneachtaí agus deiseanna forbartha eile a sholáthar.





Gníomh 3.2.6

Oibriú le soláthraithe breisoideachais chun forbairt a dhéanamh ar sholáthar cúrsaí gairme (i.e., printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna) i mBaile Átha Cliath Theas.



Gníomh 3.2.7

Leanúint ar aghaidh ag obair le hOllscoil Teicneolaíochta BÁC agus le hInstitiúidí Ardoideachais eile chun scoláireachtaí agus tacaíochtaí eile a chruthú do mhic léinn a bhfuil cúlraí faoi mhíbhuntáiste acu (go háirithe iad siúd ó ghrúpaí sainaitheanta) ar mian leo páirt a ghlacadh i gcúrsaí oideachais tríú leibhéal.



Gníomh 3.2.8

Trí chruinnithe agus taighde leanúint ar aghaidh lena chinntiú go bhfuil caidreamh láidir idir fostóirí áitiúla, an OFÁ agus soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais i mBaile Átha Cliath Theas. Laistigh de chomhthéacs an chaidrimh sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fhorbairt mac léinn ó ghrúpaí sainaitheanta a chumasú.



Gníomh 3.2.9

Straitéis scileanna a fhorbairt do Bhaile Átha Cliath Theas.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Céatadán níos airde de mhic léinn a bhfuil cúlraí faoi mhíbhuntáiste acu ag fáil cáilíochtaí tríú leibhéal agus iarchéime. An oiread daoine agus is féidir le scil atá inmhianaithe go heacnamaíoch. Líon níos mó daoine réidh chun páirt a ghlacadh in agus chun fanacht san fhoireann oibre. Níos mó saibhris phearsanta agus pobail. Níos lú bochtaineachta. Foireann oibre níos mó agus níos oilte d'fhostóirí áitiúla.

Cuspóir 3.3: Soláthar foghlama ar feadh an tsaoil a fhorbairt do phobal Bhaile Átha Cliath Theas.

An gá atá le cuspóir: Tá sprioc an rialtais don ráta rannpháirtíochta bliantúil i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil cothrom le 64.2% de gach duine fásta faoin mbliain 2030. Tá go leor buntáistí ag baint le páirt a ghlacadh i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil. Ina measc tá: 1. Uasoiliúint sholúbtha; 2. Deiseanna gairme a chruthú; 3. Foireann oibre uasoilte a mhéadaíonn mealltacht Bhaile Átha Cliath Theas mar áit chun gnó a bhunú inti; 4. Tacaíocht d'fholláine agus d'fhás pearsanta; 5. Líonrú.

Gníomh 3.3.1

Aon bhacainn fhéideartha a d'fhéadfadh a bheith ag daoine a shoiléiriú a bhfuil tionchar aici ar a rannpháirtíocht fhéideartha i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil. Eolas a bhailiú faoi chumas leabharlann, músaem, ionad ealaíon, clár rochtana pobail agus soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais, spriocanna foghlama ar feadh an tsaoil cónaitheoirí a chomhlíonadh agus oibriú le soláthraithe chun déileáil le haon bhearna.



Gníomh 3.3.2

Cúrsaí breise a sholáthar de réir mar is gá a chomhlíonann spriocanna foghlama ar feadh an tsaoil chónaitheoirí Bhaile Átha Cliath Theas.



Gníomh 3.3.3

Tacú le cónaitheoirí níos sine chun cúrsaí uasoiliúna a dhéanamh chun tús a chur lena gnó féin.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Soláthar foghlama ar feadh an tsaoil atá níos nasctha le riachtanais agus le mianta cónaitheoirí. Meabhairshláinte feabhsaithe an phobail.



Cuspóir 3.4: Rochtain do chách ar oideachas a mhéadú.

An gá atá le cuspóir: Tá Baile Átha Cliath Theas ag éirí níos éagsúla. Tá líon na ndaoine a rugadh i dtíortha eachtracha atá ina gcónaí sa Chontae ag dul i méid, mar aon le líon foriomlán na ndaoine scothaosta agus na ndaoine a bhfuil riachtanais bhreise acu. Tá cónaitheoirí i mBaile Átha Cliath Theas atá ina gcónaí i réimsí suntasacha de mhíbhuntáiste sóisialta freisin. Beidh rochtain leordhóthanach ag teastáil uathu sin ar fad ar chóras oideachais a sholáthraíonn conair inmharthana chun tairbhe a bhaint as ardchaighdeán saoil. Rachaidh níos mó daoine oile a thabhairt isteach san fhoireann oibre chun tairbhe gnóthaí áitiúla atá ag streachailt chun ról fholmha a líonadh freisin. Beidh sé sin mar bhonn le forbairt eacnamaíoch ghinearálta.

Gníomh 3.4.1

Leanúint ar aghaidh ag tacú le hiarrachtaí soláthraithe oideachais chun cláir oiliúna a fhorbairt atá inrochtana go digiteach agus/nó ar an láthair do dhaoine de gach aois, cúlra agus cumas. Inrochtaineacht fhisiciúil ionad oiliúna a fheabhsú. Táthar le cloí le prionsabail an dearaidh uilíoch nuair a bheidh na tionscadail éagsúla á ndearadh.



Gníomh 3.4.2

Leanúint ar aghaidh ag tacú le soláthar oideachais oiriúnaigh dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise acu. Déan measúnú ar na saoráidí agus ar na hacmhainní oideachais breise atá ag teastáil don líon cónaitheoirí i mBaile Átha Cliath a bhfuil riachtanais chasta acu, líon cónaitheoirí atá ag dul i méid. Más féidir, tá socruithe réasúnta le déanamh do dhaoine faoi mhíchumas laistigh de shuíomhanna oideachais príomhshrutha.



Gníomh 3.4.3

Oibriú le comhpháirtithe chun soláthar oideachais a oiriúnú chun freastal ar riachtanais shonracha a eascraíonn as éagsúlacht i measc na ngrúpaí sainaitheanta.



Gníomh 3.4.4

Obair a dhéanamh chun naisc fhisiciúla a fheabhsú (e.g., bealaí agus amanna busanna, cosáin agus pointí trasnaithe, soilsiú poiblí, lánaí rothaíochta) idir Baile Átha Cliath Theas agus Campas Thamhlachta Ollscoil Teicneolaíochta BÁC agus soláthraithe breisoideachais eile i mBaile Átha Cliath Theas.



Gníomh 3.4.5

Leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt litearthachta, tacaíochtaí Béarla, uimhearthacht, airgeadas teaghlaigh, litearthacht sláinte agus cláir oideachais chothaithe do dhaoine atá ina gcónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus ó ghrúpaí sainaitheanta.



Gníomh 3.4.6

Leanúint ar aghaidh le cúrsaí oiliúna ábhartha a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais reatha an phobail ghnó (e.g., FGLanna).



Príomhthorthaí inmhianaithe

Daonra a mbeidh leibhéal oideachais níos fearr aige. Níos mó deiseanna dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta agus bhreise acu chun na scileanna agus an t-eolas is gá a fháil chun cabhrú leo dul chun cinn sóisialta agus/nó eacnamaíoch a dhéanamh. Níos lú bochtaineachta. Úinéirí gnó, bainisteoirí agus baill foirne níos eolasaí.

Cuspóir 3.5: Naisc a threisiú – go háirithe taighde – idir Ollscoil Teicneolaíochta BÁC, BOOBÁCDL agus gnóthaí agus pobail Bhaile Átha Cliath Theas.

An gá atá le cuspóir: Cruthaíonn naisc níos láidre idir gnóthaí áitiúla agus soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais naisc níos dlúithe idir na gnóthaí sin agus Baile Átha Cliath Theas. Déantar é sin trí bhrath ar thaighdeoirí áitiúla agus ar phiblíne tallainne. Tríd an méid sin a dhéanamh, mhéadóidh an leibhéal foriomlán nuálaíochta ó ghnóthaí laistigh den Bhaile Átha Cliath Theas. Lena chois sin, ciallaíonn sé gur féidir scileanna agus eolas ar leith fostóirí a léiriú ar bhealach níos fearr sa mhéid atá á theagasc mar chuid de chúrsaí seanbhunaithe agus cabhrú le cúrsaí nua a chruthú a bheidh ag teacht le hathruithe sa gheilleagar. Sa suirbhé gnó a rinneadh don tuarascáil seo, ainmníodh infhaighteacht foirne oibre mar cheann de na príomhbhacainní a bhaineann le gnó a dhéanamh i mBaile Átha Cliath Theas. Ar deireadh, d'fhéadfadh taighde áirithe i bpobail áitiúla agus scaipeadh torthaí feabhas a chur ar chinnteoireacht maidir le hathghiniúint uirbeach agus caighdeán saoil cónaitheoirí a fheabhsú.

Gníomh 3.5.1

Tacú le comhpháirtíochtaí taighde agus forbartha níos láidre agus le rannpháirtíocht níos ginearálta idir Ollscoil Teicneolaíochta BÁC, BOOBÁCDL, gnóthaí áitiúla agus páirtithe leasmhara eile.



Gníomh 3.5.2

Níos mó úsáide a bheith á baint ag ranna éagsúla laistigh d'Ollscoil Teicneolaíochta BÁC (e.g., turasóireacht, margaíocht, fiontraíocht, pleanáil & eolaíochtaí sláinte) as Baile Átha Cliath Theas a spreagadh mar áit chun taighde, obair allamuigh agus scoileanna allamuigh a réachtáil. A chinntiú go dtarraingítear aird Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus pobal/grúpaí pobail tábhachtacha ar aon taighde ábhartha.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Níos mó eolais ar fáil do phobail, gnóthaí agus príomhchinnteoirí eile maidir le Baile Átha Cliath Theas. Gnóthaí agus pobail níos nuálach.



Sprioc 4

Cothroime, comhoibriú agus nuálaíocht a bheith ag croílár aistrithe Bhaile Átha Cliath Theas go dtí Contae ísealcharbóin.

Cuspóir 4.1: Leibhéil bhitheagsúlachta a fheabhsú go suntasach ar fud Bhaile Átha Cliath Theas.

An gá atá le cuspóir: Sa suirbhé pobail a rinneadh don tuarascáil seo, ba é spásanna glasa agus nádúrtha an freagra ba choitianta a tugadh ar an gceist, ‘céard iad na riachtanais shóisialta is tábhachtaí do Bhaile Átha Cliath Theas?’. Tagraíodh go minic do nasc leis an dúlra i rith na seisiún comhairliúcháin le leanaí bunscoile freisin. Ainneoin go bhfuil roinnt páirceanna den chéad scoth i mBaile Átha Cliath Theas le leibhéil mhaithe bhitheagsúlachta (e.g., Páirc Chuimhneacháin Sheáin Bhreathnaigh), is monashaothrú den chuid is mó atá le fáil i spásanna glasa poiblí, cineálacha féar neamhdhúchasach. Is léir anois ó thaighde atá déanta go mbaineann daoine níos mó buntáistí sláinte as ceantar ina bhfuil an bhitheagsúlacht saibhir seachas ó spás glas ina bhfuil speiceas plandaí amháin nó líon beag speiceas. Má bhíonn níos mó plandaí éagsúla i gceantar bíonn níos mó feithidí, éan agus mamach. Bunaithe ar an nasc atá idir áiteanna bhitheagsúlachta agus folláine an duine, is ionann gnáthóg feabhsaithe d’fhána agus gnáthóg feabhsaithe do dhaoine. Trí phlandaí oiriúnacha a chur, tá deis ann freisin an carbón a tharraingt síos ón atmaisféar agus cabhrú leis an ngníomhú ar son na haeráide.

Gníomh 4.1.1

Plean Bithéagsúlachta an Chontae agus Plean um Pailneoirí Contae a chur chun feidhme, agus aon doiciméad a chuirtear i dtoll a chéile ina dhiaidh sin.



Gníomh 4.1.2

Cúnamh a thabhairt d’fheirmeoirí agus d’úinéirí talún suntasacha eile chun a gcuid talún a bhainistiú ar bhealach a spreagfaidh níos mó bithéagsúlachta. Más cuí, obair a dhéanamh chun athchóiriú tírdhreacha/dúlra a éascú agus chun cabhrú le feirmeoirí tairbhe a bhaint as cleachtais feirmeoireachta níos inbhuanaithe.



Gníomh 4.1.3

Tacú le forbairt leanúnach cláir oideachais nuálach agus uailmhianach a chumhachtaíonn gach cónaitheoir, grúpa pobail, carthanachtaí/ENR, fostóirí rialtais agus gnóthaí chun cabhrú ar bhealach dearfach chun gnáthóga agus leibhéil bhitheagsúlachta a fheabhsú.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Beidh cónaitheoirí, oibrithe agus mic léinn i mBaile Átha Cliath Theas ina ann tairbhe a bhaint as an dúlra agus as ardleibhéil bhitheagsúlachta mar chuid dá saol laethúil. Leibhéil bhitheagsúlachta i bhfad níos fearr ar fud Bhaile Átha Cliath Theas. Tá cumhacht ag daoine chun cur ar bhealach dearfach le caillteanas bithéagsúlachta a iompú droim ar ais. Tá níos mó deiseanna ann chun tairbhe a bhaint as an dúlra. Meabhairsláinte agus sláinte fhisiciúil feabhsaithe an phobail.

Cuspóir 4.2: Tacú le gnóthaí agus le fiontraithe Bhaile Átha Cliath Theas chun níos mó tairbhe a bhaint as deiseanna a bhaineann leis an ngeilleagar glas.

An gá atá le cuspóir: Is treocht ollmhór eacnamaíoch é an geilleagar glas. Tá an gealltanas a tugadh faoi Chomhaontú NA Pháras 2016 - a bheith glan-nialasach faoi 2050 - ag cur brú ar fhorhóir an gheilleagair dhomhanda glacadh le cur chuige níos inbhuanaithe maidir le táirgeadh. Ceadáíodh an Comhaontú Glas don Eoraip in 2020. Tá sé beartaithe an AE a fhorbairt mar gheilleagar nua-aimseartha, tíosach ar acmhainní agus iomaíoch. Tairgeann an geilleagar glas deiseanna a bhaineann le tógáil inbhuanaithe, fuinneamh ísealcharbóin, táirgí tomhaltais glasa, éiceathurasóireacht agus bia inbhuanaithe.

Gníomh 4.2.1

Chun tacú leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide (2024-2029), cuideachtaí atá dírithe ar réimsí ardfhéidearthachta den gheilleagar glas a mhealladh agus tacú leo (e.g., déantúsaíocht agus iarfheistiú).



Gníomh 4.2.2

Oibriú le pobail agus le gnóthaí chun scileanna a fhorbairt, tacú le foghlaim agus eolas a fhorbairt maidir leis an athrú aeráide agus inbhuanaitheacht chomhshaoil chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun an úsáid atá á baint as fuinneamh in-athnuaite a mhéadú.



Gníomh 4.2.3

Tacú le beartais agus le tionscnaimh soláthair ghlais agus iad a chur chun cinn i ngach roinn de CCBÁCT chun dramhail a laghdú, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus éifeachtúlachtaí fuinnimh a fheabhsú.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Níos mó post. Geilleagar áitiúil níos glaise. Níos lú astaíochtaí gás ceaptha teasa.



Cuspóir 4.3: É a dhéanamh níos éasca do chónaitheoirí agus do ghnóthaí Bhaile Átha Cliath Theas fuinneamh a chaomhnú, fuinneamh glas a ghiniúint agus tairbhe a bhaint as cleachtais an gheilleagair chiorclaigh.

An gá atá le cuspóir: Ba í an phríomhbhacainn ar tagraíodh di sa suirbhé gnó, a bhain le gnó a dhéanamh i mBaile Átha Cliath Theas, an costas a bhain lena leithéid. I dteannta leis sin tá an méadú ginearálta ar an gcostas maireachtála a bhfuil an meánfhás tuarastail sáraithe aige. Tagraíodh dó seo sa suirbhé gnó freisin mar bhacainn shuntasach ar ghnó a dhéanamh. Dá réir sin, tá gnóthaí – go háirithe miondíoltóirí agus iad siúd san earnáil fáilteachais – á gcur faoi bhrú trí chostais mhéadaithe oibriúcháin agus de bhrí go bhfuil níos lú airgid á chaitheamh ag tomhaltóirí. Ba iad costais fuinnimh an phríomhchúis a bhí leis an méadú ar an gcostas maireachtála agus ar an gcostas a bhain le gnó a dhéanamh (go díreach agus go hindíreach trí éilimh tuarastail mar gheall ar an méadú ar an gcostas maireachtála). I mí Eanáir 2019, bhí meánbhille bliantúil custaiméara de chuid Electric Ireland cothrom le €996. Faoi mhí Dheireadh Fómhair 2022, bhí an meánbhille leictreachais bliantúil cothrom le €2,176. Trí chostas fuinnimh a laghdú trí chaomhnú agus giniúint chabhrófaí ar bhealach suntasach le gnóthaí agus le cónaitheoirí áitiúla araon chun a gcuid costas féin a bhainistiú. Ar an gcuma chéanna, d'fhéadfaí coigilteas dramhaíola a dhéanamh trí níos mó rannpháirtíochta sa gheilleagar ciorclach. Seachas coigilteas do ghnóthaí agus do theaghlaigh, cabhróidh gníomhartha a bhaineann le caomhnú fuinnimh, fuinneamh glas agus an geilleagar ciorclach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

Gníomh 4.3.1

Tacú le cur chun feidhme agus le monatóireacht ar Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath Theas (2024-2029).



Gníomh 4.3.2

Leanúint ar aghaidh le comhpháirtíochtaí a fhorbairt le comhlachtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta lena n-áirítear Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath / Ospideál Ollscoile Thamhlachta / Seirbhísí Rialtais, Bailte Slachtmhara agus grúpa um Fhreagracht Shóisialta Chorporáideach (FSC) Chomhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath Theas, chun iarracht a dhéanamh spriocanna a chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus sláinte, agus stíleanna maireachtála shaoránaigh Bhaile Átha Cliath Theas a fheabhsú.



Gníomh 4.3.3

Plean Feidhmithe Chrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin a chur i gcrích agus a chur i bhfeidhm. Is féidir na ceachtanna a foghlaimíodh ón bPlean Feidhmithe a chur i bhfeidhm ar fud Bhaile Átha Cliath Theas.



Gníomh 4.3.4

Leanúint ar aghaidh le scrúdú a dhéanamh ar agus le deiseanna a uasmhéadú chun tuilleadh forbairt agus fairsingiú a dhéanamh ar théamh ceantair agus ar fhuinneamh in-athnuaite.



Gníomh 4.3.5

Leanúint ar aghaidh ag tacú le gníomhartha an Phlean Bainistíochta Dramhaíola Náisiúnta do Gheilleagar Ciorclach 2024 – 2030.



Gníomh 4.3.6

Daoine a spreagadh agus eolas a roinnt leo maidir le dea-chleachtas i ndáil le bainistíocht fuinnimh, iarfheistiú agus giniúint fuinnimh in-athnuaite do thithe agus do ghnóthaí.



Gníomh 4.3.7

Tacaíochtaí a chruthú agus/nó a chur chun cinn do chónaitheoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste a chabhróidh leo chun a gcostais téimh, iompair agus bhia a laghdú, agus ag an am céanna a laghdóidh a gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa.



**Príomhthorthaí
inmhianaithe**

Níos mó fuinnimh in-athnuaite cruthaithe. Costais fuinnimh agus dramhaíola laghdaithe. Tithe níos teo. Caighdeán saoil feabhsaithe. Laghdú ar bhochtaineacht fuinnimh. Astaíochtaí gás ceaptha teasa níos ísle.



Cuspóir 4.4: Tacú le buntáistí an taistil ghníomhaigh agus na soghluaisteachta inbhuanaithe.

An gá atá le cuspóir: Tá roinnt buntáistí ag baint leis an ráta taistil ghníomhaigh agus leis an úsáid a bhaintear as soghluaisteacht inbhuanaithe a mhéadú. Ina measc tá: astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, an costas maireachtála a laghdú agus daoine ag éirí níos sláintiúla. In 2023, de réir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, bhí an earnáil iompair freagrach as 21.4% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann. Baineann formhór na n-astaíochtaí sin le hiompar ar bóthar. De réir suirbhé a rinne AA Éireann in 2019 ar chúrsaí airgeadais gluaisteánaíochta, tá an meánchostas bliantúil a bhaineann le carr teaghlaigh a rith cothrom le €10,386. Is ionann a leithéid sin de chostas agus bacainn ar thairbhe a bhaint as cúrsaí oideachais agus fostaíocht le pá níos airde a fháil a bheith lonnaithe achar maith ó bhaile. De réir shuirbhé a rinne Éire na Sláinte in 2015, measadh nach raibh ach 32% den daonra sách gníomhach. Lena chois sin, fuarthas amach go raibh seisear as gach deichniúr daoine Éireannacha róthrom nó murtallach.

Gníomh 4.4.1

Leanúint ar aghaidh le níos mó lánai rothaíochta agus glabhealaí scartha a fhorbairt, cosáin a fheabhsú agus a fhorbairt de réir mar is gá, trasrianta coisithe a fhorbairt/a fheabhsú, soilsiú sráide a fheabhsú agus leanúint ar aghaidh le soilsiú LED a rolladh amach.



Gníomh 4.4.2

Tacú leis an ÚNI le dearadh agus le seachadadh tionscadal iompair iarnróid agus bus.



Gníomh 4.4.3

Tacú le leibhéil mhéadaithe siúil, rothaíochta agus úsáide bus chun dul ar scoil, agus chomh fada le suíomhanna breisoideachais agus ardoideachais (e.g., níos mó spásanna páirceála do rothair agus do scútair, criosanna sábháilte scoile forbartha, traenacha rothaíochta).



Gníomh 4.4.4

Comhoibriú le gnóthaí ionas go mbeidh sé níos éasca d'oibrithe roghanna taistil gníomhacha agus inbhuanaithe a úsáid. Ba cheart go mbeadh eastáit thionsclaíocha níos sábháilte agus níos deise chun a bheith ag rothaíocht agus ag siúl iontu.



Gníomh 4.4.5

Tacú le cur chun feidhme Straitéis Luchtaithe FL do Réigiún Bhaile Átha Cliath.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Níos mó daoine ag siúl, ag rothaíocht agus ag baint úsáid as iompar poiblí. Níos lú brú tráchta. Níor lú aerthruaillithe. Sláinte fhisiciúil agus phoiblí níos fearr. Níos mó saibhris pobail.

“

Tá roinnt buntáistí ag baint leis an ráta taistil ghníomhaigh agus leis an úsáid a bhaintear as soghluaisteacht inbhuanaithe a mhéadú.



Spríoc 5

Pobail a chumhachtú trí thionscnaimh CLISTE agus forbairt scileanna chun cabhrú lena chinntiú gur áiteanna níos fearr chun cónaí iontu, chun obair iontu agus chun cuairt a thabhairt orthu iad a gceantair féin.

Cuspóir 5.1: Trí chomhoibriú agus rannpháirtíocht ar fud an rialtais áitiúil, i measc soláthraithe teicneolaíochta, lucht acadúil agus saoránach a threorú, bainfidh Baile Átha Cliath Theas Cliste tairbhe as cumhacht teicneolaíochtaí digiteacha chun timpeallachtaí uirbeacha níos éifeachtúla, níos inbhuanaithe agus níos inchónaithe a chruthú agus chun déileáil le dúshlán áitiúla agus dhomhanda.

An gá atá le cuspóir: Tá roinnt buntáistí do chónaitheoirí agus do ghnóthaí ag baint le tairbhe a bhaint as cur chuige Cliste. Ina measc tá: níos mó cinnteoireachta bunaithe ar shonraí, úsáid acmhainní níos fearr, líonraí iompair uirbhí níos cliste, diúscairt dramhaíola uasghrádaithe, soláthar uisce uasghrádaithe, bealaí níos éifeachtúla chun soilse agus teas a chur ar fáil i bhfoirgnimh, spásanna poiblí níos sábháilte, agus údarás áitiúil níos idirghníomhach agus níos freagrúla. Bunaithe ar na hardleibhéil de mhíbhuntáiste sóisialta i gceantair áirithe i mBaile Átha Cliath Theas, ní mór go gcinnteodh an úsáid a bhaintear as cur chuige Cliste go bhfuil cothromas digiteach do chách.

Gníomh 5.1.1

Rannpháirtíocht agus comhoibriú a fhorbairt i measc Saoránach, Gnóthaí, an Rialtais agus Lucht Acadúil chun tuilleadh forbairt a dhéanamh ar thimpeallacht nuálaíochta i gContae Bhaile Átha Cliath Theas.



Gníomh 5.1.2

Suíomh straitéiseach a roghnú chun Ceantar Cliste a chruthú i gContae Bhaile Átha Cliath Theas mar shaotharlann bheo áit a bhforbrófar agus a mbainfear triail as líon beag tionscadal ceantair chliste.



Gníomh 5.1.3

Tionscadail Bhaile Átha Cliath Theas Cliste a fhorbairt chun tacú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe NA agus go háirithe Sprioc 11 - is ionann Cathracha Cliste agus cathracha a chinntíonn go bhfuil cathracha agus lonnaitheachtaí daonna ionchuimsitheach, sábháilte, athléimneach agus inbhuanaithe. Déanfaidh na tionscadail breithniú ar impleachtaí praiticiúla na héagsúlachta chun ionchuimsiú a chinntiú.



Gníomh 5.1.4

Ár n-acmhainn a fhorbairt chun scrúdú a dhéanamh air agus chun dul san iomaíocht do mhaoiniú AE agus do dheiseanna comhpháirtíochta, chun a chinntiú go mbeidh taighde cathracha cliste ar ardchaighdeán as ar fud na hEorpa ar fáil i mBaile Átha Cliath Theas.



Gníomh 5.1.5

Straitéisí agus tionscnaimh rannpháirtíochta sibhialta agus ionchuimsithe shóisialta a fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh an litearthacht dhigiteach riachtanach agus na scileanna ag saoránaigh – go háirithe ó ghrúpaí sainaitheanta – chun tairbhe a bhaint as na teicneolaíochtaí agus scileanna.



Gníomh 5.1.6

Úsáid teicneolaíochta a spreagadh chun cabhrú le rannpháirtíocht an phobail i gcomhairliúchán poiblí maidir le saincheistanna cosúil le dearadh na ríochta poiblí i gceantair athghiniúna.



Gníomh 5.1.7

Tacú leis an bpobal chun úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun rochtain a fháil ar iompar inbhuanaithe, cosúil le comhroinnt carranna agus moil soghluaisteachta.



Gníomh 5.1.8

Cumarsáid agus eolas a roinnt go leanúnach le gach páirtí leasmhar agus saoránach (go háirithe ó ghrúpaí sainaitheanta) i rith gach tionscnamh chun tacú le rannpháirtíocht iomlán agus ábhartha i ngach deis.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Úsáid feabhsaithe agus níos ginearálta na teicneolaíochta Pobail chumhachtaithe a bhfuil caidreamh láidir acu leis an Údarás Áitiúil agus le gníomhaireachtaí eile. Pobail níos inchónaithe. Caighdeán saoil níos fearr do chónaitheoirí. Timpeallacht ghnó níos fearr.



Cuspóir 5.2: Grúpaí pobail agus deonacha, fiontair shóisialta, ENRanna agus carthanachtaí a chumhachtú trí oiliúint, meantóireacht agus comhairle chun a dtionchar sóisialta agus eacnamaíoch a mhéadú.

An gá atá le cuspóir: Go ginearálta, ní acmhainní airgeadais agus pearsanra an údaráis áitiúil agus an Stáit teoranta. Ar fud na hÉireann, go minic is iad na pobail is rathúla na pobail ina bhfuil ról láidir ag an tsochaí shibhialta i bhforbairt an phobail agus ina gcomhoibríonn siad go maith leis an údarás áitiúil (e.g., Cathair na Mart, Cloiche na Coillte). Is féidir lena leithéid de ghrúpaí pobail seirbhísí breise a sholáthar a théann chun tairbhe cónaitheoirí, iarracht a dhéanamh infheistíocht a fháil, cabhrú le tionscnaimh a fhorbairt atá níos oiriúnaí don chomharsanacht agus a gcuid cistí féin a bhailiú. De ghnáth, bíonn rannpháirtíocht i ngrúpaí deonacha agus pobail níos ísle in áiteanna ina bhfuil an míbhuntáiste sóisialta ard, cosúil le ceantair áirithe i mBaile Átha Cliath Theas. Dá réir sin, chun tairbhe a bhaint as na féidearthachtaí a bhaineann le sochaí shibhialta Bhaile Átha Cliath Theas, teastaíonn níos mó tacaíochta.

Gníomh 5.2.1

Rannpháirtíocht an phobail i bhforbairt an Chontae a spreagadh agus tacú lena leithéid. Ba cheart aird ar leith a dhíriú ar chabhrú leo siúd ó phobail sainaitheanta chun a bheith rannpháirteach agus leis na heagraíochtaí pobail a thacaíonn leis na grúpaí sin.



Gníomh 5.2.2

Ballghrúpaí LRP a chumasú agus tacú leo chun ionchur ar chur ar fáil agus chun a chinntiú go bhfuil a nguthanna le cloisteáil laistigh de struchtúir chinnteoireachta fhoirmiúil an údaráis áitiúil. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thacú le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí sainaitheanta chun páirt a ghlacadh sa LRP agus chun tionchar fiúntach a bheith acu.



Gníomh 5.2.3

Meantóireacht agus oiliúint a chur ar fáil do ghrúpaí pobail agus deonacha, fiontair shóisialta, carthanachtaí agus ENRanna i réimsí ábhartha (e.g., rialachas, comhairliúchán le páirtithe leasmhara, maoiniú, bainistíocht agus coinneáil oibrithe deonacha, bainistíocht tionscadail, úsáid na teicneolaíochta) chun a n-éifeachtacht a mhéadú.



Gníomh 5.2.4

Cúnamh a thabhairt do ghrúpaí pobail agus deonacha, ENRanna agus carthanachtaí ar mian leo oibriú le chéile chun cleachtais rialachais, bhainistíochta agus riaracháin a chuichóiriú, agus ar an tslí sin, níos mó tionchair a bheith acu.



Gníomh 5.2.5

Líonra seaimpíní agus ceannairí pobail a shainaitheint, tacú leo agus meantóireacht a chur ar fáil dóibh chun cur ar a gcumas tionscadail a bhainistiú agus spriocanna a chomhlíonadh dá bpobail.



Gníomh 5.2.6

Tacú le fiontair shóisialta sheanbhunaithe agus iad a chumhachtú. Forbairt fiontar sóisialta nuálach a fhreastalaíonn ar riachtanas nach bhfuil á chomhlíonadh seachas sin a éascú.





Príomhthorthaí inmhianaithe

Pobail, grúpaí deonacha, ENRanna, Fiontair Shóisialta agus Carthanachtaí cumhachtaithe agus eolasacha. Áiteanna níos fearr chun cónaí iontu, chun oibriú iontu agus chun cuairt a thabhairt orthu.

Cuspóir 5.3: Geilleagar láidir, ionchuimsitheach agus athléimneach a chumasú a bhfuil fiontar, nuálaíocht agus scileanna ag tacú leis trí áiteanna a chruthú atá in ann fiontar agus nuálaíocht a chothabháil agus infheistíocht agus tallann a mhealladh.

An gá atá le cuspóir: Is táscaire suntasach maidir le sláinte phearsanta agus caighdeán saoil trí chéile é ioncam ard a bheith ag duine. Léiríodh i nDaonáireamh 2022 go raibh na leibhéil fostaíochta fhoriomlána i mBaile Átha Cliath Theas ag teacht go ginearálta leis an bhfigiúr náisiúnta. Bhí éagsúlacht shuntasach le tabhairt faoi deara sa Chontae, áfach, go háirithe maidir le líon na ndaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach. Go ginearálta, ba i gceantair ina raibh leibhéil mhíbhuntáiste níos airde le tabhairt faoi deara a bhí na héagsúlachtaí seo.

Tá an geilleagar domhanda ag athrú i gcónaí. Mar shampla, táthar ag súil go mbeidh forbairt IS mar bhonn le poist áirithe a dhéanamh iomarcach agus ról nua a chruthú go comhuaineach. Ní mór do Bhaile Átha Cliath Theas freagairt don athrú sin agus más féidir, tairbhe a bhaint as treochtaí nua chun fostaíocht éagsúil, le pá maith a sholáthar. Chun an deis is fearr is féidir a thabhairt d'fhiontraithe agus do ghnóthaí atá ag fás dul chun cinn a dhéanamh, ní mór an bonneagar, na háitribh, na tacaíochtaí agus an phíblíne riachtanach foirne a bhunú.

Gníomh 5.3.1

Tacú le cumarsáid níos doimhne idir an tÚdarás Áitiúil, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, GFT, Fiontraíocht Éireann, Ollscoil Teicneolaíochta BÁC, Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas agus gnóthaí áitiúla chun a chinntiú – de réir an Phlean Forbartha Contae – go bhfuil riachtanais bhonneagair, foirne oibre, oiliúna agus tógála gnóthaí á gcomhlíonadh.



Gníomh 5.3.2

Trí níos mó comhoibrithe idir an tÚdarás Áitiúil, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, GFT, Fiontraíocht Éireann, Ollscoil Teicneolaíochta BÁC, an Comhlachas Tráchtála agus gnóthaí áitiúla, ordlathas suíomhanna agus áitreabh a fhorbairt (e.g., ionaid ghorlainne, áitribh ullmhaithe bia ar mhéideanna éagsúla) a cheadaíonn do ghnólachtaí nuathionscanta agus do chuideachtaí scálú de réir mar is gá.



Gníomh 5.3.3

Tacú le soláthar spásanna moil bhia/próiseála bia agus spásanna margaidh do ghnólachtaí nuathionscanta bia agus ceardaíochta.



Gníomh 5.3.4

Leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí a chur i gcrích a fheabhsaíonn mealltacht lár bailte agus sráidbhailte mar chinn scríbe bhríomhara chultúrtha agus siopadóireachta a bhfuil daoine ina gcónaí, ag obair, ag bualadh le chéile, ag siopadóireacht agus ag spraoi (e.g., scéimeanna péinteála, oibreacha ríochta poiblí, naisc taistil ghníomhaigh láidre leis an bpobal mórthimpeall, oiliúint agus meantóireacht miondíoltóirí, níos mó cúnaimh le trádáil ar líne, cur chun cinn, imeachtaí agus féilte).



Gníomh 5.3.5

Baile Átha Cliath Theas a fhorbairt mar cheann scríbe tráthnóna agus oíche atá in ann eispéireas inbhuanaithe, bríomhar, cultúrtha agus éagsúil a chur ar fáil do shaoránaigh agus do chuariteoirí.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Geilleagar áitiúil láidir, níos éagsúlaithe agus athléimní a chruthú. Níos mó fostaíochta. Timpeallacht ghnó níos fearr. Bíonn sé níos éasca do chuideachtaí scálú. Tairiscin níos dinimiciúla sa tráthnóna.

Cuspóir 5.4: Baineann na gnólachtaí nuathionscanta, fiontraithe agus FBManna lántairbhe as an maoiniú agus as na deiseanna oiliúna atá ar fáil agus mar thoradh air sin, déantar athbhreithniú leanúnach ar na deontais agus deiseanna oiliúna chun a chinntiú go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais athraitheacha na hearnála gnó.

An gá atá le cuspóir: I rith an chomhairliúcháin don tuarascáil seo, tháinig sé chun solais gur dócha nach bhfuil go leor gnóthaí ar an eolas faoin raon iomlán tacaíochtaí atá ar fáil dóibh (e.g., deontais, oiliúint, meantóireacht). Tá sé riachtanach a chinntiú go meaitseálann na tacaíochtaí atá ar fáil riachtanais gnóthaí agus go bhfuil sé chomh héasca agus is féidir rochtain a fháil orthu, agus go bhfuil tairbhe á baint as bacainní dea-rialachais. Cabhróidh sé sin chun úsáideacht a chothabháil.

Gníomh 5.4.1

Leanúint ar aghaidh le tacaíochtaí oiliúna agus deontais a sholáthar a fheastalaíonn ar riachtanais FBManna agus fiontraithe (e.g. bainistíocht tionscadail sholúbtha, gnó a scálú, glacadh ar bhealach níos fearr le teicneolaíocht, IS a úsáid, geilleagar glas agus inbhuanaitheacht, comhionannas agus neamh-idirdhealú).



Gníomh 5.4.2

Tá Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus eagraíochtaí ábhartha eile le bualadh lena chéile chun machnamh a dhéanamh ar an tslí is féidir leo a gcuid deontas agus tacaíochtaí eile a oiriúnú chun freastal ar riachtanais athraitheacha gnóthaí nuathionscanta, fiontraithe agus FBManna go ginearálta. Más féidir, tá an tairiscint deontas agus tacaíochtaí áitiúla fhoriomlán le comhordú. Sa chás go bhfuil cumas eagraíochtaí i mBaile Átha Cliath Theas teoranta ag rialú Stáit lárnaigh, tá eolas le cur ar fáil don Roinn Rialtais ábhartha maidir leis na saincheistean ionas gur féidir leis an clár deontas nó tacaíochtaí ábhartha a mhionathrú chun freastal níos fearr ar riachtanais gnóthaí áitiúla.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Earnáil ghnó atá níos athléimní, níos oiriúnaithí agus níos nuálach a fhorbairt atá in ann tacaíocht deontais a fháil chun scálú agus/nó chun seirbhísí agus táirgí nua a fhorbairt. Deontais agus tacaíochtaí a mhionathraítear de réir mar is gá chun freastal níos fearr ar riachtanais gnóthaí áitiúla. Níos mó fostaíochta.

“

I rith an chomhairliúcháin don tuarascáil seo, tháinig sé chun solais gur dócha nach bhfuil go leor gnóthaí ar an eolas faoin raon iomlán tacaíochtaí atá ar fáil dóibh.

Sprioc 6

Go mbeadh an tsochaí laistigh de Chontae Bhaile Átha Cliath Theas níos ionchuimsithí, níos cothroime agus níos fáiltí chomh fada is a bhaineann le héagsúlacht.

Cuspóir 6.1: Tacú le hionchuimsiú sóisialta agus a leithéid a chur chun cinn laistigh den Chontae.

An gá atá le cuspóir: Tá meascán éagsúil daoine ina gcónaí i mBaile Átha Cliath Theas. De réir Dhaonáireamh 2022, is Éireannaigh iad formhór de dhaonra Bhaile Átha Cliath Theas (84% de náisiúnaigh Éireannacha). Nuair a dhéantar catagóirí bunaithe ar áit bhreithe, is éard atá i bhformhór (79.1%) de dhaonra Bhaile Átha Cliath Theas daoine a rugadh in Éirinn, mar aon le daoine a rugadh sa Ríocht Aontaithe, sa Pholainn agus san India. Ar ndóigh, laistigh de Bhaile Átha Cliath Theas tá ceantair áirithe ina bhfuil leibhéil níos airde de dhaoine a rugadh lasmuigh d'Éirinn. Seachas náisiúntacht, tá líon níos mó daoine scothaosta, ball den Phobal an Lucht Siúil, agus daoine a bhfuil riachtanais bhreise acu, mar aon le daoine eile. Sa daonra trí chéile, tá seans ann go bhfuil idir 5%-10% Aerach, Leispiach, Déghnéasach nó Trasinscne (meastachán náisiúnta). I rith na hoibre allamuigh don phlean seo, tháinig saincheistean maidir le heasaontas ciníoch chun solais. Tá níos mó fianaise le fáil i dtreochtaí vótála go bhfuil an meon frithimirceach ag méadú. Is féidir glacadh leis seo mar fhianaise go bhfuil daoine ag éirí tuirseach den pholaitíocht. Go deimhin, tá ceantair i mBaile Átha Cliath Theas ina mbíonn an leibhéal vótálaithe a chaitheann vótaí sna toghcháin ghinearálta agus áitiúla an-íseal. I dtoghcháin áitiúla 2024, bhí an líon is lú vótálaithe as aon Toghcheantar Áitiúil in Éirinn i dTamhlacht Theas.

Gníomh 6.1.1

Straitéis chun teacht i gcomharba ar Contae Níos Ionchuimsithí: Straitéis Lánpháirtíochta Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2024-2028 a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Tá béim ar leith le leagan ar an méid is féidir le páirtithe leasmhara i mBaile Átha Cliath Theas a dhéanamh go díreach chun imircigh a lánpháirtíú ar bhonn gearrthéarmach agus fadtéarmach.



Gníomh 6.1.2

Tacaíochtaí lánpháirtíochta leanúnacha a chur ar fáil d'arratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, Dídeanaithe agus Tairbhíthe Cláir Cóiríochta Sealadaí chun cur ar a gcumas cónaí go neamhspleách sa phobal.



Gníomh 6.1.3

Leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le páirtithe leasmhara ábhartha chun a chinntiú gur féidir le baill leochaileacha/imeallaithe den tsochaí tairbhe a bhaint as seirbhísí poiblí go héasca. Leanfaidh an tÚdarás Áitiúil ar aghaidh lena ghealltanais maidir le soláthar seirbhíse aghaidh ar aghaidh a chomhlíonadh.



Gníomh 6.1.4

Dlús a chur le cur chun feidhme Straitéisí LADT+ agus le gach straitéis náisiúnta eile atá dírithe ar na grúpaí sainaitheanta, lena n-áirítear: inscne, míchumas, frithchiníochas agus Pobal an Lucht Siúil agus an Pobal Romach.



Gníomh 6.1.5

Straitéis Aoisbhách Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus aon straitéis eile a chuirtear i dtoll a chéile ina dhiaidh sin.



Gníomh 6.1.6

Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an obair atá á déanamh ag Comhairle na nÓg agus ag seirbhísí óige eile i mBaile Átha Cliath Theas. Daoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí oibre óige.



Gníomh 6.1.7

Oibriú le Coiste Seirbhísí Leanai agus Daoine Óga Bhaile Átha Cliath Theas chun tacú le seirbhísí atá comhordaithe, freagrúil agus a fhreastalaíonn ar riachtanais leanai, daoine óga agus teaghlach i mBaile Átha Cliath Theas.



Gníomh 6.1.8

Oibriú le hIonad Oibrithe Deonacha Bhaile Átha Cliath Theas chun tacú le hobair dheonach agus chun í a chur chun cinn mar mhodh d'ionchuimsiú agus de lánpháirtíocht shóisialta sa Chontae.



Gníomh 6.1.9

Tacú le cláir gníomhaíochtaí, imeachtaí agus rannpháirtíochta ionchuimsithe shóisialta ó ghrúpaí pobail, clubanna spóirt agus clubanna sóisialta eile a spreagann rannpháirtíocht daoine ó chúlraí éagsúla agus a dhéanann ceiliúradh ar éagsúlacht chultúrtha.



Gníomh 6.1.10

Oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil an PÁEP seo á chur chun feidhme acu maidir le beartais, nósanna imeachta agus cleachtais inmheánacha chun a chinntiú nach bhfuil aon idirdhealú le tabhairt faoi deara sna grúpaí sainaitheanta. Go ginearálta, cúrsaí oiliúna a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhíse na hearnála poiblí chun deireadh a chur le hidirdhealú, déileáil le steiréitíopaí a d'fhéadfadh a bheith ann, agus acmhainn a fhorbairt chun tacú le comhionannas.



Gníomh 6.1.11

Tacú le héagsúlacht mar chritéar chun iarratais ar dheontais agus ar mhaoiniú a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil daoine ó na grúpaí sainaitheanta rannpháirteach agus go bhfuil tairbhe á baint acu as a leithéid.



Gníomh 6.1.12

Comhordú seirbhísí agus tacaíochtaí reatha a fheabhsú chun freastal go héifeachtach ar riachtanais daoine ó na grúpaí sainaitheanta.



Gníomh 6.1.13

Leanúint ar aghaidh le heolas agus le comhairle oiriúnach ar líne agus go pearsanta a sholáthar i ndáil le teidlíochtaí, seirbhísí, tacaíocht agus gníomhaíochtaí chun rogha a thabhairt do dhaoine agus chun cead a thabhairt dóibh a saol a rialú.



Gníomh 6.1.14

Rannpháirtíocht vótálaithe i dtoghcháin a mhéadú.



Príomhthorthaí inmhianaithe

Níos mó idirghníomhaíochtaí dearfacha idir daoine a bhfuil cúlraí difriúla cultúrtha nó eitneacha acu. Áit níos deise le cónaí inti. Caighdeán saoil níos airde. Níos lú uaignis agus aonraithe shóisialta. Níos mó béime ar mhuintearas. Níos mó vótálaithe ag toghcháin.

Cuspóir 6.2: Inrochtaineacht fhisiciúil Bhaile Átha Theas a mhéadú do chách.

An gá atá le cuspóir: Tá níos mó daoine scothaosta agus daoine a bhfuil riachtanais bhreise acu ina gcónaí i mBaile Átha Cliath Theas. Chun a mianta agus spriocanna saoil a chomhlíonadh, ba cheart inrochtaineacht fhisiciúil na ríochta poiblí agus na bhfoirgneamh a theastaíonn uathu a fheabhsú. Trí níos mó rannpháirtíochta sa tsochaí, éireoidh caighdeán saoil daoine níos fearr, beidh níos mó neamhspleáchais acu agus leibhéal níos airde de lánpháirtíú sóisialta. Méadaíonn inrochtaineacht feabhsaithe cumas daoine a bheith níos rannpháirtí sa gheilleagar freisin mar fhostóirí/fostaithe agus tomhaltóirí.

Gníomh 6.2.1

Ba cheart go gcloifeadh dearadh na ríochta poiblí le dea-chleachtas i gcruthú/athmhúnlú spásanna atá inrochtana do chách, agus ba cheart a bheith airdeallach ar shábháilteacht daoine scothaosta agus ban. Beidh gá le machnamh cúramach chun dóthain spásanna páirceála a chur ar fáil ag suíomhanna oiriúnacha do dhaoine scothaosta agus dóibh siúd a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta nó riachtanais bhreise acu. Ba cheart inrochtaineacht ar na suíomhanna sin trí mhodhanna iompair inbhuanaithe a fheabhsú freisin más féidir.



Gníomh 6.2.2

Más cuí, leanúint ar aghaidh le hinrochtaineacht fhisiciúil ar fhoirgnimh phoiblí/phobail agus ar ghnóthaí a mbíonn custaiméirí ag triall orthu a mhéadú de réir prionsabail dearaidh uilíoch.



Gníomh 6.2.3

Laistigh d'fhoirgnimh ina bhfaigheann baill den phobal rochtain ar sheirbhísí (e.g., leabharlanna, ionaid phobail, clubanna spóirt, ionaid leighis, miondíoltóirí) tacú le forbairt – más cuí – cleachtas bainistíochta agus seomraí céadfacha a chiallaíonn go bhfuil na háiteanna seo níos fáiltí do dhaoine a bhfuil riachtanais bhreise acu.



Gníomh 6.2.4

Oiliúint agus maoiniú a chur ar fáil do ghrúpaí pobail agus deonacha chun a gcoistí agus gníomhaíochtaí ginearálta a spreagadh chun níos mó fáilte a chur roimh dhaoine a bhfuil riachtanais bhreise acu.




Príomhthorthaí inmhianaithe

Comhionannas measa sa tslí is féidir le cónaitheoirí bogadh thart ar Bhaile Átha Cliath Theas agus rochtain a fháil ar na seirbhísí a theastaíonn uathu. Caighdeán saoil níos airde dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu. Níos mó daoine ag úsáid seirbhísí. Níos mó custaiméirí i siopaí. Níos lú uaignis agus aonraithe shóisialta. Níos mó fostaíochta. Níos mó rannpháirtíochtaí i ngrúpaí pobail agus deonacha.

“

*Trí níos mó
rannpháirtíochta
sa tsochaí, éireoidh
caighdeán saoil daoine
níos fearr, beidh níos
mó neamhspleáchais acu
agus leibhéal níos
airde de lánpháirtíú
sóisialta.*



Plean Feidhmithe



8.1 Cur chuige

Déantar cur síos sa chaibidil seo ar an bplean feidhme tosaigh dhá bhliain do PÁEP. Áirítear ann gníomhartha sonracha a chabhróidh chun na spriocanna, cuspóirí agus torthaí ar tarraingíodh aird orthu sa chaibidil roimhe seo a chomhlíonadh. Rinneadh athrú tábhachtach, áfach, i gcomparáid leis an leagan roimhe seo de PÁEP an Chontae, agus tá breis solúbthachta curtha san áireamh sa dearadh. Ainneoin go gclúdaítear tréimhse 6 bliana, go dtí 2030, sa PÁEP, déanfar athbhreithniú agus leasú ar an bPlean Feidhmithe gach 2 bhliain de réir mar a leantar ar aghaidh leis an bPlean. Dá réir sin, nuair a bhí an Plean Feidhmithe tosaigh á fhorbairt rinneadh machnamh ar na gníomhartha is féidir a chur chun cinn laistigh den amfráma sin.

Soláthraíonn an cur chuige nua, níos solúbtha seo deis don Chomhairle gníomhartha a shainaithint nach gá go mbeadh an tionchar inmhianaithe acu agus iad a leasú nó a ionadú i bPleananna Feidhmithe ina dhiaidh sin a d'fhéadfadh a bheith níos oiriúnaí chun na spriocanna, na cuspóirí agus na torthaí den PÁEP a chomhlíonadh. Ar an gcuma chéanna, tá deis ann anois chun an Plean Feidhmithe a nuashonrú chun déileáil le saincheisteanna a thagann chun cinn thar amfráma an PÁEP, rud a chiallaíonn go mbeidh sé ábhartha agus ailínithe le himthosca athraitheacha sa Chontae. Ar deireadh, is féidir cur le gníomhartha a bhfuil an tionchar is mó acu ach atá deacair le cur i bhfeidhm agus iad a chur san áireamh i bPleananna Feidhmithe eile a chuirtear i dtoll a chéile amach anseo. Tá príomhról chun tairbhe a bhaint as an gcur chuige níos solúbtha seo ag monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh i ndáil le gníomhartha an Phlean Feidhmithe.

Tá 51 gníomh tosaíochta le fáil sa Phlean Feidhmithe tosaigh a thacaíonn le spriocanna, cuspóirí agus torthaí inmhianaithe gaolmhara éagsúla an PÁEP. Clúdaíonn na gníomhartha gnéithe eacnamaíocha agus pobail agus tá go leor gníomhartha idirnasctha agus ag cur le roinnt cuspóirí agus spriocanna. Beidh ról ceannaireachta ag príomhpháirtithe leasmhara agus ag gníomhaireachtaí agus cumasóidh siad cur chun feidhme gníomhartha atá sainaitheanta i dteannta le Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) chun cabhrú le monatóireachta agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn.

8.2 Ailíniú Beartais

Cosúil leis na spriocanna agus na cuspóirí, tá na gníomhartha ailínithe le roinnt straitéisí agus beartas atá bunaithe cheana féin lena n-áirítear an Plean Forbartha Contae, an SRSG agus an CPN. Os a choinne sin, mar a tugadh faoi deara i gCaibidil 1 den doiciméad seo, bhí ról lárnach ag SFINna na NA i bhforbairt an PÁEP agus bhí siad mar bhonn le forbairt na ngníomhartha sa Phlean Feidhmithe tosaigh. I dteannta a chéile, oibreoidh na spriocanna, cuspóirí, torthaí agus gníomhartha chun Baile Átha Cliath Theas a fhorbairt mar Chontae atá níos ionchuimsithí, níos cothromasaí, níos rachmasaí agus níos inbhuanaithe fad is a bheimid ag druidim i dtreo 2030.

8.3 Spriocanna, cuspóirí, gníomhartha, ceannairí, comhpháirtithe agus aschur/PTFanna

Sprioc 1

Gur áit níos fearr chun cónaí inti agus chun oibriú inti é Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

Cuspóir 1.1: Oibriú i gcomhar le grúpaí ábhartha (e.g., Grúpa Stiúrtha Forbartha Tithíochta, Coiste Comhairleach Áitiúil Cóiríochta don Lucht Siúil, Coiste Stiúrtha Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas) chun tacú le soláthar tithíochta a fhreastalaíonn ar riachtanais daonra atá ag forbairt a bhfuil riachtanais éagsúla aige.

An Cineál Cuspóra: TCBÁCT

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 1, SFI 3, SFI 10, SFI 11

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta TSN 1

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach: TPR 3.2, TPR 3.3, TPR 4.3, TPR 4.26, TPR 4.78, TPR 4.80, TPR 4.81, TPR 4.82, TPR 5.4, TPR 5.5, TPR 9.1, TPR 9.2, TPR 9.3, TPR 9.6, TPR 9.12, TPR 9.13

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
1.1.1. Ar aon dul leis an bPlean Forbartha Contae, leanúint ar aghaidh le Tithíocht do Chách, an Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta, an Plean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean, an Plean Cóiríochta don Lucht Siúil agus aon phlean a chuirtear i dtoll a chéile ina dhiaidh sin a sheachadadh. Le haghaidh gach plean nua, ní mór an méid seo a leanas a chur i gcrích: measúnú oiriúnach ar riachtanas nuair a bhíonn na pleananna seo á n-ullmhú; dualgas comhionannais agus chearta an duine na hearnála poiblí a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn na pleananna seo á n-ullmhú; agus struchtúir éifeachtacha agus fhiúntacha a bhunú chun dlús a chur leis na pleananna seo.	CCBÁCT	Forbróirí tithíochta, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, Coiste Comhairleach Áitiúil Cóiríochta don Lucht Siúil, FSS	- Líon na dtithe ag an gcéim dearaidh, phleanála, soláthair agus thógála, agus líon na dtithe críochnaithe. - Líon na ngníomhartha curtha i gcrích ón bPlean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean. - Líon na ngníomhartha curtha i gcrích ón bPlean Cóiríochta don Lucht Siúil.
1.1.2. Oibriú i gcomhar le forbróirí tithíochta chun a chinntiú go bhfuil forbairtí tithíochta nua móra á ndearadh chun tacú le cuspóirí maidir le dearadh ar ardchaighdeán agus comhfhorbairt áite shláintiúil sa Phlean Forbartha Contae nó sna pleananna ceantair áitiúla ábhartha.	CCBÁCT	Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, ÚFÁ, forbróirí réadmhaoine	Le haghaidh gach forbairt tithíochta ina bhfuil 100 teach nó níos mó, cruinnithe réamhphleanála idir foireann CCBÁCT agus an fhoireann/na forbróirí dearaidh forbartha tithíochta chun comhairle a chur ar dhaoine maidir leis an gcaoi ba cheart don scéim tairbhe a bhaint as dearadh ar ardchaighdeán agus comhfhorbairt áite shláintiúil.

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
1.1.3. Oibriú le comhpháirtithe ábhartha (e.g., Coiste um Beartas Straitéiseach Tithíochta, Coiste Comhairleach Áitiúil Cóiríochta don Lucht Siúil, Coiste Stiúrtha Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas) chun cruthú leanúnach roghanna tithíochta do dhaoine scothaosta a éascú (e.g., coigeartú méide), daoine faoi mhíchumas, Pobal an Lucht Siúil agus iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu, chun tacú le maireachtáil neamhspleách agus/nó maireachtáil chuidithe a sholáthar.	CCBÁCT	FSS, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, Coiste Comhairleach Áitiúil Cóiríochta don Lucht Siúil, Comhairle Daoine Scothaosta Bhaile Átha Cliath Theas	- Líon na dtithe aoisbhála deartha chun freastal ar riachtanais daoine scothaosta sa phíblíne (i.e., ag céimeanna dearaidh, pleanála nó soláthair). - Líon na dtithe deartha chun freastal ar riachtanais Phobal an Lucht Siúil sa phíblíne (i.e., ag céimeanna dearaidh, pleanála nó soláthair).

Cuspóir 1.2: Is áit níos sábháilte do chách a bheidh i mBaile Átha Cliath Theas.

An Cineál Cuspóra: TCBÁCT

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 3, SFI 5, SFI 16, SFI 17

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta TSN 10, Infheistíochtaí earnála poiblí eile

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach: TPR 9.18, TPR 9.19

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
1.2.1. Tacú le Cuan, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe a Chosc (FBGI) agus tacú le seirbhísí um fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chur ar fáil i mBaile Átha Cliath Theas trí fheachtas cumarsáide a bhunú chun feachtas a mhéadú, foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe sa Chontae a chosc agus a mhaolú.	CCBÁCT	Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, An Garda Síochána, Cuan, Tusla, Seirbhísí um Fhoréigean Baile Saoirse	- Feachtas cumarsáide cruthaithe agus curtha chun feidhme chun feachtas a mhéadú, foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe sa Chontae a chosc agus a mhaolú. - Dídean bonnleibhéil agus spásanna tithe sábháilte a chruthú i gceantar CCBÁCT. Éascóidh sé sin rianú agus dul chun cinn a thomhas de réir mar atá an Plean á chur chun feidhme.
1.2.3. Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an Scéim CCTV Phobalbhunaithe.	CCBÁCT & An Garda Síochána		- An líonra reatha CCTV a chothabháil. - Scrúdú déanta ar an bhféidearthacht a bhaineann leis an líonra CCTV a fhorbairt chun iompar frithshóisialta a laghdú.

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
1.2.4. Tuilleadh forbairt a dhéanamh agus tuilleadh tacaíocht a thabhairt do líonra Clinicí an Gharda Síochána ar fud Bhaile Átha Cliath Theas chun idirghníomhaíocht éasca idir cónaitheoirí, gnóthaí agus An Garda Síochána a éascú.	An Garda Síochána	CCBÁCT, LRP	1. Measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le líon chlinicí an Gharda Síochána a mhéadú. 2. Measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht suíomhanna chlinicí an Gharda Síochána chun tinreamh a uasmhéadú. 3. Feachtas faisnéise atá deartha go cúramach a sheoladh atá dírithe ar chónaitheoirí leochaileacha chun feasacht níos fearr maidir le clinicí an Gharda Síochána a chruthú. 4. Athbhreithniú a dhéanamh ar an rath a bhí ar fheachtas faisnéise spriocdhírithe agus é a leasú dá réir sin laistigh de shé mhí i ndiaidh é a sheoladh. 5. Líon níos mó daoine ag freastal ar Chlinicí an Gharda Síochána.
1.2.7. Scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun cur leis an idirghníomhaíocht idir Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus An Garda Síochána, lena n-áirítear faisnéis a chomhroinnt agus comhairliúchán a reáchtáil maidir le hiompar frithshóisialta a laghdú go suntasach.	CCBÁCT & An Garda Síochána		1. Príomhphointí teagmhála bunaithe agus á gcothabháil idir An Garda Síochána agus CCBÁCT chun sreabhadh faisnéise a bhainistiú. 2. Féilire de chruinnithe rialta cruthaithe.

Cuspóir 1.3: Cuma aeistéitiúil ár gContae a fheabhsú ar mhaithe lena Forbairt Eacnamaíochta agus Shóisialta.

An Cineál Cuspóra: TCBÁCT

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 3, SFI 11, SFI 13, SFI 17

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: TSN 1, TSN 7, TSN 8

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrách: TPR 9.7, TPR 9.8, TPR 9.9

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
1.3.1. Leanúint ar aghaidh ag déileáil le ceantair atá dearóilithe agus le folúntas. Comhairle a thabhairt maidir le scéimeanna/cúnamh deontais atá ar fáil d'úinéirí réadmhaoine.	CCBÁCT	Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht	1. Athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh chun folúntas agus déaróiliú i gceantair shainaitheanta a bhfuil fadhbanna iontu a mhapáil agus a thuiscint. 2. Líon na ndeontas Croí Cónaithe agus deontas cosúil bronnta. 3. Tá feachtas faisnéis cuimsitheach maidir le cúnamh agus deontais atá ar fáil cruthaithe agus seolta. D'fhéadfaí faisnéis ar líne feabhsaithe a chur ar fáil san fheachtas seo le príomhphointí teagmhála Údaráis Áitiúil ar furasta teagmháil a dhéanamh leo, fógraíon faisnéise, ceardlanna bliantúla agus clinicí buail isteach le baill foirne CCBÁCT.

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
1.3.3. Gníomhartha Phlean Bainistíochta Bruscair 2023 -2025 a sheachadadh. Leanúint ar aghaidh ag tacú le grúpaí Bailte Slachtmhara, grúpaí pobail eile, agus daoine aonair lena gcuid iarrachtaí a gceantar a choinneáil glan.	CCBÁCT	Ionad Oibrithe Deonacha Bhaile Átha Cliath Theas, LRP, Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	1. Líon na ngníomhartha ón bPlean Bainistíochta Bruscair críochnaithe agus páirtchríochnaithe. 2. Rannóg bainistíochta bruscair feabhsaithe ar shuíomh gréasáin CCBÁCT agus pointe teagmhála ar fáil.

Cuspóir 1.4: Eispéireas cultúrtha an tsaoránaigh agus an chuairoteora ar Bhaile Átha Cliath Theas a fheabhsú trí ealaín, cultúr, oidhreacht agus turasóireacht.

An Cineál Cuspóra: TCBÁCT

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 3, SFI 4, SFI 8, SFI 9, SFI 10, SFI 11, SFI 17

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: NSO 5

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus **Gheilleagrách:** TPR 6.7, TPR 6.15, TPR 6.16, TPR 6.17, TPR 6.18, TPR 6.21, TPR 9.25, TPR 9.27

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
1.4.4. Tacú le forbairt príomhthionscadal caipitil turasóireachta lena n-áirítear: Teach Leamhcáin, Clós agus Stáblaí Chaisleán Ráth Fearnáin, Páirc Chorcaí, Staid Thamhlachta, Ionad Cuairteoirí Shléibhte Bhaile Átha Cliath, agus Tionscadal Turasóireachta agus Oidhreacht Thamhlachta. Táthar le cloí le prionsabail an dearaidh uilíoch nuair a bheidh na tionscadail chaipitil éagsúla á ndearadh.	CCBÁCT	Fáilte Éireann	1. Táthar ag obair ar thrí phríomhthionscadal ar a laghad (i.e., céimeanna dearaidh, pleanála nó soláthair).
1.4.5. Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí: Plean Forbartha Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas 2023–2027 a chur chun feidhme, ina gcuimsítear an Clár Caipitil Leabharlann chun leabharlanna nua a bhunú.	CCBÁCT	RFTP	1. Líon na ngníomhartha ón bPlean Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí curtha chun feidhme. 2. Táthar ag obair ar leabharlann nua amháin ar a laghad (i.e., céimeanna dearaidh, pleanála nó soláthair).

Cuspóir 1.5: Fostaíocht a mhéadú ar fud an Chontae do gach duine agus tacú le gnóthaí seanbhunaithe agus nua.

An Cineál Cuspóra: CFEI

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 8, SFI 9, SFI 10, SFI 11, SFI 17

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: TSN 1, TSN 5

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach: TPR 3.3, TPR 4.8, TPR 6.1, TPR 6.2, TPR 6.29, TPR 6.31, TPR 6.33, TPR 9.8

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
1.5.3. Ar aon dul le CCIF, forbairt braislí laistigh den réigiún a spreagadh agus tacú lena leithéid. Mar chuid den obair seo, foráil a dhéanamh do spás gorlainne laistigh den Chontae chun freastal ar riachtanais earnálacha gnó difriúla.	CCBÁCT	Ollscoil Teicneolaíochta BÁC, Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, Work IQ, Partas, ACE	1. Measúnú déanta ar riachtanais spáis/saoráidí do ghnólaigh nuathionscanta, cuideachtaí agus trádálaithe aonair ar mian leo scálú. 2. Ag freagairt don suirbhé, céimeanna curtha i gcrích chun déileáil le haon riachtanas sainaitheanta do shaoráidí nua nó feabhsaithe.
1.5.6. Mar chuid de na hiarrachtaí athghiniúna uirbeacha, dóthain tacaíochtaí a chur ar fáil d'fhorbairt fiontar agus chun fostaíocht a chruthú. Tá aird ar leith le tabhairt ar thacú le Tionscadal Imeall na Cathrach agus Lár Bhaile Thamhlachta.	CCBÁCT	Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, BOOBÁCDL, Ollscoil Teicneolaíochta BÁC, gnóthaí áitiúla	1. Forbairt a dhéanamh ar an athrú riachtanach ar an bPlean Forbartha Contae chun tacú le Tionscadal Imeall na Cathrach. 2. Straitéis Eacnamaíoch Contae a ullmhú, a dhéileálfaidh le ról Lár Bhaile Thamhlachta agus Imeall na Cathrach trí thacú le forbairt gheilleagrach an Chontae. 3. Cur chun feidhme chuspóirí agus ghníomhartha Phlean Ceantair Áitiúil Lár Baile Thamhlachta.



Sprioc 2

Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte daoine atá ina gcónaí agus ag obair i mBaile Átha Cliath Theas a fheabhsú.

Cuspóir 2.1: Oibriú le gníomhaireachtaí náisiúnta agus áitiúla chun tacú le cónaitheoirí Bhaile Átha Cliath Theas chun a sláinte, folláine agus stíl mhaireachtála a fheabhsú.

An Cineál Cuspóra: TCBÁCT

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 3, SFI 10, SFI 11

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: TSN 4, TSN 10

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagraich: TPR 9.2, TPR 9.23

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
2.1.1. Tairbhe a bhaint as creat Éire na Sláinte agus as clár Phobail Shláintiúla Sláintecare chun tionscnaimh fhianaisebhunaithe a úsáid d'fheasacht, rannpháirtíocht, gníomhaíocht fhisiciúil, rannpháirtíocht, meabhairshláinte, rochtain ar bhonneagar glas agus gorm a mhéadú, agus mí-úsáid alcóil / substaintí. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar dhéileáil le riachtanais shonracha na ndaoine ó na grúpaí sainaitheanta, lena n-áirítear céimeanna a chur i gcrích chun rochtain ar agus torthaí ó sheirbhísí sláinte a fheabhsú.	Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, CCBÁCT (ÉS, CTS, Baile Átha Cliath Theas) & FSS	Tascfhórsaí Drugaí agus Alcóil (Tamhlacht agus Cluain Dolcáin), eagraíochtaí deonacha ábhartha, CSÁLDÓ, ENRanna agus carthanachtaí	1. Líon na dtionscnamh nó na n-imeachtaí seolta nó a lean ar aghaidh ag díriú ar: - rannpháirtíocht, - imeachtaí oiliúna, - gníomhaíocht fhisiciúil, - meabhairshláinte, - forordú sóisialta, - rochtain ar bhonneagar glas agus gorm a mhéadú, - mí-úsáid alcóil / substaintí, - éirí as an gcaitheamh / vápáil. Tabhair faoi deara: Tuairisciú sonrach le cinneadh ag CCBÁCT agus ag CPBÁCT. 1. Líon na bhfreastalaithe ag imeachtaí oiliúna agus ceardlanna. 2. Inrochtaineacht feabhsaithe ar sheirbhísí sláinte i measc daoine i ngrúpaí sainaitheanta. Cainníochtaithe ag fócasghrúpaí agus/nó suirbhéanna.
2.1.2. Tacú le gníomhartha sa Phlean Náisiúnta um Chur Chun Cinn na Meabhairshláinte agus Nasc don Saol agus iad a chur chun feidhme más cuí chun torthaí meabhairshláinte agus folláine sa Chontae a fheabhsú (lena n-áirítear béim ar Phobal an Lucht Siúil).	FSS	Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, CCBÁCT, CSÁLDÓ, eagraíochtaí deonacha ábhartha, ENRanna agus carthanachtaí	1. Líon na ngníomhartha curtha chun feidhme/ar siúl ón bPlean Náisiúnta um Chur Chun Cinn na Meabhairshláinte chun torthaí meabhairshláinte agus folláine sa Chontae a fheabhsú. 2. Líon na ngníomhartha curtha chun feidhme/ar siúl ó Nascadh don Saol chun torthaí meabhairshláinte agus folláine sa Chontae a fheabhsú. 3. Inrochtaineacht feabhsaithe ar sheirbhísí meabhairshláinte agus folláine do bhaill de Phobal an Lucht Siúil. Dul chun cinn á thomhas trí úsáid a bhaint as modhanna cáilíochtúla agus cainníochtúla oiriúnacha (fócasghrúpaí mar shampla).

Cuspóir 2.2: Deiseanna a fhorbairt chun tacú le Contae sláintiúil agus gníomhach.

An Cineál Cuspóra: TCBÁCT

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 3, SFI 10, SFI 11, SFI 17

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: NSO 7

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus **Gheilleagrach:** TPR 9.10, TPR 9.11, TPR 9.12, TPR 9.13, TPR 9.14, TPR 9.15, TPR 9.16, TPR 9.17

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
2.2.1. Lántairbhe a bhaint as an úsáid agus tairbhe a bhaintear as saoráidí pobail, spóirt, áineasa agus caitheamh aimsire sa Chontae do ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta, sláinte agus folláine, agus pobail. Ba cheart go gcuimseofaí in úsáid dá leithéid gach riachtanas agus cumas.	CCBÁCT	FSS, LRP, Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath, eagraíochtaí deonacha ábhartha, ENRanna agus carthanachtaí	1. Suirbhé bonnline curtha i gcrích chun tomhas fáis a cheadú i ndáil le saoráidí pobail, spóirt agus caitheamh aimsire. Tá béim faoi leith le leagan ar úsáid ball den phobal a bhfuil riachtanais bhreise acu a mheas. 2. Líon na ngníomhartha curtha i gcrích chun úsáid saoráidí a mhéadú (e.g., uaireanta oscailte níos faide do shaoráidí áirithe, soilsiú poiblí feabhsaithe chun úsáid sa tráthnóna a spreagadh, idirghabhálacha fisiciúla chun inrochtaineacht fhisiciúil ar shuíomhanna a fheabhsú, cláir atá dírithe ar dhaoine a bhfuil riachtanais bhreise acu).
2.2.3. Oibreacha caipitil a chur i gcrích, lena n-áirítear páirceanna breise a fhorbairt mar aon le saoráidí caitheamh aimsire, spásanna do dhéagóirí, spásanna spraoi agus saoráidí spóirt de réir beartas agus straitéisí idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla ábhartha. A chinntiú go bhfuil saoráidí éagsúla á gcothabháil ag ardchaighdeán agus go bhfuil spriocphobail in ann rochtain a fháil orthu go héasca. Táthar le cloí le prionsabail an dearaidh uilíoch nuair a bheidh na tionscadail chaipitil éagsúla á ndearadh.	CCBÁCT	Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath, eagraíochtaí deonacha ábhartha, ENRanna agus carthanachtaí	1. Líon na bpáirceanna, spásanna caitheamh aimsire, spásanna do dhéagóirí, spásanna spraoi agus saoráidí spóirt cruthaithe/á bhforbairt. 2. Líon na n-oibreacha feabhais caipitil i bpáirceanna, spásanna caitheamh aimsire, spásanna do dhéagóirí, spásanna spraoi agus saoráidí spóirt críochnaithe/á bhforbairt.

Cuspóir 2.3: Tacú le Bia Sláintiúil a lthe sa Chontae.

An Cineál Cuspóra: TCBÁCT

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 2, SFI 3, SFI 10, SFI 11, SFI 13, SFI 17

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: NSO 8

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach: TPR 4.79, TPR 6.9

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
2.3.3. Garraithe scóir agus gairdíní pobail a chothabháil agus a fhorbairt do tháirgeadh bia áitiúil de réir Bheartas Garraithe Scóir CCBÁCT.	CCBÁCT	LRP, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, eagraíochtaí deonacha ábhartha, ENRanna agus carthanachtaí	1. Saoráidí ag roinnt láithreán cuibhínn seanbhunaithe feabhsaithe. 2. Líon na spásanna cuibhínn nua. 3. Líon na ngairdíní pobail nua.

Cuspóir 2.4: Obair a dhéanamh chun mí-úsáid substaintí ar fud na Chontae a laghdú trí oideachas agus tacaíochtaí.

An Cineál Cuspóra: TCBÁCT

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 3, SFI 10, SFI 11, SFI 16, SFI 17

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: TSN 10, Infheistíochtaí Earnála Poiblí eile

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach: TPR 9.20

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
2.4.1. Leanúint ar aghaidh ag obair le Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Chluain Dolcáin, Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Thamhlachta agus An Garda Síochána chun déileáil le himeaglú a bhaineann le drugaí.	Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Chluain Dolcáin, Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Thamhlachta, An Garda Síochána	CCBÁCT, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Réigiúnach Iartharach an Deiscirt	1. Forbairt an chlár DRIVE i mBaile Átha Cliath Theas. 2. Leanúint ar aghaidh le cloiginí dorais chliste, pluideanna dóiteáin, etc. a chur ar fáil i dtithe daoine atá ag déileáil le himeaglú a bhaineann le drugaí
2.4.2. Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an obair atá á déanamh ag Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Chluain Dolcáin (TFDADC) agus Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Thamhlachta (TFDAT). Scrúdú a dhéanamh ar thionscadail nua agus iad a reáchtáil ar bhonn píolótach agus é mar aidhm déileáil le mí-úsáid substaintí inár bpobail.	Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Thamhlachta / Chluain Dolcáin	CCBÁCT, FSS, An Garda Síochána, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	1. Maoiniú á chothabháil agus - á fhorbairt más féidir - do ghníomhaíochtaí Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Chluain Dolcáin agus Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Thamhlachta. 2. Líon na dtionscnamh rathúil a forbraíodh. 3. Líon na dtionscadal píolótach nua deartha, agus measúnú tionchair déanta orthu.

Sprioc 3

Níos mó rochtana ar oideachas, uasoiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil chun freastal ar bhealach níos fearr ar riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha cónaitheoirí agus fostóirí anois, agus amach anseo.

Cuspóir 3.2: Níos mó deiseanna oideachais agus oiliúna a fhorbairt chun a chinntiú go sealbhaíonn gach duine atá ina c(h)ónaí i mBaile Átha Cliath Theas na scileanna a theastaíonn chun dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a dhéanamh, agus go bhfuil riachtanais scileanna fostóirí áitiúla á gcomhlíonadh.

An Cineál Cuspóra: CFEI

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 1, SFI 4, SFI 8, SFI 9, SFI 10, SFI 11

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: TSN 5, TSN 10

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach: TPR 6.1, TPR 6.25, TPR 6.26, TPR 6.27, TPR 9.19, TPR 9.20, TPR 9.21, TPR 9.22

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
3.2.2. Tacú le soláthar seirbhísí leabharlainne nua agus feabhsaithe, lena n-áirítear seirbhísí digiteacha. Tá an obair sin le déanamh trí leabharlanna nua a oscailt áit is gá, síneadh fisiciúil a chur le foirgnimh sheanbhunaithe más gá, seirbhísí leabharlainne dea-mhéine a thairiscint, Wi-Fi saor in aisce, agus rochtain idirlín i ngach brainse, uaireanta oscailte níos faide trí Mo Leabharlann Oscailte agus sraith clár agus imeachtaí oideachais a fhorbairt.	CCBÁCT		1. Leabharlann nua amháin agus/nó forbairt leabharlainne ar siúl (i.e., céimeanna dearaidh, pleanála, soláthair). 2. A chinntiú go leantar ar aghaidh le rochtain wi-fi agus idirlín saor in aisce a chur ar fáil i ngach leabharlann. 3. Uaireanta oscailte níos mó trí Mo Leabharlann Oscailte i roinnt leabharlann. 4. Líon clár agus imeachtaí oideachais breise. 5. Líon níos mó cuairteoirí ar leabharlanna an Chontae.
3.2.4. Tacú le hoideachas agus le hoiliúint athdheise trí dheiseanna oideachais aosaigh agus gairme a sholáthar atá deartha dóibh siúd a d'fhág an scoil go luath, agus grúpaí eile, cosúil le hiarphríosúnaigh agus iad siúd atá ag teacht chucu féin i ndiaidh fadhbanna mí-úsáide substaintí.	BOOBÁCDL	Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, CCBÁCT, Ollscoil Teicneolaíochta BÁC	1. Líon breise deiseanna oiliúna athdheise agus áiteanna oiliúna. 2. Méadú ar líon na bhfreastalaithe. 3. Dul chun cinn láidir chun fostaíocht a fháil sa gheilleagar ginearálta (méadú ar an gcéatadán).
3.2.6. Oibriú le soláthraithe breisoideachais chun forbairt a dhéanamh ar sholáthar cúrsaí gairme (i.e., printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna) i mBaile Átha Cliath Theas.	BOOBÁCDL agus Ollscoil Teicneolaíochta BÁC	CCBÁCT, Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas, CSÁLDÓ, An Roinn Coimirce Sóisialaí, Tacaíocht d'Fhostóirí, gnóthaí áitiúla	1. Líon socrúchán oibre méadaithe. 2. Athbhreithniú a dhéanamh ar áiteanna printíseachta seanbhunaithe agus nua chun freastal ar riachtanas gnó.

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
3.2.8. Trí chruinnithe agus taighde leanúint ar aghaidh lena chinntiú go bhfuil caidreamh láidir idir fostóirí áitiúla, an OFÁ agus soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais i mBaile Átha Cliath Theas. Laistigh de chomhthéacs an chaidrimh sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fhorbairt mac léinn ó ghrúpaí sainaitheanta a chumasú.	Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas, BOOBÁCDL, Ollscoil Teicneolaíochta BÁC	CCBÁCT, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	1. Líon cruinnithe a reáchtáladh. 2. Líon na gcomhpháirtíochtaí taighde agus nuálaíochta i ngnóthaí i mBaile Átha Cliath Theas a mhéadú. Bonnlíne cainníochtaithe.
3.2.9. Straitéis scileanna a fhorbairt do Bhaile Átha Cliath Theas.	CCBÁCT	BOOBÁCDL, Ollscoil Teicneolaíochta BÁC, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, LRP	1. Straitéis scileanna forbartha. 2. Líon na ngníomhartha atá á gcur chun feidhme.

Cuspóir 3.4: Rochtain do chách ar oideachas a mhéadú.

An Cineál Cuspóra: TCBÁCT

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 1, SFI 3, SFI 4, SFI 8, SFI 9, SFI 10, SFI 11

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: NSO 10

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach: TPR 6.27, TPR 9.12, TPR 9.13, TPR 9.19, TPR 9.20, TPR 9.21

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
3.4.1. Leanúint ar aghaidh ag tacú le hiarrachtaí soláthraithe oideachais chun cláir oiliúna a fhorbairt atá inrochtana go digiteach agus/nó ar an láthair do dhaoine de gach aois, cúlra agus cumas. Inrochtaineacht fhisiciúil ionad oiliúna a fheabhsú. Táthar le cloí le prionsabail an dearaidh uilíoch nuair a bheidh na tionscadail éagsúla á ndearadh.	Ollscoil Teicneolaíochta BÁC agus BOOBÁCDL	CCBÁCT	1. Líon na gclár oideachais agus oiliúna curtha ar fáil go digiteach agus/nó ar an láthair do dhaoine de gach aois, cúlra agus cumas. 2. Líon na ngníomhartha curtha i gcrích chun inrochtaineacht fhisiciúil suíomhanna oideachais agus oiliúna a fheabhsú.
3.4.5. Leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt litearthachta, tacaíochtaí Béarla, uimhearthacht, airgeadas teaghlaigh, litearthacht sláinte agus cláir oideachais chothaithe do dhaoine atá ina gcónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus ó ghrúpaí sainaitheanta.	BOOBÁCDL, CCBÁCT & Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	FSS	1. Líon na gclár litearthachta, tacaíochtaí Béarla, uimhearthachta, airgeadais teaghlaigh, litearthachta sláinte agus oideachais chothaithe. 2. Líon na bhfreastalaithe. 3. Caighdeán na gclár a ndearnadh meastóireacht orthu, agus feabhsuithe déanta de réir mar is gá.

Cuspóir 3.5: Naisc a threisiú – go háirithe taighde – idir Ollscoil Teicneolaíochta BÁC, BOOBÁCDL agus gnóthaí agus pobail Bhaile Átha Cliath Theas.

An Cineál Cuspóra: CFEI

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 4, SFI 8, SFI 9, SFI 10, SFI 11

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: TSN 5, TSN 10

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach: TPR 6.25, TPR 6.26, TPR 6.28, TPR 9.22

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
3.5.1. Tacú le comhpháirtíochtaí taighde agus forbartha níos láidre agus le rannpháirtíocht níos ginearálta idir Ollscoil Teicneolaíochta BÁC, BOOBÁCDL, gnóthaí áitiúla agus páirtithe leasmhara eile.	Ollscoil Teicneolaíochta BÁC, BOOBÁCDL agus Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas	CCBÁCT, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, gnóthaí áitiúla	1. Líon na gcaidreamh straitéiseach nua idir Ollscoil Teicneolaíochta BÁC agus tionscal áitiúil. 2. Líon na gcomhpháirtíochtaí taighde agus nuálaíochta i ngnóthaí i mBaile Átha Cliath Theas a mhéadú. Bonnlíne cainníochtaithe. 3. Méadú ar chéimithe Ollscoil Teicneolaíochta BÁC agus BOOBÁCDL ag obair i ngnóthaí i mBaile Átha Cliath Theas. Tá gá le suirbhé bonnlíne. 4. Líon na ndeiseanna a ndearnadh scrúdú orthu le hinstitiúidí tríú leibhéal agus le gnóthaí atá lonnaithe sa Chontae chun an clár Saotharlanna Leabharlainne a fheabhsú, díriú ar chomhpháirtíochtaí a fhorbairt chun saineolas eolaíochta agus teicneolaíochta a sholáthar do chainteanna agus ceardlanna.

Sprioc 4

Cothroime, comhoibriú agus nuálaíocht a bheith ag croílár aistrithe Bhaile Átha Cliath Theas go dtí Contae ísealcharbóin.

Cuspóir 4.1: Leibhéil bithéagsúlachta a fheabhsú go suntasach ar fud Bhaile Átha Cliath Theas.

An Cineál Cuspóra: TCBÁCT

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 3, SFI 4, SFI 11, SFI 13, SFI 14, SFI 15, SFI 17

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: NSO 8

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleaghrach: TPR 6.23, TPR 9.22

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
4.1.3. Tacú le forbairt leanúnach cláir oideachais nuálach agus uailmhianach a chumhachtaíonn gach cónaitheoir, grúpa pobail, carthanachtaí/ENR, fostóirí rialtais agus gnóthaí chun cabhrú ar bhealach dearfach chun gnáthóga agus leibhéil bithéagsúlachta a fheabhsú.	CCBÁCT	LRP, Ionad Oibrithe Deonacha Bhaile Átha Cliath Theas, Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas, eagraíochtaí deonacha ábhartha, ENRanna agus carthanachtaí	1. Líon na ngníomhaíochtaí oideachais a cuireadh i gcrích. 2. Tionchar na ngníomhaíochtaí oideachais a measadh chun cabhrú le caighdeán an chláir a fheabhsú go leanúnach. 3. Líon níos mó gníomhartha bithéagsúlachta á dtreorú ag an bpobal. 4. Leibhéal níos mó rannpháirtíochta gnólachtaí i ngníomhartha bithéagsúlachta.

Cuspóir 4.2: Tacú le gnóthaí agus le fiontraíthe Bhaile Átha Cliath Theas chun níos mó tairbhe a bhaint as deiseanna a bhaineann leis an ngeilleagar glas.

An Cineál Cuspóra: CFEI

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 4, SFI 8, SFI 9, SFI 11, SFI 13, SFI 17

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: TSN 5, TSN 8

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleaghrach: TPR 6.23, TPR 6.24, TPR 7.5, TPR 7.7, TPR 7.15, TPR 7.17, TPR 7.28, TPR 7.29, TPR 7.35

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
4.2.2. Oibriú le pobail agus le gnóthaí chun scileanna a fhorbairt, tacú le foghlaim agus eolas a fhorbairt maidir leis an athrú aeráide agus inbhuanaitheacht chomhshaoil chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun an úsáid atá á baint as fuinneamh in-athnuaite a mhéadú.	CCBÁCT	LRP, Ionad Oibrithe Deonacha Bhaile Átha Cliath Theas, Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas, eagraíochtaí deonacha ábhartha, ENRanna agus carthanachtaí	1. Líon gníomhartha oideachais, rannpháirtíochta agus cur chun cinn curtha i gcrích. 2. Leibhéal i bhfad níos mó de bhearta caomhnaithe fuinnimh i dtithíocht shóisialta agus i bhfoirgnimh phobail faoi úinéireacht údarais áitiúil. 3. Leibhéil i bhfad níos mó de dhaoine ag baint úsáid as taisteal gníomhach agus iompar poiblí (e.g., áiritheoirí líon custaiméirí, áiritheoirí rothaíochta).

Cuspóir 4.3: É a dhéanamh níos éasca do chónaitheoirí agus do ghnóthaí Bhaile Átha Cliath Theas fuinneamh a chaomhnú, fuinneamh glas a ghiniúint agus tairbhe a bhaint as cleachtais an gheilleagair chiorclaigh.

An Cineál Cuspóra: TCBÁCT

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 3, SFI 4, SFI 7, SFI 10, SFI 11, SFI 13, SFI 17

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: TSN 4, TSN 5, TSN 8

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus **Gheilleagrach:** TPR 4.79, TPR 7.39, TPR 7.40, TPR 7.4, TPR 7.42, TPR 7.35, TPR 7.37, TPR 7.38, TPR 8.7, TPR 8.13, TPR 9.21

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
4.3.4. Leanúint ar aghaidh le scrúdú a dhéanamh ar agus le deiseanna a uasmhéadú chun tuilleadh forbairt agus fairsingiú a dhéanamh ar théamh ceantair agus ar fhuinneamh in-athnuaite.	CCBÁCT	ÚFIÉ, oibreoirí ionad sonraí	1. Forbairt na scéime téimh ceantair seanbhunaithe. 2. Líon na ndíonta seanbhunaithe ar suiteáladh grianphainéil PV orthu ar réadmhaoin faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil.
4.3.6. Daoine a spreagadh agus eolas a roinnt leo maidir le dea-chleachtas i ndáil le bainistíocht fuinnimh, iarfheistiú agus giniúint fuinnimh in-athnuaite do thithe agus do ghnóthaí.	CCBÁCT	LRP, Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	1. I bhfad níos mó tairbhe á baint as micrighiniúint in-athnuaite ag gnóthaí agus ag úinéirí tí sa Chríos Dícharbónaithe. 2. I bhfad níos mó tairbhe á baint as iarfheistiú foirgnimh agus bainistíocht fuinnimh ag gnóthaí agus ag úinéirí tí sa Chríos Dícharbónaithe.
4.3.7. Tacaíochtaí a chruthú agus/nó a chur chun cinn do chónaitheoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste a chabhróidh leo chun a gcostais téimh, iompair agus bhia a laghdú, agus ag an am céanna a laghdóidh a gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa.	CCBÁCT	Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	1. Cuireadh staidéar i gcrích sa Chríos Dícharbónaithe chun measúnú a dhéanamh ar na tacaíochtaí/gníomhartha breise ó CCBÁCT atá ag teastáil ó chónaitheoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste chun cabhrú leo a gcostais téimh, iompair agus bhia a laghdú. 2. Scéim rannpháirtíochta atá dírithe go sonrach ar dhaoine ó chúlra faoi mhíbhuntáiste forbartha agus á gcur chun feidhme.

Cuspóir 4.4: Tacú le buntáistí an taistil ghníomhaigh agus na soghluaisteachta inbhuanaithe.

An Cineál Cuspóra: TCBÁCT

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 3, SFI 8, SFI 9, SFI 10, SFI 11, SFI 13

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: TSN 1, TSN 4, TSN 5, TSN 8

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach: TPR 5.2, TPR 8.7

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
4.4.1. Leanúint ar aghaidh le níos mó lánaí rothaíochta agus glasbhealaí scartha a fhorbairt, cosáin a fheabhsú agus a fhorbairt de réir mar is gá, trasrianta coisithe a fhorbairt/a fheabhsú, soilsiú sráide a fheabhsú agus leanúint ar aghaidh le soilsiú LED a rolladh amach.	CCBÁCT	ÚNI, BIÉ	1. Líon na gciliméadar de lánaí rothaíochta agus glasbhealaí scartha nua. 2. Líon na gciliméadar de chosáin nua agus feabhsaithe. 3. Líon na dtrasrianta coisithe nua agus feabhsaithe. 4. Céatadán an tsoilse sráide atá athraithe go dtí soilse LED anois.
4.4.3. Tacú le leibhéil mhéadaithe siúil, rothaíochta agus úsáide bus chun dul ar scoil, agus chomh fada le suíomhanna breisoideachais agus ardoideachais (e.g., níos mó spásanna páirceála do rothair agus do scútair, criosanna sábháilte scoile forbartha, traenacha rothaíochta).	CCBÁCT	ÚIE, BOOBÁCDL, bunscoileanna agus meánscoileanna áitiúla, ÚNI	1. Líon na saoraidí páirceála nua do rothair agus do scútair. 2. Líon na gcriosanna scoile sábháilte nua forbartha. 3. Tacaíocht curtha ar fáil do thraenacha rothaíochta.
4.4.4. Comhoibriú le gnóthaí ionas go mbeidh sé níos éasca d'oibrithe roghanna taistil gníomhacha agus inbhuanaithe a úsáid. Ba cheart go mbeadh eastáit thionsclaíocha níos sábháilte agus níos deise chun a bheith ag rothaíocht agus ag siúl iontu.	CCBÁCT	Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas, GFT, úinéirí gnó, ÚNI	1. Plean taistil ghníomhaigh cruthaithe d'Eastát Tionscail Bhaile an Chócaigh. 2. Plean inrochtaineachta taistil ghníomhaigh píolótach deartha agus á chur chun feidhme d'Eastát Tionscail Bhaile an Chócaigh.



Spríoc 5

Pobail a chumhachtú trí thionscnaimh CLISTE agus forbairt scileanna chun cabhrú lena chinntiú gur áiteanna níos fearr chun cónaí iontu, chun obair iontu agus chun cuairt a thabhairt orthu iad a gceantair féin.

Cuspóir 5.1: Trí chomhoibriú agus rannpháirtíocht ar fud an rialtais áitiúil, i measc soláthraithe teicneolaíochta, lucht acadúil agus saoránach a threorú, bainfidh Baile Átha Cliath Theas Cliste tairbhe as cumhacht teicneolaíochtaí digiteacha chun timpeallachtaí uirbeacha níos éifeachtúla, níos inbhuanaithe agus níos inchónaithe a chruthú agus chun déileáil le dúshlán áitiúla agus dhomhanda.

An Cineál Cuspóra: TCBÁCT

Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 4, SFI 8, SFI 9, SFI 11, SFI 17

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: NSO 1

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach: TPR 8.25

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
5.1.5. Straitéisí agus tionscnaimh rannpháirtíochta sibhialta agus ionchuimsithe shóisialta a fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh an litearthacht dhigiteach riachtanach agus na scileanna ag saoránaigh – go háirithe ó ghrúpaí sainaitheanta – chun tairbhe a bhaint as na teicneolaíochtaí agus scileanna.	CCBÁCT	Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, BOOBÁCDL, LRP	1. Straitéis um ionchuimsiú digiteach forbartha agus dírithe ar ghrúpaí sainaitheanta chun cabhrú leo chun teicneolaíochtaí agus seirbhísí seanbhunaithe agus nua a fhorbairt. 2. Rolladh amach leanúnach r-phleanála. 3. Líon na gníomhartha ón straitéis atá á gcur chun feidhme.



Cuspóir 5.2: Grúpaí pobail agus deonacha, fiontair shóisialta, ENRanna agus carthanachtaí a chumhachtú trí oiliúint, meantóireacht agus comhairle chun a dtionchar sóisialta agus eacnamaíoch a mhéadú.

An Cineál Cuspóra: TCBÁCT

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 4, SFI 10, SFI 11, SFI 17

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: NSO 1

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach: TPR 9.2, TPR 9.15

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
5.2.1. Rannpháirtíocht an phobail i bhforbairt an Chontae a spreagadh agus tacú lena leithéid. Ba cheart aird ar leith a dhíriú ar chabhrú leo siúd ó phobail sainaitheanta chun a bheith rannpháirteach agus leis na heagraíochtaí pobail a thacaíonn leis na grúpaí sin.	Ionad Oibrithe Deonacha Bhaile Átha Cliath Theas agus LRP	CCBÁCT, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, grúpaí pobail ábhartha, ENRanna agus carthanachtaí	1. Laistigh de bhliain amháin, tá suirbhé bonnlíne le déanamh chun céatadán an mhéadaithe rannpháirtíochta sa phróiseas cinnteoireachta a thomhas i measc na ngrúpaí sainaitheanta. 2. Tá an plean gníomhaíochta cruthaithe bunaithe ar conas rannpháirtíocht an phobail i bhforbairt an Chontae a fheabhsú. 3. Líon na ngníomhartha atá á gcur chun feidhme.
5.2.2. Ballghrúpaí LRP a chumasú agus tacú leo chun ionchur ar chur ar fáil agus chun a chinntiú go bhfuil a nguthanna le cloisteáil laistigh de struchtúir chinnteoireachta fhoirmiúil an údaráis áitiúil. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thacú le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí sainaitheanta chun páirt a ghlacadh sa LRP agus chun tionchar fiúntach a bheith acu.	LRP agus CCBÁCT	Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, Ionad Oibrithe Deonacha Bhaile Átha Cliath Theas	1. Stocáireamh bliantúil ar rannpháirtíocht Ionadaithe LRP i struchtúir CCBÁCT.
5.2.3. Meantóireacht agus oiliúint a chur ar fáil do ghrúpaí pobail agus deonacha, fiontair shóisialta, carthanachtaí agus ENRanna i réimsí ábhartha (e.g., rialachas, comhairliúchán le páirtithe leasmhara, maoiniú, bainistíocht agus coinneáil oibrithe deonacha, bainistíocht tionscadail, úsáid na teicneolaíochta) chun a n-éifeachtacht a mhéadú.	Ionad Oibrithe Deonacha Bhaile Átha Cliath Theas agus LRP	Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, CCBÁCT, Partas, grúpaí pobail ábhartha, ENRanna agus carthanachtaí	1. Measúnú déanta ar riachtanais oiliúna. 2. Líon na n-imeachtaí oiliúna a reáchtáladh. 3. Clár meantóireachta cruthaithe. 4. Líon na rannpháirtithe. 5. Suirbhé chun measúnú a dhéanamh ar luach an chláir oiliúna agus mheantóireachta.

Cuspóir 5.3: Gilleagar láidir, ionchuimsitheach agus athléimneach a chumasú a bhfuil fiontar, nuálaíocht agus scileanna ag tacú leis trí áiteanna a chruthú atá in ann fiontar agus nuálaíocht a chothabháil agus infheistiú agus tallann a mhealladh.

An Cineál Cuspóra: CFEI

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 8, SFI 9, SFI 11, SFI 17

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: TSN 5, TSN 7

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach: TPR 6.21, TPR 9.11

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
5.3.5. Baile Átha Cliath Theas a fhorbairt mar cheann scribe tráthnóna agus oíche atá in ann eispéireas inbhuanaithe, bríomhar, cultúrtha agus éagsúil a chur ar fáil do shaoránaigh agus do chuairteoirí.	CCBÁCT	Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas, LRP, nithe is díol spéise cultúrtha áitiúla agus turasóireachta, gnóthaí áitiúla agus grúpaí pobail	1. Straitéis don gheilleagar oíche do Thamhlacht cruthaithe. 2. Líon na gníomhartha ó straitéis Thamhlachta atá curtha chun feidhme/ar siúl. 3. Athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis sheanbhunaithe don gheilleagar oíche chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ngá atá le straitéis bhreise a chur chun feidhme i gceantar eile i mBaile Átha Cliath Theas



Sprioc 6

Go mbeadh an tsochaí laistigh de Chontae Bhaile Átha Cliath Theas níos ionchuimsithí, níos cothroime agus níos fáiltí chomh fada is a bhaineann le héagsúlacht.

Cuspóir 6.1: Tacú le hionchuimsiú sóisialta agus a leithéid a chur chun cinn laistigh den Chontae.

An Cineál Cuspóra: TCBÁCT

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 1, SFI 3, SFI 10, SFI 11, SFI 17

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: Infheistíochtaí Earnála Poiblí Eile

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach: TPR 9.1, TPR 9.2, TPR 9.3, TPR 9.6, TPR 9.14, TPR 9.15, TPR 9.16, TPR 9.17, TPR 9.18, TPR 9.19, TPR 9.20

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
6.1.1. Straitéis chun teacht i gcomharba ar Contae Níos Ionchuimsithí: Straitéis Lánpháirtíochta Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2024-2028 a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Tá béim ar leith le leagan ar an méid is féidir le páirtithe leasmhara i mBaile Átha Cliath Theas a dhéanamh go díreach chun imircigh a lánpháirtiú ar bhonn gearrthéarmach agus fadtéarmach.	CCBÁCT	LRP, Ionad Oibrithe Deonacha Bhaile Átha Cliath Theas, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, eagraíochtaí deonacha ábhartha, ENRanna agus carthanachtaí	1. Straitéis Lánpháirtíochta Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas nua a fhorbairt do blianta 2024-2028. 2. Líon na gníomhartha ón straitéis nua atá á gcur chun feidhme.
6.1.2. Tacaíochtaí lánpháirtíochta leanúnacha a chur ar fáil d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, Dídeanaithe agus Tairbhíthe Cláir Cóiríochta Sealadaí chun cur ar a gcumas cónaí go neamhspleách sa phobal.	CCBÁCT	Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, LRP, Ionad Oibrithe Deonacha Bhaile Átha Cliath Theas	1. Líon na dtacaíochtaí lánpháirtíochta curtha ar fáil.
6.1.6. Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an obair atá á déanamh ag Comhairle na nÓg agus ag seirbhísí óige eile i mBaile Átha Cliath Theas. Daoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí oibre óige.	CCBÁCT	Comhairle na nÓg agus seirbhísí óige eile, CSÁLDÓ, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, LRP, grúpaí pobail ábhartha, clubanna spóirt, ENRanna agus carthanachtaí	1. Líon na gcruinnithe a reáchtáladh idir CCBÁCT, Comhairle na nÓg, CSÁLDÓ agus seirbhísí óige eile chun gníomhaíochtaí a chomhordú ar bhealach níos fearr. 2. Líon na bhfeachtas/na ngníomhaíochtaí atá dírithe ar dhaoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí oibre óige.
6.1.7. Comhoibriú le Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Bhaile Átha Cliath Theas chun tacú le seirbhísí atá comhordaithe, freagrúil agus a fhreastalaíonn ar riachtanais leanaí, daoine óga agus teaghlach i mBaile Átha Cliath Theas.	CCBÁCT agus Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Bhaile Átha Cliath Theas	CSÁLDÓ, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, grúpaí pobail ábhartha, ENRanna agus carthanachtaí	1. Líon na gcruinnithe a reáchtáladh idir CCBÁCT agus Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Bhaile Átha Cliath Theas chun seirbhísí a chomhordú ar bhealach níos fearr.

Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
6.1.8. Oibriú le hIonad Oibrithe Deonacha Bhaile Átha Cliath Theas chun tacú le hobair dheonach agus chun í a chur chun cinn mar mhodh d'ionchuimsiú agus de lánpháirtíocht shóisialta sa Chontae.	Ionad Oibrithe Deonacha Bhaile Átha Cliath Theas agus CCBÁCT	LRP, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, grúpaí pobail ábhartha, ENRanna agus carthanachtaí	1. Cúrsaí oiliúna curtha ar fáil do ghrúpaí pobail agus oibrithe deonacha maidir le conas a bheith níos ionchuimsithí. 2. Líon na bhfreastalaithe a bhí i láthair ag cúrsaí oiliúna. 3. Méadú ar líon na ndaoine i soláthar díreach a bhfuil baint acu le hobair dheonach.
6.1.9. Tacú le cláir gníomhaíochtaí, imeachtaí agus rannpháirtíochta ionchuimsithe shóisialta ó ghrúpaí pobail, clubanna spóirt agus clubanna sóisialta eile a spreagann rannpháirtíocht daoine ó chúlraí éagsúla agus a dhéanann ceiliúradh ar éagsúlacht chultúrtha.	CCBÁCT	Ionad Oibrithe Deonacha Bhaile Átha Cliath Theas, LRP, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, eagraíochtaí pobail ábhartha, ENRanna agus carthanachtaí	1. Méadú suntasach ar líon na ngníomhaíochtaí ionchuimsitheacha sóisialta, imeachtaí agus cláir rannpháirtíochta ó ghrúpaí pobail, clubanna spóirt agus clubanna spóirt eile (deartha go sonrach le haghaidh grúpaí sainaitheanta, nó a chuireann a leithéid de ghrúpaí sainaitheanta san áireamh). 2. Líon na bhfreastalaithe. 3. Deontais CCBÁCT dírithe chun níos mó gníomhaíochtaí ionchuimsitheacha sóisialta, clár imeachtaí agus rannpháirtíochta a spreagadh ó ghrúpa pobail, clubanna spóirt agus clubanna sóisialta seanbhunaithe agus nua.
6.1.10. Oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil an PÁEP seo á chur chun feidhme acu maidir le beartais, nósanna imeachta agus cleachtais inmheánacha chun a chinntiú nach bhfuil aon idirdhealú le tabhairt faoi deara sna grúpaí sainaitheanta. Go ginearálta, cúrsaí oiliúna a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhíse na hearnála poiblí chun deireadh a chur le hidirdhealú, déileáil le steiréitíopaí a d'fhéadfadh a bheith ann, agus acmhainn a fhorbairt chun tacú le comhionannas.	CCBÁCT		1. Líon na n-imeachtaí oiliúna a reáchtáladh. 2. Líon na bhfreastalaithe a bhí i láthair ag cúrsaí oiliúna.
6.1.14. Rannpháirtíocht vótálaithe i dtoghcháin a mhéadú.	CCBÁCT	LRP	1. Taighde curtha i gcrích chun teacht ar thuiscint níos fearr ar an gcúis a mbíonn líon na vótálaithe íseal i gceantair áirithe (e.g., agallaimh le príomhpháirtithe leasmhara, fócasghrúpaí). 2. Gníomhaíochtaí chun vótálaithe a spreagadh forbartha bunaithe ar thaighde. 3. Líon na ngníomhartha curtha chun feidhme, lena n-áirítear feachtas poiblí ina léirítear an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag vótáil i dtoghcháin áitiúla agus náisiúnta ar shaol daoine.

Cuspóir 6.2: Inrochtaineacht fhisiciúil Bhaile Átha Theas a mhéadú do chách.

An Cineál Cuspóra: TCBÁCT

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: SFI 3, SFI 10, SFI 11, SFI 17

Plean Forbartha Náisiúnta Toradh Straitéiseach Náisiúnta: NSO 9

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus **Gheilleagrach:** TPR 9.1, TPR 9.2, TPR 9.10, TPR 9.11, TPR 9.11, TPR 9.12


Gníomhartha Tosaíochta	Ceannaire	Comhpháirtithe	Aschur/PTFanna
6.2.1. Ba cheart go gcoífeadh dearadh na ríochta poiblí le dea-chleachtas i gcruthú/athmhúnlú spásanna atá inrochtana do chách, agus ba cheart a bheith airdeallach ar shábháilteacht daoine scothaosta agus ban. Beidh gá le machnamh cúramach chun dóthain spásanna páirceála a chur ar fáil ag suíomhanna oiriúnacha do dhaoine scothaosta agus dóibh siúd a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta nó riachtanais bhreise acu. Ba cheart inrochtaineacht ar na suíomhanna sin trí mhodhanna iompair inbhuanaithe a fheabhsú freisin más féidir.	CCBÁCT	Comhairle Daoine Scothaosta Baile Átha Cliath Theas	1. Ba cheart go ndéileálfai i ndearadh ríochta poiblí CCBÁCT go sonrach le cruthú/athmhúnlú spásanna atá inrochtana do chách, agus ba cheart a bheith airdeallach ar shábháilteacht daoine scothaosta agus ban. 2. Ba cheart do dhearadh ríochta poiblí CCBÁCT machnamh cúramach a dhéanamh chun dóthain spásanna páirceála a chur ar fáil ag suíomhanna oiriúnacha do dhaoine scothaosta agus dóibh siúd a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta nó riachtanais bhreise acu. 3. Líon na ngníomhartha chun inrochtaineacht ar pháirceanna poiblí agus ar lár bailte trí mhodhanna iompair inbhuanaithe a fheabhsú.
6.2.4. Oiliúint agus maoiniú a chur ar fáil do ghrúpaí pobail agus deonacha chun a gcoistí agus gníomhaíochtaí ginearálta a spreagadh chun níos mó fáilte a chur roimh dhaoine a bhfuil riachtanais bhreise acu.	CCBÁCT	LRP, Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, grúpaí pobail ábhartha, ENRanna agus carthanachtaí	1. Measúnú déanta ar an oiliúint agus ar na sásraí deontais CCBÁCT atá ag teastáil chun coistí agus gníomhaíochtaí ginearálta a spreagadh chun níos mó fáilte a chur roimh dhaoine a bhfuil riachtanais bhreise acu. 2. Líon na n-imeachtaí oiliúna a reáchtáladh. 3. Líon na bhfreastalaithe a bhí i láthair ag cúrsaí oiliúna. 4. Próiseas iarratais deontas CCBÁCT leasaithe de réir mar is gá. 5. Fógra maidir le deiseanna maoinithe neamh-CCBÁCT le tabhairt do ghrúpaí ábhartha. San áireamh anseo d'fhéadfaí glacadh le bheith i do bhall de phointe maoinithe <i>The Wheel</i> chun eolas a fháil maidir le cistí oiriúnacha.

8.4 Monatóireacht agus Meastóireacht

Déantar cur síos sna rannóga seo a leanas ar chur chuige ardleibhéil na Comhairle maidir le monatóireacht a dhéanamh ar Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2024-2030. Beidh monatóireacht agus meastóireacht PÁEP riachtanach chun a chinntiú go gcuirtear an Plean chun feidhme go rathúil. Mar a luadh roimhe seo, beidh ról lárnach ag an meastóireacht ar dhul chun cinn i dtairbhe a bhaint as na buntáistí a bhaineann le Plean Feidhmithe solúbtha a ndéanfar athbhreithniú agus leasú air uair amháin gach 2 bhliain.

Tá Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, mar an ghníomhaireacht feidhmithe uileghabhálach, tiomanta do mhonatóireacht rialta agus chruinn a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar dhul chun cinn an phlean nua. De bhrí gur plean comhroinnte é PÁEP, áfach, ní féidir monatóireacht agus meastóireacht chruinn a dhéanamh ach amháin trí iarracht chomhordaithe le príomhpháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le seachadadh agus le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí an Phlean.

Cabhróidh an mhonatóireacht ar na spriocanna, cuspóirí agus gníomhaíochtaí leis an gComhairle agus lena chomhpháirtithe glacadh le cur chuige atá bunaithe ar shonraí agus ar fhianaise maidir le cinnteoireacht fad is atá níos mó comhoibrithe ar siúl ar fud an Chontae (fíor 8.1). Cuirfidh sé sin le leithdháileadh oiriúnach acmhainní chun déileáil le riachtanais shonracha an Chontae agus chun cabhrú lena chinntiú go bhfaightear luach ar airgead i rith amfráma an PÁEP.



Fíor 8.1: An Roth Monatóireachta agus Meastóireachta

8.5 Cur Chuige Monatóireachta agus Meastóireachta PÁEP Bhaile Átha Cliath Theas

Tá an cur chuige monatóireachta deartha ar bhealach a chiallaíonn gur cheart go mbeadh sé neamhchasta, cruinn agus beacht. Admhaítear nach mór go mbeadh ceanglais tuairiscithe chomh haméifeachtúil agus is féidir i bhfianaise na ngníomhaireachtaí agus na bpáirtithe leasmhara éagsúla a bhfuil baint acu le seachadadh ghníomhartha PÁEP. Tá bonnsraith an chur chuige bunaithe ar chur chuige riachtanasbhunaithe maidir le monatóireacht agus meastóireacht (i.e., an deis chun na gníomhartha a leasú), cumarsáid oscailte agus shoiléir, comhoibriú agus cultúr úinéireachta laistigh den Chomhairle chun rath PÁEP a chinntiú.

Mar a míníodh sna caibidlí roimhe seo, tá na spriocanna, cuspóirí, torthaí agus gníomhartha forbartha agus tá gníomhaireachtaí cumasaithe agus PTFanna sainaitheanta. Chomh maith leis sin, tá foinsí sonraí, mínithe thíos, sainaitheanta chun cabhrú le monatóireacht a dhéanamh ar an bPlean. Beidh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas freagrach as monatóireacht agus meastóireacht fhoriomlán an Phlean agus rachaidh sí i

mbun idirchaidrimh rialta leis na páirtithe leasmhara agus leis na gníomhaireachtaí éagsúla a bhfuil baint acu leis an gcur chun feidhme (na gníomhaireachtaí cumasúcháin). Más cuí le haghaidh gníomhartha sonracha agus trí chomhordú leis na gComhairle, sainaitheofar pointí teagmhála ainmnithe sna gníomhaireachtaí cumasúcháin chun nuashonruithe maidir le dul chun cinn a chur ar fáil faoi na dátaí comhaontaithe.

8.5 Struchtúr Bainistíochta

Beidh CFPÁ Chontae Bhaile Átha Cliath Theas freagrach as monatóireacht agus meastóireacht fhoriomlán ar PÁEP. Ag dáta luath, ba cheart don CFPÁ teagmháil a dhéanamh le gach gníomhaireacht sainaitheanta mar phríomhpháirtí leasmhar agus teacht ar chomhaontú maidir le bealach chun gach ceann den 51 gníomh tosaíochta a chomhlíonadh.

Fiafrófar de cheannairí gníomhaíochta freagairtí maidir le dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis na PTFanna comhaontaithe gach sé mhí a chomhordú. Ionas go mbeidh sé éasca tuairisciú a dhéanamh, forbróidh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas tairseach tuairiscithe ar líne ar bhonn práinne.

Ba cheart tuarascáil maidir le dul chun cinn a thiomsú agus a fhoilsiú gach bliain trí CFPÁ. Ba cheart eolas maidir le ceisteanna nua / ceachtanna foghlamtha a chur san áireamh sa tuarascáil. I dtreo dheireadh an Phlean Feidhmithe dhá bhliain seo, tá meastóireacht le déanamh ar an rath a bhí air.

8.6 Céard a bhfuil Monatóireacht á déanamh air

Déantar monatóireacht agus meastóireacht ar ghníomhartha foriomlána agus ar PTFanna an phlean feidhmithe chun eolas a bhailiú faoi dhul chun cinn maidir le nuashonruithe a lorgaíonn na gníomhaireachtaí cumasúcháin ábhartha ar bhonn ráithiúil. Bíonn na PTFanna éagsúil agus baineann cuid acu le rollú agus líon rannpháirtithe do chúrsaí agus d'oiliúint, agus baineann cuid eile le cur chun feidhme e.g., i ndáil le dlús a chur le tionscnaimh phíolótacha, staidéar féidearthachta, feachtais nó meithleacha nó a leithéid a bhunú. Beag beann ar na PTFanna, ba cheart go mbeadh gníomhartha an Phlean Feidhmithe tosaigh mar bhonn le nuashonruithe soiléire agus tuarascálacha ar dhul chun cinn; is cuma má é sin líon na rannpháirtithe cláraithe chun cúrsa a dhéanamh nó eolas maidir leis an dul chun cinn nó easpa dul chun cinn a rinne an tionscnamh.

Cabhróidh na nuashonruithe seo le meastóireacht fhoriomlán ar an dul chun cinn i ndáil le spriocanna, cuspóirí agus torthaí ardleibhéil do tréimhse PÁEP iomlán. Bíonn na torthaí éagsúil freisin chomh fada is a bhaineann le tuairisciú agus is féidir monatóireacht a dhéanamh orthu in go leor cásanna trí shonraí staitistiúla (nuashonraithe ag tréimhsí éagsúla mar a mhínítear thíos) curtha ar fáil ag an POS agus ag gníomhaireachtaí eile cosúil le Logeolaire. I gcásanna eile, beidh sonraí sonracha á gcoimeád ag an gComhairle agus ag príomhpháirtithe leasmhara eile a bhfuil baint acu le seachadadh an PÁEP cosúil le GFT, FSS, soláthraithe seirbhíse (e.g., Bus Átha Cliath), agus grúpaí pobail (e.g., Ionad Oibrithe Deonacha Chontae Bhaile Átha Cliath Theas). Mar gheall ar nádúr ardleibhéil agus fadtéarmach na spriocanna, cuspóirí agus torthaí, is ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas a bheidh an fhreagracht fhoriomlán i ndáil le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn.

8.7 Céard a bheidh á Thuairisciú

Trína bpointí teagmhála ainmnithe, soláthróidh gníomhaireachtaí cumasúcháin ábhartha nuashonruithe gearra ar dhul chun cinn maidir le gníomhartha agus PTFanna ábhartha. Sa chás nach bhfuil faisnéis nó sonraí a bhaineann le PTFanna ar fáil fós (e.g., figiúirí clárúcháin bliantúla do chúrsaí nó a leithéid), ba cheart é sin a chur san áireamh mar aon leis an dáta a shamhlaítear a bheidh a leithéid de shonraí ar fáil. Ba cheart aird a tharraingt ar aon saincheist a bhaineann le cur chun feidhme na gníomhaíochta nó an tuairiscithe maidir leis na PTFanna sna nuashonruithe a chuirtear ar fáil. Déanfaidh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas athbhreithniú ar aon saincheist dá leithéid agus más cuí, sainaitheofar réitigh agus cuirfear a leithéid chun feidhme.

Tá na spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha códaithe ar mhaithe le héascaíocht tagartha. Chun críche tuairiscithe nuair a bhíodas ag tagairt do ghníomhartha, ba cheart tagairt a dhéanamh d'uimhir an ghnímh. I ndáil le gach gníomh, ba cheart taifead a choimeád maidir le cibé acu an bhfuil tús curtha leis an ngníomh, an bhfuiltear ag obair air nó an bhfuil an gníomh críochnaithe. I gcásanna nuair nach bhfuil tús curtha leis na gníomhartha, ba cheart sonraí a chur ar fáil sa nuashonrú maidir leis an gcúis atá lena leithéid agus an dáta a shamhlaítear a gcuirfear tús leis an ngníomh más infheidhme. Sa chás nach bhfuil aon dul chun cinn déanta i ndáil le gníomhartha, ba cheart é sin a thaifeadadh agus cúis a chur ar fáil. Ar an gcuma chéanna, sa chás go raibh staidéar féidearthachta mar bhonn le cinneadh a dhéanamh gan leanúint ar aghaidh le smaointe nó le tionscadail phiolótacha, ba cheart é sin a scríobh síos go soiléir agus a thaifeadadh chun críche pleanála a dhéanfar amach anseo.

8.8 Foinsí Sonraí

Anseo thíos tarraingítear aird ar roinnt foinsí sonraí a úsáideadh nuair a bhí an PÁEP á fhorbairt agus is féidir iad a úsáid freisin chun tacú le monatóireacht ar an dul chun cinn:

Déimeagrafaíocht Ghnó

Soláthraíonn an déimeagrafaíocht ghnó, a nuashonraítear go bliantúil, faisnéis maidir le líon fiontar, breitheanna agus básanna fiontair agus rátaí marthanais mar aon le figiúirí fostaíochta gaolmhara. Is féidir é a úsáid chun faisnéis maidir le fás fostaíochta a nuashonrú bunaithe ar an gcatagóir fiontair.

Faisnéis Daonáirimh

Cabhróidh staitisticí agus tacair sonraí ó Dhaonáireamh 2022 agus ó Dhaonáirimh a dhéanfar amach anseo le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i ndáil le roinnt gnéithe, go háirithe i ndáil le spriocanna, cuspóirí agus torthaí. San áireamh anseo tá faisnéis faoin daonra, leibhéal fostaíochta, príomhstádas eacnamaíoch, modh taistil (e.g., siúl, rothaíocht nó feithicil), measúnú sláinte ghinearálta, gnóthachtáil oideachais agus tuilleadh.

Críochnú Teaghaisí Nua POS

Tá sonraí Chríochnú Teaghaisí Nua POS bunaithe ar líon na dteaghaisí baile atá nasctha ag Líonra BSL leis an soláthar leictreachais. Á nuashonrú go ráithiúil, is féidir leis cabhrú le monatóireacht a dhéanamh ar an soláthar tithíochta sa Chontae agus ar cibé acu atá nó nach bhfuil sé oiriúnach chun tacú le fás agus le forbairt an Chontae.

Logeolaire

Soláthraíonn an Logeolaire faisnéis ar bhonn ráithiúil maidir le folúntas tráchtála agus cónaithe ag leibhéal Contae agus ag leibhéal an bhaile roghnaithe. Is féidir é a úsáid chun athruithe ar rátaí folúntais tráchtála agus cónaithe i mBaile Átha Cliath Theas a rianú. Is féidir cur leis sin trí úsáid a bhaint as torthaí ó sheiceálacha sláinte lár an bhaile má chuirtear a leithéid i gcrích sa Chontae in amfráma an PÁEP.

Rolluithe ÚAO bunaithe ar an Réigiún/Contae Baile IAO

Soláthraíonn an tÚdarás um Ard-Oideachas faisnéis, a nuashonraítear go bliantúil, maidir le rolluithe i ngach Contae. San áireamh tá sonraí maidir leis an institiúid, leibhéal an chúrsa agus modh staidéir i measc réimsí eile.

Suirbhé ar an bhFoireann Oibre (SFO)

Tháinig an Suirbhé ar an bhFoireann Oibre in ionad an tSuirbhé Teaghlaigh Ráithiúil agus tá meastacháin maidir leis an bhfoireann oibre ann a bhaineann le tomhas fostaíochta agus dífhostaíochta sa tír, bunaithe ar an réigiún freisin. Déantar an suirbhé a nuashonrú go ráithiúil.

Beochlár

Soláthraíonn an Beochlár faisnéis ar bhonn míosúil maidir le daoine a bhfuil sochar cuardaitheora poist agus liúntas cuardaitheora poist á lorg acu agus cuirtear faisnéis ar leibhéal Contae ar fáil. Go suntasach, níl sé deartha chun dífhostaíocht a thomhas de bhrí go bhfuil oibrithe páirtaimseartha, séasúracha agus ócáideacha san áireamh a d'fhéadfadh a bheith i dteideal sochair agus liúntais cuardaitheora poist a fháil.

Innéacs Díothachta Pobal HP

Léirítear in Innéacs Díothachta Pobal HP an leibhéal de rachmas agus díothacht fhoriomlán sa TL i dteannta le scóir dhíothachta ghaolmhara.

Tuascálacha an Chláir um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtaí Pobail (CISGP)

Eisíonn Pobal tuascálacha bliantúla a bhaineann leis an gClár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtaí Pobail, bunaithe ar an gContae, a áirítear iontu táscairí agus treochtaí sainaitheanta ó spriocghrúpa sonracha lena n-áirítear grúpaí mionlaigh, daoine dífhostaithe agus daoine scothaosta.



9

Aguisíní



Ballraíocht CFPÁ Chontae Bhaile Átha Cliath Theas

Edel Clancy – Príomhoifigeach, CFPÁ Chontae Bhaile Átha Cliath Theas

Maria Nugent – Comhordaitheoir CFPÁ

Earnáil	Ainm	Eagraíocht
Pobal – Leasanna Reachtúla (8)		
Údarás Áitiúil	Elaine Leech	Stiúrthóir Seirbhísí, CCBÁCT
	Thomas Rooney	Oifig Fiontair Áitiúil
	An Comhairleoir Yvonne Collins	Ionadaí Tofa
	An Comhairleoir Sarah Barnes	Ionadaí Tofa
	An Comhairleoir Alan Hayes	Ionadaí Tofa
Gníomhaireachtaí Stáit (íosmhéid 2)	Margaret McQuillan	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
	Eugene Donnelly	An Roinn Coimirce Sóisialaí
	Valerie Hogg – Leas-Chathaoirleach	Oifigeach Oideachais Aosaigh, Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Príobháideach – Leasanna Neamhreachtúla (11)		
Forbairt Áitiúil & Pobail	Simon Monds	Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas
Sochaí Shibhialta/Leasanna Pobail Áitiúil	Tricia Nolan, Cathaoirleach	Ionad Oibrithe Deonacha Chontae Bhaile Átha Cliath Theas
	Andy Leeson	Foróige
	An Dr Noel McCarthy	Ionadaí Pobail
	Helena Fitzgerald	Ionadaí Pobail
	Folúntas	Ionadaí Pobail
Colún Comhshaoil	Folúntas	Líonra Rannpháirtíochta Pobail - Colún Comhshaoil
Colún Pobail & Deonach	John Conroy	Líonra Rannpháirtíochta Pobail - Colún Pobail
	Sean Farrell	Líonra Rannpháirtíochta Pobail - Colún Pobail
Colún Ionchuimsithe Shóisialta	Sharon Harty	Líonra Rannpháirtíochta Pobail - Colún Ionchuimsithe
	Noreen Byrne	Líonra Rannpháirtíochta Pobail - Colún Ionchuimsithe

Is mian le CFPÁ Chontae Bhaile Átha Cliath Theas buíochas a ghabháil leis an gComhairleoir Kieran Mahon, an Comhairleoir David McManus, Larry O'Neill, agus Phil Mulvaney, baill a d'éirigh as a gcúraim le CFPÁ in 2024, as an obair luachmhar a rinne siad chun an PÁEP a fhorbairt. Bhí ról suntasach ag a ndíograis agus iarrachtaí siúd sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Forbartha nua a fhorbairt.

Baill CBS - Forbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireacht:	
Ball	Colún
An Comhairleoir Vicki Casserly (Cathaoirleach)	Ionadaí Poiblí
An Comhairleoir Jacqueline Sheehy	Ionadaí Poiblí
An Comhairleoir Justin Sinnott	Ionadaí Poiblí
An Comhairleoir Ronan McMahon	Ionadaí Poiblí
An Comhairleoir Shirley O'Hara	Ionadaí Poiblí
An Comhairleoir Pamela Kearns	Ionadaí Poiblí
An Comhairleoir Paddy Holohan	Ionadaí Poiblí
An Comhairleoir Liona O'Toole	Ionadaí Poiblí
Simon Van Lonkhuyzen	Gnó Tráchtála (thar lear)
Harry Simpson	Gnó Tráchtála (sa bhaile)
Betty Tyrrell-Collard	Ceardchumann
Lisa Rowntree	LRP
Prashant Shukla	LRP
An Dr Miriam O'Donoghue	Ollscoil Teicneolaíochta BÁC (Tamhlacht)





Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

Áras an Chontae, Lár an Bhaile, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.
Teil: 01 414 9000 | Facs: 01 414 9104 | Gréasán: www.sdcc.ie